



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Márta 2023
(OR. en)

7777/23

**Comhad Idirinstiúideach:
2023/0085 (COD)**

ENV 299
CLIMA 156
CONSOM 101
MI 236
IND 143
COMPET 259
CODEC 460

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Márta 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 166 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (Treoir maidir le Maímh Ghlasa)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 166 final.

Faoi iamh: COM(2023) 166 final



An Bhruiséil, 22.3.2023
COM(2023) 166 final

2023/0085 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl
(Treoir maidir le Maímh Ghlasa)**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

I mí an Mhárta 2022 bheartaigh an Coimisiún dlí tomhaltóirí an Aontais a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go gcosnófar tomhaltóirí agus chun iad a chumhachtú chun rannchuidiú go gníomhach leis an aistriú glas¹. Leis an togra seo soláthraítear rialacha níos sonraí (*lex specialis*) agus comhlánaítear na hathruithe a bheartaítear ar an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma² (*lex generalis*). Is é is aidhm don dá thogra dul i ngleic le sraith fadhbanna choiteann trí eilimintí difriúla den phacáiste beartais tosaíochta céanna a chur chun feidhme, arb eilimintí iad a shainaithnítear sa Mheasúnú Tionchair a foilsíodh in éineacht leis an tionscnamh maidir le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais³.

1.1. Forais agus cuspóirí an togra

- **Ról na dtomhaltóirí le dlús a chur leis an aistriú glas**

Sa Chomhaontú Glas don Eoraip⁴ gheall an Coimisiún go n-áiritheodh sé go gcumhachtófar tomhaltóirí chun roghanna níos eolaí a dhéanamh agus chun ról gníomhach a bheith acu san aistriú éiceolaíoch. Níos sonraí, leagtar gealltanais amach leis an gComhaontú Glas don Eoraip chun dul i ngleic le maímh chomhshaoil bhréagacha trí áirithiú go bhfaighidh ceannaitheoirí faisnéis iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe chun a chur ar a gcumas dóibh cinntí níos inbhuanaithe a dhéanamh agus an baol a laghdú go ndéanfar ‘glas- snasú’. Leagadh síos an gá le haghaidh a thabhairt ar an nglas- snasú mar thosaíocht dá éis sin faoin bPlean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach⁵ agus faoin gClár Oibre Nua do Thomhaltóirí⁶. Le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais⁷ a glacadh le déanaí, athdhearbhaítear an gá le ceadú do thomhaltóirí a roghanna a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis iontaofa thrédhearcach faoi inbhuanaitheacht, marthanacht agus lorg carbóin na dtáirgí, agus cuirtear i dtábhacht leis an bplean go bhfuil trédhearcacht an mhargaidh ina huirlis lena n-éascaítear glacadh táirgí glan- nialasacha atá níos fearr ó thaobh na teicneolaíochta agus an chomhshaoil de.

D’iarr Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún breithniú ar ghníomhaíocht bhreise sa réimse. I mí na Nollag 2020, ina cuid conclúidí maidir le téarnamh ciorclach agus glas a dhéanamh den téarnamh⁸, thug an Chomhairle a haird ar é a bheith ar intinn ag an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar bunús do mhaímh chomhshaoil ar bhonn na dtionchar comhshaoil ar feadh saolré táirgí. Sa rún dá cuid maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Nua

¹ An Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2005/29/CE agus 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóraacha agus trí fhaisnéis níos fearr, COM(2022) 143 final, ar fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:52022PC0143&from=EN>

² Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma’), *IO L 149, 11.6.2005, lch. 22–39*, arna leasú.

³ SWD(2022) 85 final; [EUR-Lex - 52022SC0085 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\)](#)

⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal The European Green Deal [An Comhaontú Glas don Eoraip], COM(2019)640.

⁵ COM(2020)98 final, 11 Márta 2020.

⁶ COM(2020)696 final, 13 Samhain 2020.

⁷ COM(2023)62final, 1 Feabhra 2023.

⁸ Conclúidí ón gComhairle, 14167/20.

don Gheilleagar Ciorclach⁹, thacaigh Parlaimint na hEorpa go láidir leis é a bheith ar intinn ag an gCoimisiún tograí a dhéanamh úsáid na maíomh comhshaoil a rialáil trí mhodhanna ríomha comhchuibhithe daingne a leagan síos lena gcumhdófar an slabhra luacha iomlán.

Tá tomhaltóirí ag iarraidh a bheith níos eolasaí faoi thionchair a dtomhaltais ar an gcomhshaoil agus roghanna níos fearr a dhéanamh. Ar na hiarrataí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa¹⁰ áirítear éileamh ar a thuilleadh trédhearcachta a mhéid a bhaineann le lorg táirgí ó thaobh na hinbhuanaitheachta agus an chomhshaoil de, go háirithe i dTogra 5 maidir le tomhaltas, pacáistiú agus táirgeadh inbhuanaithe agus Togra 20 maidir le Caighdeán i mbeartais chomhshaoil a shainiú laistigh den Aontas agus lasmuigh de. Is é an togra le haghaidh maímh chomhshaoil freagra an Choimisiúin ar an éileamh sin¹¹.

Ach creat reachtach an Aontais a chur i gcrích, lena dtacaítear le tomhaltas níos inbhuanaithe, rannchuideofar le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.6 a shroicheadh, is é sin, cuideachtaí, go háirithe cuideachtaí móra agus trasnáisiúnta, a spreagadh chun cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh agus chun faisnéis inbhuanaitheachta a chomhtháthú ina dtimthriall tuairiscithe⁷.

Beidh tionchar dearfach ag tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas sa réimse sin freisin ar shlabhra luacha domhanda a bhaineann le próisis táirgthe i dtríú tíortha. Dá thoradh sin, dreasóidh sé cuideachtaí tríú tír chun rannchuidiú leis an aistriú glas, go háirithe na gnólachtaí a thrádálann laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais. Thairis sin, cothófar an comhar iltaobhach le tríú tíortha chun dea- thuiscint ar an gcreat rialála nua agus ar a shochair a áirithiú. Ina theannta sin, leis na caibidlí faoin bhforbairt inbhuanaithe de chomhaontuithe trádála déthaobhacha agus réigiún- le- réigiún, is féidir deiseanna a chruthú le haghaidh comhar i gcomhréir le cuspóirí foriomlána an Aontais chun diminsean inbhuanaitheachta a bheartais trádála a mhéadú.

- **Bacainní roimh bhorradh a chur faoi acmhainneacht na margaí glasa san Aontas trí thomhaltóirí a chumhachtú**

In ainneoin thoilteanas na dtomhaltóirí rannchuidiú le geilleagar níos glaise agus níos ciorclaí ina ngnáthshaoil¹², maidir lena ról éifeachtach agus gníomhach san aistriú sin chuig an ngeilleagar glas, cuirtear bac air le bacainní roimh roghanna tomhaltais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a dhéanamh ag an bpointe díola, go háirithe easpa muiníne as inchreidteacht na maíomh comhshaoil agus iomadú na gcleachtais tráchtála míthreorach a bhaineann le hinbhuanaithe comhshaoil na dtáirgí.

Leis an bhfianaise a bhailítear chun tacú leis an measúnú tionchair³ a ghabhann leis an togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas, rud a ghabhann freisin leis an togra le haghaidh maímh chomhshaoil trí, idir a mheasúnú tionchair tosaigh¹³ agus a chomhairliúchán poiblí¹⁴, in éineacht le comhairliúchán poiblí breise a rinneadh in 2020¹⁵, tugtar le fios go dtarlaíonn cleachtais mhíthreoracha, amhail an

⁹ Rún ó Parlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach (2020/2077(INI))

¹⁰ [Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, Tuarascáil maidir leis an toradh deiridh, Bealtaine 2022](#)

¹¹ COM(2022)404final

¹² An Coimisiún Eorpach, Behavioural Study on Consumers' engagement in the circular economy [Staidéar Iompair ar Rannpháirtíocht na dtomhaltóirí sa gheilleagar ciorclach], 2018, lch. 10.

¹³ An Coimisiún Eorpach, Measúnú Tionchair Tosaigh: An tomhaltóir a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais, 2020.

¹⁴ Tá achoimre ar OPC ar fáil tríd an suíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh 'Cloisimis uait!': <https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12467-Empowering-the-consumer-for-the-green-transition>

¹⁵ [Feidhmíocht chomhshaoil táirgí & gnólachtaí – bunús a thabhairt le maíomhanna \(europa.eu\)](#)

glas- snasú agus easpa trédhearcachta agus inchreidteachta na lipéad comhshaoil, ag céimeanna éagsúla den turas tomhaltais: le linn na céime fógraíochta, na céime ceannacháin nó le linn úsáid na dtáirgí.

a) Bíonn ar thomhaltóirí dul i ngleic leis an gcleachtas go ndéantar maímh chomhshaoil atá doiléir nó nach dtugtar bunús maith leo ('glas- snasú')

Leis an togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais, ciallaíonn 'maíomh comhshaoil' aon teachtaireacht nó aon uiríoll nach bhfuil sainordaitheach faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear téacs, léiriú pictiúrtha, grafach nó siombalach, i bhfoirm ar bith, lena n-áirítear lipéid, ainmneacha branda, ainmneacha cuideachta nó ainmneacha táirgí, i gcomhthéacs cumarsáide tráchtála, lena sonraítear nó lena dtugtar le tuiscint go bhfuil tionchar dearfach nó nach bhfuil aon tionchar ag táirge nó trádálaí ar an gcomhshaoil nó nach ndéanann sé dochar don chomhshaoil ná mar a dhéanann táirgí nó trádálaithe eile, faoi seach, nó a bhfuil a dtionchar feabhsaithe le himeacht ama¹.

Rinne an Coimisiún dhá fhardal de mhaímh chomhshaoil: ceann in 2014¹⁶ agus ceann in 2020¹⁷. Breathnaíodh leis na staidéir ar shampla de 150 maíomh comhshaoil le haghaidh raon leathan táirgí in aghaidh phrionsabail na Treorach maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma² (UCPD): soiléireacht, neamh- dhébhríochas, cruinneas agus infhíoraitheacht. Fuarthas amach le staidéar 2020 go soláthraíonn **sciar nach beag de mhaímh chomhshaoil (53.3 %) faisnéis atá éiginnte, míthreorach nó gan bhunús** faoi shaintréithe comhshaoil táirgí ar fud an Aontais agus ar fud raon leathan de chatagóirí táirgí. Le fardal 2020 na maíomh comhshaoil, rinneadh anailís freisin ar an mbunús a tugadh leis na maímh sin, ag breathnú ar a soiléireacht, a gcruinneas, agus ar a mhéid a thugtar bunús leo le fianaise is féidir a fhíorú. Fuarthas amach leis an anailís nár tugadh bunús le **40 % de mhaímh**.

Deimhníodh na torthaí sin freisin le scuab- imscrúdú a rinne údaráis an Chomhair ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí i mí na Samhna 2020¹⁸. As na 344 maíomh inbhuanaitheachta a ndearnadh measúnú orthu, mheas údaráis gurbh amhlaidh **i mbreis agus leathchuid na gcásanna (57.5 %), nár sholáthair an trádálaí eilimintí leordhóthanacha lena bhféadfaí cruinneas an mhaímh a bhreithniú**. I roinnt mhaith cásanna, bhí deacrachtaí ag na húdaráis a shainaithint cé acu a cumhdaíodh nó nár cumhdaíodh an táirge iomlán nó díreach ceann amháin dá chomhpháirteanna leis an maíomh (50 %) cé acu a thagair nó nár thagair sé don chuideachta nó díreach do tháirgí áirithe (36 %) agus cén chéim de shaolré na dtáirgí a cumhdaíodh leis (75 %)¹⁹.

Thairis sin, d'aontaigh formhór na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo **gur fadhb é an glas- snasú**, ach ba shuntasach an rud é nach raibh ionadaithe tionscail ar aon tuairim leis sin. Chonaic breis agus an leathchuid díobh maímh mhíthreoracha agus chuir in iúl gur lú muiníne a bhí acu as ráitis agus lógónna comhshaoil a bhí á mbainistiú ag cuideachtaí nó eintitis phríobháideacha¹⁹. Ina theannta sin, thug formhór na bhfreagróirí ar na comhairliúcháin spriocdhírthe le fios go mbíonn feacht ar thionchair chomhshaoil na

¹⁶ [Consumer Market Study on Environmental Claims for Non-Food Products](#) [Staidéar ar an Margadh Tomhaltóirí maidir le Maímh Chomhshaoil le haghaidh Táirgí Neamhbhí], An Coimisiún Eorpach 2014.

¹⁷ Maímh chomhshaoil san Aontas Eorpach: Tuarascáil Chríochnaitheach an Fhardail agus an mheasúnaithe iontaofachta, An Coimisiún Eorpach, 2020. Le fáil ag https://ec.europa.eu/environment/eussd/smgp/pdf/2020_Greenclaims_inventory.zip

¹⁸ 2020 – sweep on misleading sustainability claims [2020 – scuab- imscrúdú maidir le maímh inbhuanaitheachta mhíthreoracha], [Sweeps \(europa.eu\)](#)

¹⁹ Scagadh suíomhanna gréasáin chun 'glas- snasú' a bhrath: fianaise in easnamh le haghaidh leathchuid na maíomh ghlasa, ar fáil ag: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_21_269

dtáirgí in easnamh ag tomhaltóirí toisc nach soláthraítear an fhaisnéis nó toisc nach mbíonn sí ar fáil²⁰.

I gcoitinne, **bíonn muinín an tomhaltóra as maímh chomhshaoil cuíosach íseal**. Le linn chomhairliúchán poiblí oscailte 2020¹⁵, níor aontaigh an pobal i gcoitinne leis an ráiteas go mbíonn muinín acu as ráitis chomhshaoil ar tháirgí (1.57/ 4.00)²¹. Bhí an leibhéal muiníne níos airde le haghaidh maímh faoi thrádálaithe²², ach fós íseal (2.25/4.00).

b) Bíonn ar thomhaltóirí dul i ngleic le húsáid na lipéad inbhuanaitheachta nach mbíonn trédhearcach ná inchreidte i gcónaí

Is fothacar de mhaímh chomhshaoil iad lipéid chomhshaoil. Bíonn na lipéid ina bhfoirm mharc iontaoibhe, mharc cáilíochta nó a choibhéis, lena ndéantar táirge/ próiseas nó gnó a shocrú ó chéile agus a chur chun cinn faoi threoir a ghnéithe chomhshaoil. Bíonn na lipéid sin bunaithe ar scéimeanna deimhniúcháin uaireanta (scéimeanna lipéadaithe chomhshaoil) lena ndeimhnítear go gcomhlíonann táirge/próiseas ceanglais na scéime a leagadh síos leis an scéim agus lena ndéantar faireachán ar an gcomhlíontacht.

Bíonn lipéid chomhshaoil atá ar mhargadh inmheánach an Aontais faoi réir leibhéal dhifriúla stóinseachta, maoirseachta agus trédhearcachta, i.e. múnlaí rialachais difriúla. Tá coinne leis go mbeidh an méadú atá ag teacht ar an líon éicilipéad ina údar le mearbhall breise, agus gnéithe difriúla á gcumhdach leis na héicilipéid, cuir chuige oibriúcháin dhifriúla á nglacadh leo agus iad faoi réir leibhéal dhifriúla ghrinnscrúdúcháin (e.g. oscailteacht an phróisis lena bhforbraítear iad nó leibhéal agus neamhspleáchas na hiniúcháireachta agus an fhíorúcháin)²³.

Sa staidéar ullmhúcháin chun fianaise a bhailiú ar bhealaí chun tomhaltóirí a chumhachtú chun ról gníomhach a bheith acu san glas²⁴, le measúnú a rinneadh ar 232 éicilipéad ghníomhacha san Aontas, scrúdaíodh a ngnéithe deimhniúcháin agus fíorúcháin freisin, agus thángthas ar an gconclúid maidir le beagnach **leathchuid na lipéad go raibh an fíorú lag nó nach ndearnadh fíorú**. Thairis sin, ní bhíonn tomhaltóirí ar an eolas faoin idirdhealú idir lipéid a rialaítear le scéimeanna deimhniúcháin tríú páirtí agus na scéimeanna deimhniúcháin sin atá bunaithe ar ‘féindeimhniúcháin’, i.e. nach bhfíoraíonn aon tríú páirtí iad.

Sa chomhairliúchán maidir leis an measúnú tionchair tosaigh²⁴ agus le linn na gcomhairliúchán spriocdhírthe, shainnadh páirtithe leasmhara as formhór na ngrúpaí páirtithe leasmhara **iomadú na lipéad agus na lógónna inbhuanaitheachta mar fhadhb leanúnach thábhachtach ar fud an Aontais**. Ar an gcaoi chéanna, sa chomhairliúchán poiblí oscailte, roghnaigh breis agus an ceathrú cuid de rannpháirtithe (27 %) ‘**iomadú agus/nó easpa trédhearcachta/ tuisceana/iontaofachta** na lógónna/lipéad inbhuanaitheachta ar tháirgí agus ar sheirbhísí’ **mar chonstaic ábhartha** roimh thomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais¹⁵.

²⁰ SWD(2022) 85 final, Iarscríbhinn 2, lch. 66

²¹ Tugadh freagraí ar scálaí 1-5 Likert. Tiontaíodh iad sin ina bpointí chun cuidiú lena gcur i láthair go comhsheasmhach agus chun méid an aontaithe a léiriú go maith. Fuair na freagraí ‘Níl a fhios agam’ 0 pointe, na freagraí ‘níl suim ar bith agam ann ar chor ar bith’ nó ‘níl sé éifeachtach ar chor ar bith’ 1 – ag ceann eile an scála, fuair na freagraí ‘an- suim agam ann’ nó ‘i gcónaí’ 4 pointe.

²² Tagraíonn maíomh faoi thrádálaí d’aon mhaíomh arna dhéanamh ag an trádálaí faoi féin mar eagraíocht, seachas do mhaíomh arna dhéanamh ag an trádálaí faoi cheann dá chuid táirgí (earraí nó seirbhísí).

²³ Preparatory study to gather evidence on ways to empower consumers to play an active role in the green transition [‘Staidéar ullmhúcháin chun fianaise a bhailiú maidir le bealaí chun tomhaltóirí a chumhachtú chun ról gníomhach a bheith acu san aistriú glas.’], Mí Dheireadh Fómhair 2021. Ar fáil ag [Togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas agus iarscríbhinn \(europa.eu\)](#)

²⁴ An Coimisiún Eorpach, Measúnú Tionchair Tosaigh: An tomhaltóir a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais, 2020- forbheathnú ar chomhairliúcháin in Iarscríbhinn 2 den Mheasúnú Tionchair, leathanach 69.

Le hiomadú sin na lipéad in éineacht leis na múnlaí rialachais éagsúla a bhaineann leo, tugtar le fios gur féidir le táirgeoirí agus miondíoltóirí straitéisí éagsúla a chur i bhfeidhm agus lipéad inbhuanaitheachta sonracha á roghnú acu. Rud a tharlaíonn go fíormhinic dá thoradh sin, is ea go dtaispeánann cuideachtaí lipéid éagsúla chun inbhuanaitheacht a dtáirgí a dheimhniú. **shaináithin 34 % de ghnólachtaí ‘iomadú agus/nó easpa trédhearcachta / tuisceana / iontaofachta na lógónna/lipéad inbhuanaitheachta’ mar chonstaic¹⁵.** Go deimhin, bíonn cuideachtaí a dhéanann iarracht cloí le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil iontaofa nó iad a fhorbairt faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le cuideachtaí a úsáideann lipéid chomhshaoil neamh- iontaofa toisc gur minic nach léir do thomhaltóirí aon difríocht eatarthu. Méadaíodh an fhadhb sin toisc a thapúla atá roinnt scéimeanna lipéadaithe (príobháideacha/saorálacha) tagtha chun cinn ar leibhéal náisiúnta / na mBallstát, **rud a fhágann go mbíonn an inchomparáideacht idir táirgí níos deacra fós le haghaidh tomhaltóirí.**

Taispeántar le haiseolas ó pháirtithe leasmhara go bhfuil **tacaíocht iontach láidir ann le gníomhaíocht ón Aontas** a bheidh in ann cur chuige coiteann a thabhairt i leith faisnéis inbhuanaitheachta a sholáthar do thomhaltóirí, **an chothroime iomaíochta le haghaidh gnólachtaí a threisiú** agus iomadú na lipéad agus na maíomh comhshaoil míthreorach a theorannú ar an Margadh Aonair¹⁴.

Bíonn cuideachtaí a thairgeann táirgí atá inbhuanaithe i ndáiríre faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leo siúd nach ndéanann amhlaidh. Chomh maith leis sin, bíonn siad **i mbaol costas comhlíontachta arda nach bhfuil gá leo a íoc** má thosaíonn Ballstáit ag tabhairt a réitigh náisiúnta éagsúla féin isteach ar na fadhbanna a luaitear thuas²⁵.

1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

• Tionscnamh an Aontais chun tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais

Leis an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma rialáiltear cleachtais mhíthreoracha agus easnaimh mhíthreoracha le forálacha ginearálta is féidir a chur i bhfeidhm maidir le maíomh chomhshaoil in idirbhearta idir gnólachtaí agus tomhaltóirí nuair a dhéanann siad difear diúltach do chinntí idirbhearta na dtomhaltóirí. Iarrtar leis an Treoir ar údarais cosanta tomhaltóirí na mBallstát measúnú a dhéanamh ar na cleachtais sin ar bhonn cás ar chás tar éis tástáil a bhaineann leis an gcinneadh idirbhearta (measúnú ar bhonn cás ar chás)²⁶. Leagtar dúliosta cleachtas tráchtála síos leis an Treoir freisin²⁷ ar cleachtais iad a mheasfar a bheith éagothrom i ngach imthoisc gan an gá le measúnú ar bhonn cás ar chás. Saothraítear neamhchomhlíonadh cheanglais na treorach nuair a chuireann an tomhaltóir éileamh isteach nó nuair a ghníomhaíonn údarás inniúil ar a thionscnamh féin.

Leis an togra chun leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma¹ téitear i ngleic le cuid de na fadhbanna a liostaítear i Roinn 1.1. (‘glas- snasú’ agus lipéid

²⁵ Tuilleadh faoi iarmhairtí na bhfadhbanna le haghaidh tomhaltóirí, an mhargaidh agus an chomhshaoil a chuimsítear in Iarscríbhinn 12 de SWD(2022)85 final

²⁶ Airteagail 6 agus 7 de Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha’) (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

²⁷ Iarscríbhinn I de Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha’) (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

inbhuanaitheachta neamh- thrédhearcacha). Cuirtear sraith beart chun feidhme leis an Treoir maidir le maímh chomhshaoil a eascraíonn as na roghanna beartais ab fhearr, lena n- áirítear:

- (1) Maidir leis an liosta **de shaintréithe an táirge in Airteagal 6(1) de Threoir 2005/29/CE nár cheart do thrádálaí dallamullóg a chur ar thomhaltóirí** ina leith, leasaítear é chun go n-áireofaí ‘**tionchar comhshaoil** nó sóisialta’, ‘**marthanacht**’ agus ‘**indeisitheacht**’.
- (2) Liosta na **ngníomhartha a mheasfar a bheith míthreorach** má bhíonn siad ina n- údar, nó más dócha go mbeidís **ina n- údar**, le cinneadh idirbhirt a bheith déanta ag ghnáth- thomhaltóir nach ndéanfaidís murach sin, in Airteagal 6(2) de Threoir 2005/29/CE, leasaítear é chun an méid seo a leanas a chuimsiú: *‘maíomh comhshaoil a dhéanamh a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil amach anseo gan gealltanais ná spriocanna infhíoraíthe, oibiachtúla, agus soiléire agus gan córas faireacháin neamhspleách a bheith ann.*
- (3) Liosta **na gcleachtas tráchtála a mheastar a bheith éagothrom i ngach imthoisc**, in Iarscríbhinn I de Threoir 2005/29/CE, leathnaítear é chun ceithre chleachtas atá bainteach leis an nglas- snasú a chuimsiú:
 - Lipéad inbhuanaitheachta a thaispeáint nach bhfuil bunaithe ar scéim deimhniúcháin nó nár bhunaigh údarais phoiblí.
 - Maíomh comhshaoil cineálach a dhéanamh nach bhfuil an trádálaí in ann feidhmíocht chomhshaoil aitheanta den scoth a léiriú ina leith atá ábhartha don mhaíomh.
 - Maíomh comhshaoil a dhéanamh faoin táirge ar fad nuair nach mbaineann sé ach le gné áirithe den táirge.
 - Ceanglais a fhorchuirtear le dlí ar na táirgí uile laistigh den chatagóir táirge ábhartha ar mhargadh an Aontais a chur i láthair mar ghné shainiúil de thairiscint an trádálaí.

Leis an togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais dá bhrí sin, tugtar aghaidh ar raon leathan cleachtas, táirgí agus modhanna díola ar bhealach níos ginearálaithe. Soláthraítear coimircí tábhachtacha leis chun tomhaltóirí a chosaint ó mhaímh chomhshaoil mhíthreoracha agus ó lipéid neamh- iontaofa.

- **Spregann gníomhartha eile an Aontais an tomhaltas inbhuanaithe trí fhaisnéis ar an gcomhshaol a sholáthar**

Sa bhreis ar an gcreat cosanta tomhaltóirí, tá creat reachtach de chuid an Aontais ann cheana lena bpléitear le soláthar na faisnéise ar an gcomhshaol, lena leagtar ceanglais mhodheolaíocha síos maidir le tionchair chomhshaoil a thomhas agus a ríomh, amhail modheolaíochtaí deimhniúcháin an Aontais maidir le haistrithe carbóin a forbraíodh faoin Rialachán maidir le Creat Deimhniúcháin le haghaidh Aistrithe Carbóin²⁸ (nuair a ghlacfar é), nó maidir le faisnéis agus lipéid faoi na tionchair chomhshaoil, nó gnéithe nó feidhmíocht chomhshaoil atá ag táirge nó trádálaí. Mar shampla, leis an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht²⁹ bunaítear creat chun ceanglais shainordaitheacha a leagan síos maidir

²⁸ COM(2022) 672 final

²⁹ Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú, L 285/10

leis an éicidhearthóireacht le haghaidh táirgí a bhaineann le fuinneamh chun a bhfeidhmíocht fuinnimh agus an dearthóireacht chiorclach a spreagadh agus múnlaí nua gnó a chothú. Ghlac ann Coimisiún togra freisin maidir le Rialachán nua maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe³⁰ i mí an Mhárta 2022 chun feabhas suntasach a chur ar an gclaocht, feidhmíocht fuinnimh, tionchair chomhshaoil agus gnéithe eile inbhuaine comhshaoil le haghaidh grúpaí táirgí tosaíochta sonracha. Leis an togra, beifear in ann ceanglais maidir le feidhmíocht agus faisnéis a leagan síos le haghaidh na gcatagóirí uile nach mór de tháirgí fisiceacha a chuirtear ar mhargadh an Aontais. Faoin bPlean gníomhaíochta um an ngeilleagar ciorclach agus faoin mbeartas maidir le táirgí de, áirítear ceanglais faisnéise ar thograí áirithe eile atá déanta ag an gCoimisiún, faoi na Rialacháin a bheartaítear maidir le táirgí foirgníochta a mhargú mar shampla³¹ agus maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola³².

Ina theannta sin, tá gníomhartha dlí ann a bhaineann le lipéid arna bhforbairt ar leibhéal an Aontais, idir lipéid shainordaitheacha agus shaorálacha, amhail Éicilipéad an Aontais Eorpaigh. Bunaíodh in 1992 é agus is é Éicilipéad an Aontais Eorpaigh lipéad saorálach oifigiúil an Aontais Eorpaigh le haghaidh bharr feabhais an chomhshaoil i dtaca le táirgí san Aontas a léiríonn feidhmíocht den chéad scoth. Leis an Rialachán maidir le hÉicilipéad³³ an Aontaigh Eorpaigh, leagtar síos rialacha maidir le bunú agus cur i bhfeidhm na scéime saorálaí sin. Ar reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le lipéid, áirítear an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS)³⁴, na Rialacháin maidir le lipéad na feirmeoireachta orgánaí³⁵, le lipéadú fuinnimh³⁶ agus le marcáil CE³⁷.

- **Sraith rialacha an Aontais maidir le maímh chomhshaoil a chur i gcrích**

Chun leanúint d'aghaidh a thabhairt ar fhadhb shainaitheanta an ghlas- snasaithe agus na lipéad comhshaoil neamh- iontaofa, d'fhéadfadh an creat atá i bhfeidhm faoi láthair tairbhiú de cheanglais níos sonraí maidir le maímh neamhrialáilte, bíodh sé le haghaidh grúpaí táirgí sonracha, earnálacha sonracha nó tionchair shonracha ar an gcomhshaoil nó gnéithe comhshaoil sonracha. **Comhlánaíonn an togra seo maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl sraith rialacha an Aontais atá ann cheana maidir leis an gcosaint tomhaltóirí mar *lex specialis*.** Leis an togra, beifear in ann na roghanna beartais ab fhéarr a shainaithear sa mheasúnú tionchair a chur chun feidhme go hiomlán, mar a thuairiscítear i Roinn 3.2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an togra le haghaidh maímh chomhshaoil dá réir:

³⁰ COM(2022) 142 final

³¹ Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n- aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5).

³² COM/2020/798 final.

³³ Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad AE (IO L 27, 30.1.2010, lch. 1).

³⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

³⁵ Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

³⁶ Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n- aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

³⁷ Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais um Éicidhearthóireacht maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú) (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

- Leibhéal na cosanta chomhshaoil a mhéadú agus rannchuidiú le dlús a chur leis an aistriú glas i dtreo gilleagar aeráidneodrach, glan agus ciorclach san Aontas;
- Tomhaltóirí agus cuideachtaí a chosaint ón nglas- snasú agus a chur ar a gcumas do thomhaltóirí rannchuidiú le dlús a chur leis an aistriú glas trí chinntí feasacha ceannaigh a dhéanamh bunaithe ar mhaímh agus lipéid chomhshaoil inchreidte;
- Feabhas a chur ar an deimhneacht dhlíthiúil a mhéid a bhaineann le maímh chomhshaoil agus leis an gcothroime iomaíochta ar an margadh inmheánach, borradh a chur faoi iomaíochas na n- oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann iarrachtaí chun inbhuaine chomhshaoil a dtáirgí agus a ngníomhaíochtaí a mhéadú, agus deiseanna coigiltis chostais a chruthú le haghaidh oibreoirí den sórt sin a thrádálann thar theorainneacha.

Tá raon feidhme an togra seo, arb é *lex specialis* atá ann, ailínithe leis an *lex generalis* comhfhreagrach. Leis an Treoir athbheithnithe maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma, cumhdaítear na cleachtais tráchtála shaorálacha uile idir gnólachtaí agus tomhaltóirí roimh idirbheart tráchtála i ndáil le táirge, lena linn agus dá éis. Le raon feidhme an togra seo cumhdaítear bunús a thabhairt le **maímh chomhshaoil shaorálacha agus iad a chur in iúl**.

Ar an mbealach céanna, leis an togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais, pléitear le lipéid inbhuanaitheachta lena gcumhdaítear *gnéithe chomhshaoil nó sóisialta nó iad araon*. Tá an togra seo teoranta do **lipéid chomhshaoil** amháin áfach, i.e. na lipéid sin lena gcumhdaítear gnéithe *comhshaoil* táirge nó trádálaí go príomha.

Mar a luaitear, i dtaca leis an togra le haghaidh maímh chomhshaoil **tá sé i gceist go ngníomhóidh sé mar eangach shábháilteachta le haghaidh na n- earnálacha uile nach bhfuil maímh ná lipéid chomhshaoil rialáilte iontu ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Níl sé mar aidhm ag an togra rialacha earnála atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a athrú**. Os a choinne sin, tabharfar tosaíocht do na ceanglais maidir le measúnú agus cur in iúl a leagtar amach i reachtaíocht eile de chuid an Aontais ar na ceanglais a leagtar amach sa togra, agus ba cheart iad a úsáid dá réir chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl sna réimsí sonracha sin.

1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Leis an togra le haghaidh maímh chomhshaoil, tacaítear le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus rannchuidítear leis le trí ghéarchéim an athraithe aeráide, an truaillithe agus na cailliúna bithéagsúlachta a réiteach. Rannchuidíonn sé leis an gcomhrac in aghaidh an ghlas- snasaithe a sainathnódh mar thosaíocht i bplean gníomhaíochta nua an Choimisiúin don gilleagar ciorclach⁵ agus sa chlár oibre nua do thomhaltóirí⁶. Leis an togra, treiseofar straitéisí uileghabhálacha freisin amhail an plean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú³⁸ nó an straitéis bhithéagsúlachta go dtí 2030³⁹ agus comhlánaíonn sé straitéisí lena ndírítear ar earnálacha sonracha, amhail an straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc⁴⁰, nó saincheisteanna, amhail na glaonna chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar athúsáid an uisce i straitéis an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide⁴¹.

Mar a thuairiscítear, leis an togra seo le haghaidh treoir maidir le maímh chomhshaoil agus leis an togra lena leasaítear an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma, bunaítear creat beartais comhleanúnach leo go comhpháirteach chun cuidiú leis an Aontas san aistriú

³⁸ https://ec.europa.eu/environment/strategy/zero-pollution-action-plan_ga

³⁹ COM(2020) 380 final

⁴⁰ [COM/2020/381 final.](#)

⁴¹ COM(2021) 82

glas trí phatrún tomhaltais a athrú ó bhonn i dtreo treo níos inbhuanaithe. Is é is aidhm dóibh rannchuidiú le margadh inmheánach níos glaise trí spreagadh a thabhairt chun lorg comhshaoil na dtáirgí a ídítear san Aontas a laghdú. Rannchuideoidh siad freisin le cuspóir an Dlí Aeráide Eorpaigh a shroicheadh, is é sin, astaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa laistigh den Aontas a chothromú faoi 2050 ar a dhéanaí trí dhul i ngleic le maímh a bhaineann le hastaíochtaí GCT a laghdú agus leis an aeráidneodracht.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

2.1 Bunús dlí

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), airteagal a bhfuil feidhm aige maidir le bearta a bhfuil sé d'aidhm acu feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a bhunú nó a áirithiú, agus ardleibhéal cosanta comhshaoil mar bhonn leis.

Le ceanglais dhifriúla á bhforchur le reachtaíocht náisiúnta nó le tionscnaimh phríobháideacha lena rialáiltear maímh chomhshaoil, cruthaítear ualach gan ghá le haghaidh cuideachtaí agus iad ag trádáil trasteorann, toisc gur gá dóibh ceanglais dhifriúla a chomhlíonadh i ngach tír. Déanann sé sin difear dá n- inniúlacht chun oibriú sa mhargadh inmheánach agus leas a bhaint as. An tráth céanna, bíonn deacrachtaí ag rannpháirtithe sa mhargadh maímh chomhshaoil iontaofa a shaináithint agus cinntí ceannaigh barrmhaithe a dhéanamh sa mhargadh inmheánach.

Is é is aidhm don togra dá bhrí sin feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú le haghaidh gníomhaithe eacnamaíocha a oibríonn sa mhargadh inmheánach agus le haghaidh tomhaltóirí a bhraiteann ar maímh chomhshaoil. Leis na bearta a bheartaítear sa Treoir seo, méadófar leibhéal na cosanta comhshaoil, agus beidh tuilleadh comhchuibhithe ann dá thoradh maidir le maímh chomhshaoil a rialáil an tráth céanna, agus sheachnófaí ilroinnt an mhargaidh i ngeall ar chuir chuige náisiúnta dhibhéirseacha a tugadh isteach nó a thabharfaí isteach in éagmais rialacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Is é an diminsean ó thaobh an mhargaidh inmheánaigh de, go sroichfear an cuspóir comhshaoil, an príomhdhiminsean agus is é Airteagal 114 an bunús dlí iomchuí fós dá bhrí sin.

2.2 Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá sé fíor-riachtanach go gcuirfear tacar rialacha coiteann i bhfeidhm laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais chun cothroime iomaíochta a áirithiú le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha. Má ghníomhaíonn na Ballstáit go haonarach, bheadh leibhéal na cosanta comhshaoil fós fo- optamach agus tá baol ann go n- úsáidfí córais dhifriúla iomaíocha, bunaithe ar mhodhanna agus ar chuir chuige dhifriúla.

Ní shonraítear leis an togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistriú ghlais an méid ar cheart do chuideachtaí a dhéanamh chun bunús a thabhairt dá maímh chomhshaoil i gceart. Is é cuir chuige, i leith bunús a thabhairt le maímh, a bheadh dhibhéirseach go maith ar fud an Aontais, a d'fhéadfadh a bheith ann dá thoradh sin. Dhéanfaí an margadh inmheánach a ilroinnt leis sin trí na coinníollacha iomaíochta a shaobhadh agus d'fhágfaí gur ghá na maímh a leasú/a mhodhnú gach uair dá dtrasaítear teorainneacha inmheánacha. Tagann éiginnteacht dhlíthiúil leis sin dá réir agus ardaítear costais chomhlíontachta mar aon leis an iomaíocht éagórach sa Mhargadh Aonair agus déanann sé dochar d'fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh.

Is maith mar is féidir leis an Aontas tuilleadh comhchuibhithe a chur chun cinn maidir le ceanglais mhodheolaíocha chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair chomhshaoil atá ag táirgí, seirbhísí agus eagraíochtaí ar fud an Mhargaidh Aonair, ag brath ar eispéiris na mBallstát agus ar thionscnaimh príobháideacha sa réimse sin. **Is féidir leis an Aontas breisluach tábhachtach a thabhairt**, agus thabharfaí coigilteas costais le haghaidh rialtas agus na hearnála príobháidí ach tuilleadh comhordaithe a dhéanamh.

Taispeánann aiseolas ó pháirtithe leasmhara tacaíocht iontach láidir le haghaidh gníomhaíocht ón Aontas a bheadh in ann **cur chuige coiteann** a thabhairt i leith faisnéis inbhuanaitheachta a sholáthar do thomhaltóirí agus **iomadú na lipéad agus na maíomh comhshaoil míthreorach a theorannú**. Dá ngníomhódh na Ballstáit go haonarach agus gan creat treorach, tá baol mór ann go mbeidh roinnt mhaith córas difriúil iomaíoch ann a d'fhágfadh margadh inmheánach ilroinnte go háirithe le haghaidh seirbhísí trasteorann (mar shampla, seirbhísí digiteacha).

Tá bunús maith le gníomhaíocht ón Aontas agus is gá í toisc, le margadh inmheánach comhchuibhithe an Aontais a fheidhmeoidh go maith maidir le maímh chomhshaoil, mhéadófaí leibhéal na cosanta comhshaoil agus leagfaí cothroime iomaíochta síos le haghaidh gnólachtaí a oibríonn san Aontas. Leis an togra maolaítear freisin na deacrachtaí a bhíonn roimh údarais náisiúnta agus iad ag forfheidhmiú na bhforálacha atá ann cheana, atá bunaithe ar phrionsabal agus a bhaineann leis an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma i réimsí casta amhail maímh chomhshaoil mhíthreoracha. Le tuilleadh comhordaithe ón Aontas, tagann coigilteas costais le haghaidh rialtais agus gníomhaithe príobháideacha araon a bhfuil baint acu leis seo, agus láidritear an gh iaráil ar phróisis dhomhanda ghaolmhara, lena n- áirítear slabhra luacha domhanda.

2.3 Comhréireacht

Ní mó na bearta sa togra ná an méid is gá chun a chur ar a gcumas do thomhaltóirí cinní feasacha ceannaigh a dhéanamh agus chun an tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn, bunaithe ar fhaisnéis iontaofa agus fhíoraithe.

Comhréireacht na gcritéar ginearálta le haghaidh maíomh comhshaoil a úsáidtear i margaíocht i dtreo tomhaltóirí, áiríthítear í trí cheanglais aonfhoirmeacha a thabhairt isteach ar cheart do chuideachtaí iad a leanúint agus maímh den sórt sin á ndéanamh acu. Ní cheanglaítear leis an togra seo aon mhodh measúnúcháin sonracha chun bunús a thabhairt d'aon mhaíomh comhshaoil ar leith agus braitheann sé ar cheanglais ghinearálta a ghineann faisnéis iontaofa le haghaidh tomhaltóirí. Soláthrófar critéir aonfhoirmeacha do chomhlachtaí náisiúnta inniúla leis an togra freisin. **Cuideoidh sé sin leo measúnú a dhéanamh ar chothroime aon mhaímh chomhshaoil, rud lena soláthrófar ardleibhéal deimhneachta dlíthiúla agus lena n- éascófar gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin**. Is é toradh breithnithe chuimsithigh ar ionchur ó pháirtithe leasmhara é freisin, go háirithe ó ghnólachtaí, lena n- áirítear FBManna.

Baineann comhréireacht na gceanglas maidir le lipéid chomhshaoil le cothroime a léirithe i margaíocht do thomhaltóirí. Níl ach líon teoranta ceanglas aonfhoirmeach ann chun trédhearcacht agus inchreidteacht na lipéad sin i dtreo úsáideoirí a áirithiú. Áiríthítear leis na ceanglais aonfhoirmeacha sin nach mbíonn costais dhíreireacha roimh na heintitis a réachtálann lipéid chomhshaoil, ná roimh na cuideachtaí a chuireann isteach ar na lipéid sin. An tráth céanna, áiríthíofar ardleibhéal deimhneachta dlíthiúla le haghaidh cuideachtaí leis. Trí chritéir aonfhoirmeacha a sholáthar do chomhlachtaí náisiúnta inniúla chun measúnú a dhéanamh ar chothroime úsáide aon lipéid chomhshaoil, éascófar gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin leis an mbeart sin agus saothrófar ardleibhéal cosanta tomhaltóirí.

2.4 An rogha ionstraim

Ionstraim dhlíthiúil neamhspleách atá sa togra nach ndéanfaí leasú leis ar reachtaíocht atá ann cheana. Leagtar creat síos leis maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shaorálacha. I bhfianaise gurb é is aidhm dó an chosaint tomhaltóirí a áirithiú i réimse a rialáiltear le Treoracha, is fearr a oireann an fhoirm dhlíthiúil sin leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus leis na sásraí forfheidhmiúcháin atá leagtha síos ag na Ballstáit. Meastar dá bhrí sin gurb í Treoir an ionstraim is iomchuí.

3. TORADH NA GCOMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA & MEASÚNÚ TIONCHAIR, COMHLÍONTAUGHT LE PRIONSABAIL NA RIALÁLA NÍOS FEARR & CEARTA BUNÚSACHA

3.1. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

I bpróiseas ullmhúcháin an togra seo, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Roinnt comhairliúchán poiblí i gcomhthéacs an togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistriúcháin^{15,42}.
- Comhairliúchán poiblí maidir leis an gcreat do bheartas maidir le táirgí le haghaidh an gheilleagair chiorclaigh, ina raibh roinn a bhí tiomnaithe do roghanna beartais ionchasacha amach anseo bunaithe ar mhodhanna an Loirg Comhshaoil (ó 29 Samhain 2018 go 24 Eanáir 2019)⁴³. As na 291 fhreagróir, thug roinnt le fios gur cheart é a bheith de shaoirse ag cuideachtaí an bealach a ghineann siad faisnéis ar an gcomhshaoil a roghnú, ar choinníoll go gcomhlíonann siad íoschritéir chun an glas- snasú a sheachaint. Chuir freagróirí i dtábhacht freisin an gá leis an tsolúbthacht maidir leis an modh cumarsáide: níor cheart go mbeadh sé éigeantach lipéad nó cód *QR* a úsáid chun faisnéis a sholáthar, toisc go bhféadfadh an cineál faisnéise agus an leibhéal mionsonraí a bheith ag brath ar an spriocphobal. Chuir na freagróirí i dtábhacht freisin gur gá uirlis nó tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach a thairiscint le haghaidh FBManna lena chur chun feidhme.
- Comhairliúcháin spriocdhírith ar líne a raibh baint ag príomh- pháirtithe leasmhara leo agus a bhain le modhanna an Loirg Comhshaoil (ón 12 Samhain 2018 go 18 Samhain 2018) agus 124 freagróir páirteach iontu⁴⁴.
- Comhairliúchán poiblí oscailte i dtaca leis an tionscnamh maidir le maímh ghlasa, idir an 27 Lúnasa agus an 3 Nollaig 2020, a ndearnadh 362 rannchuidiú tríd¹⁶.
 - Mhol roinnt *comhlachas gnó* úsáid eagraíochtaí deimhniúcháin/fiorúcháin neamhspleácha a oibríonn i gcomhréir le ISO14025.
 - Chuir *cuideachtaí móra i dtábhacht* gur cheart solúbthacht a bheith i gcreat an Aontais maidir leis an meán cumarsáide a úsáidtear chun maímh a dhéanamh.
 - Chuir *ENRanna comhshaoil* in iúl nár cheart scóir chomhshaoil aonair a bheith ina mbealach chun comhbhabhtálacha a cheilt, ar chor ar bith, agus gur cheart scóir den sórt sin a sheachaint.

⁴² Is féidir teacht ar fhorbhreathnú ar na comhairliúcháin uile a rinneadh i gcomhthéacs an Mheasúnaithe Tionchair in Iarscríbhinn 2 de COM(2022)85 final

⁴³ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/1740-Towards-an-EU-Product-Policy-Framework-contributing-to-the-Circular-Economy_en

⁴⁴ https://ec.europa.eu/environment/eussd/smgp/pdf/EF_stakeholdercons19.pdf

- Thug *ENRanna tomhaltóirí* le fios freisin go bhféadfaí bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil le huirlisí atá ann cheana amhail éicilipéid chineál 1, *Eco Lighthouse*, EMAS agus ISO14001.
- Cheap dornán ionadaithe ó *údaráis phoiblí* gur cheart é a bheith indéanta bunús a thabhairt le maímh le héicilipéid ‘oifigiúla’ amhail *Nordic Swan* agus Éicilipéad an Aontais Eorpaigh. B’fhearr de bheagán le húdaráis riaracháin phoiblí an deimhniú agus an fíorú neamhspleách.
- Maidir le *saoránaigh*, is é deimhniú/fíorú neamhspleách ag eagraíochtaí creidiúnaithe an rogha thosaíochta.

Ceardlann le páirtithe leasmhara lenar bhain roinnt seisiún i mí na Samhna 2020 a bhí tiomnaithe don aiseolas foriomlán, aiseolas faoi roghanna cumarsáide, dúshlán choincréiteacha le haghaidh cuideachtaí maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil, d’iontaofacht na faisnéise agus d’impleachtaí le haghaidh éicilipéad; agus ghlac 200 páirtí leasmhar páirt in aghaidh an tseisiúin ar an meán sa cheardlann⁴⁵. Deimhníodh leis na ceardlanna gur gá aghaidh a thabhairt ar an nglas- snasú agus gur gá cur chuige comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais. Thug roinnt páirtithe leasmhara le fios gur gá leanúint d’Éicilipéad an Aontais Eorpaigh a úsáid mar aon leis na héicilipéid iontaofa eile de chineál I.

3.2 Measúnú tionchair

3.2.1 *Fadhb a shainmhíniú & rogha beartais ab fhearr*

Tá an togra seo bunaithe ar an measúnú tionchair a foilsíodh in éineacht leis an togra ón gCoimisiún maidir le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais⁴⁶. D’eisigh Bord um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB) an Choimisiúin tuairim dhiúltach le barúlacha cuimsitheacha ar dtús an 5 Feabhra 2021. Tar éis athbhreithniú suntasach a dhéanamh ar an gcéad dréacht, thug an Bord tuairim dhearfach ina raibh tuilleadh barúlacha an 17 Meán Fómhair 2021⁴⁷. Mínítear in Iarscríbhinn I den mheasúnú tionchair an chaoi ar tugadh aghaidh ar bharúlacha an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála.

Sainaithnítear sa mheasúnú tionchair dhá fhadhb atá roinnte i roinnt fo-fhadhbanna. Díritear leis an togra seo ar cheann amháin den dá fhadhb agus ar dhá cheann dá cuid fofhadhbanna.

Fadhb 2: Bíonn ar thomhaltóirí dul i ngleic le cleachtais tráchtála mhíthreoracha a bhaineann le hinbhuanaitheacht táirgí.

Fofhadhb 2.2: Bíonn ar thomhaltóirí dul i ngleic le maímh chomhshaoil ó chuideachtaí atá doiléir nó nach bhfuil cuí- réasúnaithe go maith (‘glas-snasú’).

Fofhadhb 2.3: Bíonn ar thomhaltóirí dul i ngleic le lipéid inbhuanaitheachta nach mbíonn trédhearcach ná inchreidte i gcónaí⁴⁸.

Rinneadh roinnt roghanna beartais a mheas i gcás gach fo-fhaidhbe. Tá an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma agus a leasú deartha chun gníomhú mar *lex generalis*. Dá réir sin, cinneadh maidir le roinnt eilimintí de na roghanna beartais ab fhearr a roghnaíodh sa mheasúnú tionchair chun dul i ngleic le fofhadhb 2.2. agus le fofhadhb 2.3, nach gcuirfí chun feidhme iad tríd an tionscnamh maidir le Tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe

⁴⁵ Tá breis faisnéise le fáil ag: https://ec.europa.eu/environment/eussd/smgp/initiative_on_green_claims.htm

⁴⁶ SWD(2022) 85 final

⁴⁷ SEC(2022) 165

⁴⁸ Ní dhírítear leis an togra seo ar uirlisí faisnéise digiteacha ar a dtugtar aghaidh sa togra le haghaidh Tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais.

ghlais ach trí *lex specialis* tiomnaithe agus comhlántach, togra le haghaidh maímh chomhshaoil.

Bunaithe ar anailís ilchritéar, mar aon le hanailís chostais is tairbhe agus measúnú cáilíochtúil ar chomhréireacht na roghanna éagsúla a breithníodh, moladh meascán de dhá rogha beartais tosaíochta⁴⁹ chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin:

(1) Toirmeasc ar mhaímh chomhshaoil nach gcomhlíonann tacar íoschritéar⁵⁰ (chun aghaidh a thabhairt ar fhofhadhb 2.2)

D'áiritheofaí leis an rogha thosaíochta go mbeadh tomhaltóirí cosanta ar an nglas-snasú, ós rud é go mbeidh caighdeán áirithe ag teastáil uathu siúd a dhéanann na maímh sin. D'éascódh sé forfheidhmiú ag údaráis cosanta tomhaltóirí freisin.

(2) Toirmeasc ar lipéid inbhuanaitheachta nach gcomhlíonann íoscheanglais trédhearcachta agus inchreidteachta⁵¹ (chun aghaidh a thabhairt ar fhofhadhb 2.3)

D'áiritheofaí leis an rogha thosaíochta go mbeadh tomhaltóirí cosanta ar a bheith curtha ar míthreoir ag lipéid agus uirlisí den sórt sin.

Thairis sin, le linn ullmhú an tionscnaimh seo, saináithníodh na bearta breise seo a leanas chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht rialacha an Aontais maidir le maímh chomhshaoil a mhéadú:

- **sásra fíorúcháin a bhunú** chun éascú le háiritiú, go n-urramófar íoschritéir maidir le bunús a thabhairt le maímh, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, chun go gcruthófar cothroime iomaíochta ar mhargadh an Aontais, agus chun go mbeidh tuilleadh deimhneachta dlíthiúla ag cuideachtaí a oibríonn ar an margadh aonair agus níos lú ualach orthu;
- **úsáid na scór comhiomlánaithe ar thionchair ar an gcomhshaoil** le bheith teoranta do mhaímh chomhshaoil, lena n-áirítear lipéid, arna mbunú **ar leibhéal an Aontais Eorpaigh amháin** agus é mar aidhm aige sin go n-áiritheofar **cur chun feidhme** na gceachtanna a foghlaimíodh ón obair ar mhodh caighdeánaithe coiteann ar leibhéal an Aontais Eorpaigh (féach bosca thíos);
- an fhéidearthacht chun **micrifhiontair a eisiamh** ó na ceanglais maidir le bunús a thabhairt **agus** rialacha nasctha maidir le cumarsáid chun tionchair dhíríreacha ar na trádálaithe is lú a sheachaint;
- chun **iomadú na lipéad comhshaoil a theorannú go héifeachtach** agus iarrachtaí a dhíriú ar ghlacadh na scéimeanna poiblí atá ann cheana agus ar cheanglais maidir le lipéadú a fhorbairt ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le haghaidh an mhargaidh aonair,
 - níor cheart do na Ballstáit cruthú scéimeanna príobháideacha nua a fhorghnóthú ach amháin más rud é go soláthraíonn siad breisluach agus sa chás sin amháin, agus
 - ba cheart cruthú scéimeanna poiblí nua ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach a bheith toirmisce. Níor cheart scéimeanna poiblí nua a fhorbairt ach ar leibhéal an Aontais amháin.

⁴⁹ SWD(2022) 85 final, Roinn 7: Roghanna Beartais Ab Fhearr, lch. 59.

⁵⁰ SWD(2022)85 final, lgh. 29-30

⁵¹ SWD(2022)85 final, lgh. 31-32

Ceachtanna a foghlaimíodh ón obair ar mhodheolaíocht chaighdeánach chun bunús a thabhairt le maímh maidir le tionchair chomhshaoil

Le linn an ullmhúcháin tosaigh le haghaidh tionscnamh maidir le maímh ghlasa, sheol an Coimisiún Eorpach obair agus comhairliúcháin maidir leis an rogha chun *modheolaíocht chaighdeánach* a úsáid chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil. Le raon feidhme na hoibre sin, díriodh ar úsáid a bhaint as modhanna loirg chomhshaoil eagraíochta agus táirge an Aontais chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil. De réir na catagóire táirge, fágann na modhanna sin⁵² gurbh fhéidir feidhmíocht chomhshaoil táirge nó eagraíochta ar feadh an tslabhra luacha a thomhas, ó thráth eastósctha na n- amhábh ar go deireadh na saolré. Is é is aidhm do mhodhanna an loirg chomhshaoil modheolaíochtaí feiceálacha agus láidre a sholáthar arna bhforbairt agus trédhearcacht iomlán i gceist in éineacht le páirtithe leasmhara agus bunaithe ar fhianaise eolaíoch.

San obair ullmhúcháin, mheas an Coimisiún mar cheann de na roghanna sin creat dlíthiúil de chuid an Aontais a bhunú lena gceanglófaí ar chuideachtaí, a dhéanann maímh a bhaineann leis na tionchair a chumhdaítear le modhanna an loirg chomhshaoil,⁵³ bunús a thabhairt do na maímh sin trí na modhanna sin. Mar sin féin, fiú más cuidiú iad modhanna an loirg chomhshaoil do ghnólachtaí chun na réimsí a shainaithint mar ar cheart dóibh feabhas a chur ar a dtionchar ar an gcomhshaoil agus ar a bhfeidhmíocht chomhshaoil, agus fiú más féidir leo bunús leormhaith a thabhairt do mhaímh áirithe maidir le roinnt catagóirí táirge, ní chumhdaítear na catagóirí tionchair ábhartha uile leis na modhanna le haghaidh na gcineálacha táirgí uile fós (e.g. a mhéid a bhaineann le hiascaigh mhuirí – inbhuanaitheacht an stoic éisc ar a ndírítear; a mhéid a bhaineann le táirgí bia agus talmhaíochta – bithéagsúlacht ar an leibhéal feirme agus cosaint an dúlra, mar aon le cleachtais feirmeoireachta difriúla, a mhéid a bhaineann le teicstílí - scaoileadh micreaphlaisteach) agus d'fhéadfaidís pictiúr neamhiomlán a thabhairt dá bhrí sin ar dhintíúir chomhshaoil tháirge i gcomhthéacs na maíomh chomhshaoil. Ina theannta sin, déantar roinnt mhaith maíomh chomhshaoil maidir le gnéithe chomhshaoil (e.g. marthanacht, in- athúsáideacht, indeisitheacht, in- athchúrsáilteacht, ábhar athchúrsáilte, úsáid ábhair nádúrtha) nach mbíonn modhanna an loirg chomhshaoil oiriúnach dóibh mar an t- aon mhodh amháin le bunús a thabhairt do na maímh sin. Tá teorainneacha i gceist má táthar chun aghaidh a thabhairt ar réimse na maíomh chomhshaoil, atá an- leathan agus ag athrú go tapa, trí bhíthin modh aonair. Modh aonair a fhorordú, amhail an lorg chomhshaoil, mar an mhodheolaíocht chaighdeánach lena dtugtar bunús le gach maíomh chomhshaoil, ní bheadh sé iomchuí agus bheadh baol i gceist leis le haghaidh cuideachtaí nach mbíonn in ann gnéithe nó feidhmíocht chomhshaoil ábhartha a chur in iúl i ndáil lena dtáirgí nó lena ngníomhaíochtaí.

Ar na cúiseanna sin agus bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin, ar mheasúnú inmheánach ar na himpleachtaí i dtéarmaí an ualaigh ar chuideachtaí agus malartuithe breise le páirtithe leasmhara, níor saothraíodh an rogha chun úsáid a bhaint as *aon mhodheolaíocht chaighdeánach amháin* chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil. Ina áit sin, measadh gurbh iomchuí cur chuige níos solúbtha bunaithe ar an rogha beartais ab fhearr ón measúnú tionchair a forbraíodh le haghaidh an tionscnaimh maidir le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais.

⁵² Tá tuilleadh faisnéise faoi na modhanna agus ar an gceim phíolótach ar lena linn a tástáladh iad le fáil anseo: <https://ec.europa.eu/environment/eussd/smgp/>

⁵³ An t- athrú aeráide, an t- ídiú ózóin, tocsaineacht don duine – ailse, tocsaineacht don duine – neamhailse, ábhar cáithnínach, radaíocht ianúcháin – sláinte an duine, foirmiú ózóin fótaiceimicigh – sláinte an duine, an t- aigeadú, an t- eotrófú – talún, an t- eotrófú – fionnuisce, an t- eotrófú – muirí, an éiceatocsaineacht – fionnuisce, talamhúsáid, úsáid uisce, úsáid acmhainní – mianraí agus miotail, úsáid acmhainní – iontaisí.

3.2.2. *Tionchair na rogha beartais ab fhearr*

Den rogha beartais ab fhearr a d'eascair as an anailís chostais is tairbhe ar an measúnú tionchair, rinneadh roinnt forálacha sa togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais agus sa togra le haghaidh maímh chomhshaoil freisin. Baineann na tionchair a liostaítear thíos leis an rogha bheartais ab fhearr, ar an iomlán, agus cuimsítear tograí ón dá thogra leo dá réir.

Áirítear leis an togra bearta atá ábhartha maidir le cur chuige 'ceann isteach, ceann amach' an Choimisiúin i leith ualach riaracháin a laghdú agus a tuairiscíodh agus ar ar tugadh cuntas sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais.

- **Tionchair lena bhfuil coinne ón raon feidhme a leagtar síos**

Leis an togra tugtar isteach íoscheanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl, atá faoi réir fíorú tríú páirtí agus atá le soláthar sula n-úsáidfean an maíomh i gcumarsáid tráchtála. Cé go bhfuil coinne leis go gcuirfead deireadh le maímh mhíthreoracha nó bhréagacha leis an mbeart sin agus go mbeidh sé ina chuidiú chun forfheidhmiú ceart a áirithiú, cuirfead costas breise leis ar thrádálaithe ar mian leo maímh den sórt sin a dhéanamh. Tá coinne leis gurb airde, go comhréireach, an tionchar a bheidh ar fhiontair níos lú ná an tionchar a bheidh ar chuideachtaí níos mó. Ar an gcúis sin, agus chun a áirithiú nach ndéanfaidh an costas riaracháin breise sin difear díréireach do na cuideachtaí is lú (e.g. feirmeacha beaga teaghlaigh a dhíolann le tomhaltóirí go díreach), díolmhaítear micrifhiontair leis an togra (lín is lú ná 10 bhfostaí acu agus láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 2 milliún⁵⁴) ó oibleagáidí an togra seo a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl, ar ceanglais iad atá nasctha leis an measúnú ar an mbealach a thugtar bunús do mhaímh den sórt sin. Mar sin féin, i gcás inar mian leis na cuideachtaí sin, arb iad na cuideachtaí is lú, deimhniú comhréireachta a fháil faoin maíomh chomhshaoil dá ainneoin sin, ar deimhniú é a aithnítear ar fud an Aontais, ba cheart dóibh ceanglais uile an togra seo a chomhlíonadh.

Beidh gach trádálaí, áfach, lena n-áirítear na cuideachtaí is lú, laistigh de raon feidhme na Treorach maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma fós. Ciallaíonn sé sin go mbeidh feidhm ag a rialacha ginearálta maidir le maímh chomhshaoil fós, agus go mbeidh na tomhaltóirí dá ndéanann cleachtais tráchtála éagothroma difear fós in ann gearáin a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil agus sásamh a lorg i gcúirteanna náisiúnta agus an Aontais.

Thairis sin, iarrtar leis an togra ar na Ballstáit na bearta iomchuí a dhéanamh freisin chun cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide ceanglais an togra a chur i bhfeidhm. Le rochtain á héascú ar bhearta amhail tacaíocht airgeadais agus cúnamh eagraíochtúil agus teicniúil, tá coinne leis go spreagfar na cuideachtaí sin chun bheith ina gcuid den aistriú glas.

- **Tionchair lena bhfuil coinne ó na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh**

Trí mhaímh nach gcomhlíonann na híoschritéir a thoirmeasc, rannchuideoidh an beart seo chun **feabhas a chur ar iontaofacht na faisnéise** a sholáthraítear do thomhaltóirí agus beidh **tionchar dearfach ag an mbeart ar chinnteoireacht na dtomhaltóirí**, rud lena n-éascófar roghnú na dtáirgí lena dtairgtear feidhmíocht chomhshaoil níos fearr, agus leas méadaithe

⁵⁴ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú ([IO L 124, 20.5.2003, lch. 36](#)).

tomhaltóirí dá réir. Agus tomhaltóirí áirithe ag ceannach táirgí a bheidh níos fearr don chomhshaol le fírinne, meastar go mbeidh na **tionchair chomhshaoil iontach dearfach**.

I dtéarmaí **tionchair ar ghnólachtaí**, ní mór maímh nach gcomhlíonann na híoschritéir sin a bhaint. Le baint amach na maíomh, ceanglófar coigeartuithe a dhéanamh ar phacáistí táirgí, fógráin, etc., ach is costas coigeartaithe aon uaire a bheidh i gceist leis sin⁵⁵.

Ina theannta sin, **beidh ar ghnólachtaí an costas a iompar chun bunús a thabhairt le maímh**. Braithfidh cuid mhór den chostas ar an gcineál maímh comhshaoil is mian leis an gcuideachta a dhéanamh go saorálach agus ar an méid táirgí a bheidh i gceist leis an maíomh céanna. Maímh maidir le tionchar táirge ar an gcomhshaol ar feadh na saolré (e.g. astaíochtaí GCT á laghdú ar feadh na saolré agus an tslabhra luacha), ceanglófar infheistíocht lena n-aghaidh a bheidh cuid mhaith níos airde ná maímh lena ndíreofar ar ghné chomhshaoil shonrach (e.g. ábhar athchúrsáilte sa phacáistíú). De réir chineál agus chastacht an mhaímh, is féidir leis an gcostas chun bunús a thabhairt don mhaíomh athrú go suntasach. Mar shampla, meastar gur EUR 500⁵⁶ na costais chun bunús a thabhairt le maíomh simplí, e.g. maidir le hábhair a úsáidtear sa táirgeadh. Más rud é go gcinneann cuideachta, mar shampla, maíomh a dhéanamh maidir leis an lorg comhshaoil a bhaineann le ceann dá cuid táirgí agus go roghnaíonn an cuideachta staidéar a dhéanamh agus modh an loirg comhshaoil táirge á úsáid, bheadh costas thart faoi EUR 8 000 air sin (is féidir leis sin laghdú go EUR 4 000 i gcás inarb ann do rialacha catagóire maidir leis an lorg comhshaoil táirge). Más rud é go mbaineann an maíomh roghnaithe, e.g., le lorg na heagraíochta féin, is féidir le EUR 54 000 a bheith i gceist leis an gcostas chun modh an lorg comhshaoil eagraíochta a úsáid chun bunús a thabhairt leis an maíomh (i gcás nach ann do rialacha earnála)⁵⁷.

Mar sin féin, is cinneadh é a bhíonn faoin gcuideachta fós maímh chomhshaoil a chuimsiú ina gcumarsáid tráchtála *shaorálach* (nó gan déanamh amhlaidh). Ciallaíonn sé sin gur féidir leis na **cuideachtaí a gcostais a rialú** trí raon feidhme an mhaímh (más ann dó) a chinneadh agus an toradh ar infheistíocht lena bhfuil coinne á mheas. Go hachomair, is de chineál saorálach do chuideachtaí iad na costais chun bunús a thabhairt le maímh, toisc gur cuid dá straitéis margáíochta iad agus tá meastacháin inchreidte faoin gcostas foriomlán le haghaidh mhargadh an Aontais deacair.

A mhéid a bhaineann le **costais forfheidhmiúcháin agus costais eile**, beidh ar na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann an maíomh sonrach na critéir a leagtar amach faoin rogha sin, i.e. más rud é go mbeidh deimhniú comhréireachta ag an gcuideachta ag a bhfuil an maíomh á déanamh, ar deimhniú é atá soláthraithe ag fíoraitheoir creidiúnaithe. Mar sin féin, thug roinnt de na húdaráis cosanta tomhaltóirí ar cuireadh agallamh orthu go bhféadfadh coigilteas eascairt as an rogha toisc go bhféadfadh sé gur lú acmhainní a mbeadh gá leo chun bunús a thabhairt dá measúnú ar ‘glas- snasú’.

- **Tionchair lena bhfuil coinne ó na ceanglais maidir le maímh a chur in iúl**

⁵⁵ I gcás an sciar an- bheag de tháirgí a bheidh sa stoc díreach sula bhformheasfar an rogha, glactar leis go mbainfidh an díoltóir na maímh amach (trí na maímh a chumhdach le greamáin, mar shampla). Forchuirfear costais áirithe leis sin sa chéad 2 bhliain a gcuirfear an rogha chun feidhme lena linn le haghaidh an sciar beag de tháirgí a bheidh sa stoc, agus glacaimid leis go mbeidh na táirgí uile sin díolta dá éis sin.

⁵⁶ Meastachán inmheánach le haghaidh maíomh sonrach maidir le tionchar aonair (e.g. sciar de réir % d’ábhar bithbhunaithe (nó athchúrsáilte) táirge) dá mbíonn an fhianaise simplí, i.e. maíomh ar féidir bunús a thabhairt leis bunaithe ar fhaisnéis/dhoiciméid atá ar fáil go héasca faoi ábhair a úsáidtear sa táirgeadh.

⁵⁷ Meastachán inmheánach a bhaineann le maíomh a fhíorú maidir le lorg comhshaoil na heagraíochta ar fad. Meánluachanna bunaithe ar shuirbhé spriocdhírithre breise arna déanamh ag AS an Chomhshaoil in éineacht le hionchuir ó sheachtar de na príomh- shainchomhairleoirí a bhí ag tacú le forbairtí PEFCE/OEFSR, arna gcos- seiceáil le foinsí eile ón litriocht.

Tá coinne leis go n- eascróidh maímh níos soiléire agus níos trédhearcaí as na rialacha maidir le maímh a chur in iúl agus dá bhrí sin **go méadófar leas tomhaltóirí leis**. I dtéarmaí costais do ghnólachtaí, nuair a bheidh an measúnú i bhfeidhm chun bunús a thabhairt leis an maíomh, beidh an costas breise chun na ceanglais maidir le maímh a chur in iúl diomaibhseach agus is sa chostas chun bunús a thabhairt leis an maíomh is mó a bheidh sé leabaithe.

- **Tionchair lena bhfuil coinne ó na ceanglais maidir le scéimeanna lipéadaithe**

Agus íoschritéir á dtabhairt isteach le haghaidh na lipéad comhshaoil uile, méadófar trédhearcacht agus inchreidteacht na lipéad (agus moilleofar nó aisiompófar fiú iomadú na lipéad atá ag tarlú faoi láthair) agus feabhsófar cáilíocht na cinnteoireachta ag tomhaltóirí. Cinnteofar do thomhaltóirí go gcomhlíonfaidh na táirgí ag a mbeidh lipéad inbhuanaitheachta íoscheanglais maidir leis an trédhearcacht agus leis an inchreidteacht, rud lena gcuirfear feabhas ar iontaobh tomhaltóirí agus ar thuiscint ar na lipéid. Tá coinne leis go laghdófar an líon lipéad leis na ceanglais bhreise seo maidir le rialachas na scéimeanna lipéadaithe, toisc go gcuirfear deireadh de réir a chéile le scéimeanna nach bhfuil láidir. Tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil na coinníollacha chun ballraíocht a bhaint amach i scéimeanna lipéadaithe comhshaoil le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide comhréireach do mhéid agus láimhdeachas na gcuideachtaí.

Maidir le híoschritéir a thabhairt isteach chun measúnú a dhéanamh ar chothroime na lipéad inbhuanaitheachta, mar a shamhlaítear faoi rogha 2.3.B, tá coinne leis go méadófar **leas tomhaltóirí** leis na critéir chéanna. Ó thaobh **na dtionchar ar ghnólachtaí** de, tá coinne leis go rannchuideoidh an beart sin le cothroime iomaíochta idir táirgí a thaispeánfaidh lipéid toisc go mbeidh ar gach gnólacht cloí leis na híoschritéir chéanna. Thairis sin, rannchuideoidh sé le cothroime iomaíochta idir eagraíochtaí a ritheann lipéid freisin.

Ina theannta sin, tá coinne leis go rannchuideoidh an beart sin leis na bacainní roimh an trádáil trasteorann a laghdú trí chuir chuige náisiúnta neamh- chomhchuibhithe ó na Ballstáit a sheachaint, ar cuir chuige iad a bhaineann le hiomadú na lipéad/lógónna atá neamh- thrédhearcach nó nach bhfuil inchreidte. Laghdófar an éiginnteacht dhlíthiúil agus na costais do chuideachtaí leis sin toisc go mbeidh orthu cloí le rialacha comhchosúla laistigh den mhargadh inmheánach.

Tá coinne le **costais riaracháin** áirithe le haghaidh na n- eintiteas a ritheann agus a bhainistíonn na lipéid/lógónna⁵⁸. Beidh **costais chomhlíontachta** shubstainteacha acu freisin a eascróidh as na hathruithe is gá a chur chun feidhme ina bpróisis inmheánacha, lena n- áirítear deimhniúcháin tríú páirtí a dhéanamh le haghaidh gach iarratas (mura mbíonn siad á ndéanamh cheana féin ag an mbonnlíne). Na costais a thabhaíonn na heintitis a ritheann agus a bhainistíonn na lipéid, mar a cainníochtaíodh sa mheasúnú tionchair, tabharfar ar aghaidh iad chuig na monaróirí agus na díoltóirí a chuireann isteach ar an lipéad.

Maidir le **costais indíreacha** de, tá coinne leis go rachaidh na costais chun iarratas a dhéanamh ar lipéid i méid. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh an comhchuibhiú méadaithe an gá le hiarratas a chur isteach ar roinnt lipéad éagsúil a laghdú.

Maidir le **costais forfheidhmiúcháin** le haghaidh riarachán poiblí a mheastar sa mheasúnú tionchair, níl coinne leo siúd a bheith suntasach ós rud é go gceanglaítear leis na híoschritéir a bheartaítear go soláthrófar an fhaisnéis ábhartha ar fad ar líne agus toisc go gceanglaítear fíorú 3^ú páirtí le haghaidh na lipéad.

⁵⁸ Mionsonraí ar mhiondealú na gcostas riaracháin in SWD(2022) 85 final, lch. 200

Le tuilleadh beart maidir leis an lipéadú, a fhorbrófar sa bhreis ar an measúnú tionchair, soláthrófar tacaíocht láidir chun an cuspóir a bhaint amach maidir le hiomadú na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ar fud an Aontais a stopadh agus maidir le feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh. Trí stop a chur le scéimeanna poiblí nua, cuirfear cosc ar údaráis réigiúnacha agus náisiúnta lipéid agus scéimeanna lipéadaithe a fhorbairt nach mór a athbhreithniú nó a thréigean go luath tar éis lipéad coibhéiseach a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais. Leis an tréimhse idir glacadh an bhirt seo agus a chur chun feidhme, soláthrófar tréimhse le haghaidh na pleanála agus cuirfear cosc ar na costais bhreise sin le haghaidh údaráis phoiblí. Ach lipéid a fhorbairt ar leibhéal an Aontais le haghaidh na ngrúpaí táirgí céanna, áiritheofar freisin go mbainfear úsáid níos éifeachtúla as acmhainní ná mar a dhéanfaí dá bhforbrófaí na lipéid sin ar an leibhéal náisiúnta.

Laghdófar bunú neamhrialaithe na scéimeanna lipéadaithe nua arna bhforbairt ag oibreoirí príobháideacha freisin. Beidh ar údaráis na mBallstát forbairt na scéimeanna sin a fhíorú bunaithe ar a mbreisluach. Tá coinne leis go rannchuideoidh sé sin le hiomadú na scéimeanna a laghdú. Bíonn sé deacair meastachán a dhéanamh faoin **gcostas riaracháin le haghaidh údaráis phoiblí** chun an nós imeachta fíorúcháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme toisc nach bhfuil aon chinnteacht ann maidir leis an líon iarratas a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá coinne leis an mbeart sin go mbeidh **costais riaracháin le haghaidh cuideachtaí** á dtabhú i ngeall ar an bhfaisnéis a ghabhann lena n- iarratas a chur faoi bhráid údaráis na mBallstát chun scéim lipéadaithe phríobháideach a fhorbairt. Níl an costas riaracháin sin tuairiscithe fós agus tá sé ábhartha le haghaidh an chuir chuige 'ceann isteach, ceann amach' chun an t- ualach riaracháin a laghdú. Mar sin féin, níl coinne leis go mbeidh na costais suntasach, toisc go bhfuil coinne leis go mbeidh líon na n- aighneachtaí den sórt sin cuíosach íseal i ngeall ar fhógra roimh ré faoi theorannuithe ar bhunú scéimeanna den sórt sin, rud a eascróidh as an moill idir dáta déanta an togra seo agus an dáta trasuite (a bhfuil coinne leis gur thart faoi 4 bliana a bheidh ann).

Maidir leis an bhféidearthacht go gcuirfear rátáil nó scór i láthair le lipéid bunaithe ar tháscaire comhiomlánaithe de thionchair ar an gcomhshaoil, is é atá mar aidhm leis an bhféidearthacht sin a theorannú do na lipéid sin a fhorbraítear ar leibhéal an Aontais, agus dóibh sin amháin, mearbhall agus mífhaisnéis a laghdú do thomhaltóirí mar aon le hiomadú foriomlán na lipéad. Tá an baol ann go bhféadfaí a bhfuil i gceist le táscaire comhiomlán a úsáid chun tionchair dhiúltacha a bhaineann le paraiméadair áirithe an táirge a mhaolú i measc tionchair níos dearfaí a bhaineann le paraiméadair eile, agus go dtarchuirfí faisnéis mhíthreorach don tomhaltóir maidir le príomhthionchair iarbhir an táirge. Tá sé fíor- riachtanach go gcuirfear stop le scéimeanna ionchasacha ag a bhfuil scóráil chomhiomlán ar scála réigiúnach nó náisiúnta chun comhchuibhiú sa mhargadh inmheánach a áirithiú. Thairis sin, bíonn na lipéid sin bunaithe ar mhodheolaíochtaí difriúla le haghaidh an ghrúpa táirgí céanna de ghnáth, rud a d'fhéadfadh a fhágáil go bhfaighidh an táirge céanna rátáil dhifriúil ag brath ar an scéim.

- **Tionchair lena bhfuil coinne ón bhfíorú *ex- ante***

Leis an bhfíorú *ex- ante* a dhéanfaidh comhlachtaí creidiúnaithe neamhspleácha, éascófar agus tacófar le **ceanglais an togra a fhorfheidhmiú** gan an iomarca brú a chur ar acmhainní na n- údarás inniúil. Cuireann an deimhniú comhréireachta ar chumas na n- údarás inniúil áitiúil iontaofacht mhaímh ar an margadh a sheiceáil go héasca. Na gearáin in aghaidh maímh dá bhfuil deimhniú comhréireachta bailí ann, d'fhéadfaí iad a láimhseáil níos tapúla, rud a rannchuideoidh le **coigilteas costais forfheidhmiúcháin** i gcomparáid le gnó mar is gnách.

Maidir le **cuideachtaí** a dhéanann maímh chomhshaoil, **thairbheoidís de phróiseas deimhniúcháin** na maíomh toisc go soláthrófaí deimhneacht dhlíthiúil leis an deimhniú

comhréireachta a aithnítear ar fud an Aontais agus ní cheanglófaí ach aon deimhniú amháin laistigh den Aontas rud a fhágann gur saoire agus gurb éasca é an próiseas deimhniúcháin d'eintitis a thrádálann laistigh den mhargadh inmheánach.

Maidir le **costais riaracháin le haghaidh cuideachtaí**, bheadh orthu iarraidh *ex-ante* a chur faoi bhráid 'fioraitheora' chun deimhniú comhréireachta a fháil sula ndéanfaidh siad maíomh comhshaoil. Braithfidh an costas riaracháin sin ar raon feidhme gach maíomh saorálach dá ndéanfar agus ar na cainníochtaí maíomh lena mbeidh coinne, rud a fhágann go bhfuil sé deacair meastachán a dhéanamh faoin gcostas foriomlán le haghaidh mhargadh an Aontais ar bhealach inchreidte. Ar an gcúis sin, níl an costas riaracháin sin tuairiscithe fós cé go bhfuil sé ábhartha le haghaidh an chuir chuige 'ceann isteach, ceann amach' chun an t- ualach riaracháin a laghdú.

- **Dul chun cinn lena bhfuil coinne i dtreo spriocanna forbartha inbhuanaithe**

Maidir le SFI 12 lena n- áirithítear patrúin tomhaltais agus táirgthe inbhuanaithe, agus i dtaca le cur chun feidhme na rogha beartais ab fhearr sa togra seo agus sa togra lena gcumhachtaítear tomhaltóirí le haghaidh an aistrithe ghlais, tá coinne leis go n- eascróidh méadú as ar cheannach na dtáirgí nach gcuireann dallamullóg ar an tomhaltóir maidir lena dtionchar ar an gcomhshaoil. Tá coinne leis na tionscnaimh gur fearr a chosnófar tomhaltóirí in aghaidh cleachtais tráchtála éagothroma leo amhail an glas- snasú nó lipéid inbhuanaitheachta shaorálacha neamh- thrédhearcacha, nach bhfuil comhoiriúnach leis an aistriú glas. Maidir le SFI 13 i dtaca le gníomhú ar son na haeráide, tá coinne leis go n- eascróidh coigilteas 5 – 7 MtCO₂e as na tionscnaimh ar feadh tréimhse 15 bliana⁵⁹.

3.3. Oiriúnacht rialála agus simpliú

Is tionscnamh nua atá sa togra arb é is aidhm dó na treoracha ginearálta maidir le dlí tomhaltóirí a chomhlánú agus go sonrach, mar *lex specialis*, an togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais. Is é ualaigh rialála a laghdú atá mar aidhm dhíreach ag an togra trí fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh táirgí agus cuideachtaí glasa a láidriú agus trí íoschritéir maidir le maímh chomhshaoil a leagan síos. Leis an tionscnamh, laghdófar an baol go ndéanfar an margadh aonair a ilroinnt ó thaobh an dlí de agus méadófar an deimhneacht dhlíthiúil. Tá coinne leis, faoi seach, go n- eascróidh coigilteas costais as sin le haghaidh gnólachtaí a bhíonn toilteanach maímh den sórt sin a dhéanamh agus le haghaidh údaráis inniúla a bhíonn freagrach as dlí tomhaltóirí a fhorfheidhmiú. Thairis sin, déantar foráil leis an togra le haghaidh clásal athbhreithniúcháin 6 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhain nó nár bhain an treoir a cuspóirí amach, agus cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh comhchuibhithe a mhéid a bhaineann le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl chun na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla. Baineann an togra le maímh chomhshaoil a dhéantar sa chomhshaoil fisiceach agus sa timpeallacht dhigiteach araon agus meastar go bhfuil sé in oiriúint don saol digiteach dá réir.

3.4. Cearta bunúsacha

Tá an togra i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chairt um Chearta Bunúsacha ar i gcomhréir leis nach mór don Aontas ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithiú. Áiritheofar é sin trí iontaofacht, inchomparáideacht agus infhíoraítheacht na maíomh comhshaoil a áirithiú agus trí aghaidh a thabhairt ar an nglas- snasú agus ar úsáid na maíomh agus na lipéad comhshaoil neamh- iontaofa agus neamh- thrédhearcach. Leis an togra freisin, feabhsófar an ceart ar ardleibhéal cosanta comhshaoil agus an feabhas a chuirfear ar cháilíocht an chomhshaoil, mar

⁵⁹ SWD(2022) 85 final

a chumhdaítear in Airteagal 37 den Chairt. Ina theannta sin, tríd an nglas- snasú a chomhrac, áiritheofar cothroime iomaíochta leis an togra le haghaidh gnólachtaí agus a nglaise á margú acu agus ráthaítear dá bhrí sin an tsaoirse chun gnó a sheoladh i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann buiséad de thart faoi EUR 25 mhilliún leis an tionscnamh go dtí 2027 (i.e. faoin CAI atá ann faoi láthair).

Mar a shonraítear sa Ráiteas airgeadais reachtach, déantar foráil leis an tionscnamh maidir le caiteachas acmhainní daonna agus riaracháin chun an Treoir a chur chun feidhme agus chun gníomhartha tarmiligthe agus cur chun feidhme a ullmhú.

Déantar foráil leis an tionscnamh freisin maidir le leithreasuithe a mhaoineofar go hiomlán tríd an athshannadh laistigh d'imchlúdach an chláir LIFE. Mar a shonraítear sna táblaí a chuimsítear i Roinn 3 den Ráiteas Airgeadais Reachtach, cumhdaítear leis an méid sin tacair na sonraí loirg comhshaoil a fháil mar aon le tacair sonraí eile a cheanglaítear chun tacú le cuideachtaí, go háirithe FBManna, an togra le haghaidh maímh chomhshaoil a chomhlíonadh. Go deimhin, le rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis sin le haghaidh FBManna, cuideachtaí níos mó, gníomhaireachtaí poiblí agus na páirtithe leasmhara uile, cuideofar le costais a laghdú chun a modheolaíochtaí féin a fhorbairt agus a láidriú agus d'fhéadfadh an rochtain phoiblí sin cuidiú leis na costais a laghdú le haghaidh úsáideoirí na modheolaíochtaí forbartha. Cuideoidh rochtain phoiblí ar thacair sonraí loirg comhshaoil le beartais eile de chuid an Aontais maidir leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun feidhme agus cuideofar le tomhaltóirí na roghanna cearta a dhéanamh, amhail an togra maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (ESPR). Tugtar isteach le ESPR an fhéidearthacht chun ceanglais faisnéise shainordaitheacha a leagan síos, a fhéadfar a nascadh le ceanglais maidir le lipéadú freisin, rud as a n-eascróidh sreabha faisnéise feabhsaithe trí Phasanna Táirge Digiteacha. Tacóidh tacair na sonraí loirg comhshaoil leis na ceanglais faisnéise agus feidhmíochta a ríomh agus a leagan síos i ngníomhartha tarmiligthe atá nasctha le ESPR, e.g. a bhaineann leis an lorg carbóin agus comhshaoil, bunaithe ar thacar comhchuibhithe de sonraí tánaisteacha ardcháilíochta. Fágfaidh na beartais sonraí agus fianaise- bhunaithe sin in éineacht le chéile tomhaltóir a bheidh níos eolaí agus lenar féidir muinín a chur san fhaisnéis chomhshaoil a sholáthraíonn cuideachtaí.

5. EILIMINTÍ EILE – PLEANANNA CUR CHUN FEIDHME & SOCRUITHE FAIREACHÁIN, MEASTÓIREACHTA & TUAIRISCITHE

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil, lena ndéanfar measúnú ar bhaint amach chuspóirí na Treorach seo, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tráth nach déanaí ná 6 bliana tar éis ghlacadh na Treorach. Tá na Ballstáit le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo bunaithe ar fhorbhreathnú ar mhaímh chomhshaoil ar tugadh fógra ina leith do na húdaráis forfheidhmiúcháin. Tá na Ballstáit leis an bhfaisnéis sin a sholáthar don Choimisiún ar bhonn bliantúil. Tá an Gníomhaireacht Eorpach Comhshaoil le tuarascáil dhébhliantúil a fhoilsiú lena ngabhfaidh a measúnú ar éabhlóid na maíomh chomhshaoil agus na scéimeanna lipéadaithe i ngach Ballstát.

6. MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE AR FHORÁLACHA SONRACHA AN TOGRA

6.1. Raon feidhme an togra

Leagtar an raon feidhme síos le hAirteagal 1. Leagtar íoscheanglais síos leis an togra le haghaidh bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shaorálacha agus iad a chur in iúl agus maidir leis an lipéadú comhshaoil i gcleachtais tráchtála idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, gan aon dochar do reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena leagtar amach coinníollacha maidir le maímh chomhshaoil a mhéid a bhaineann le táirgí nó earnálacha áirithe (mar a thuairiscítear i Roinn 1.2).

6.2. Ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil

Dírítear le hAirteagal 3 den togra ar eilimintí nach bhfuil comhtháite sa reachtaíocht maidir le cosaint tomhaltóirí, go háirithe a mhéid a bhaineann le bunús a thabhairt le maímh, agus soláthraítear soiléirithe breise i gcásanna áirithe. Ceanglaítear leis an togra go mbeidh an bunús a thabharfar le maímh chomhshaoil shainráite bunaithe ar mheasúnú a chomhlíonfaidh na híoschritéir roghnaithe chun cosc a chur ar mhaímh a bheith míthreorach, is é sin, go mbeidh an méid seo a leanas i gceist leis an measúnú a bheidh mar bhonn taca faoi:

- braitheann an measúnú ar fhianaise eolaíoch aitheanta agus ar eolas teicniúil den chéad scoth;
- léiríonn sé suntasacht na dtionchar, na ngnéithe agus na feidhmíochta ó thaobh feidhmíocht ar feadh na saolré de;
- cuirtear san áireamh leis an measúnú na ngnéithe agus na tionchair shuntasacha uile chun measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht;
- léiríonn sé cé acu atá nó nach bhfuil an t-éileamh cruinn le haghaidh an táirge ar fad nó le haghaidh codanna de agus an méid sin amháin (ar feadh na saolré iomláine nó le haghaidh céimeanna áirithe amháin, le haghaidh ghníomhaíochtaí uile an trádálaí nó le haghaidh cuid díobh agus an méid sin amháin);
- léiríonn sé nach bhfuil an maíomh coibhéiseach le ceanglais a fhorchuirtear le dlí;
- soláthraíonn sé faisnéis faoi cé acu a fheidhmíonn an táirge cuid mhaith níos fearr ó thaobh an chomhshaoil de ná a mbíonn i gceist le cleachtais choiteanna;
- saináithníonn sé cé acu a théann nó nach dtéann tionchar eile in olcas go suntasach i ngeall ar thoradh dearfach a bheith bainte amach;
- ceanglaítear fritháirimh gás ceaptha teasa a thuairisciú ar bhealach trédhearcach leis an measúnú;
- cuimsítear faisnéis phríomhúil nó thánaisteach chruinn leis.

Tá micrifhiontair (líon is lú ná 10 bhfostaí agus láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 2 mhiliún acu⁶⁰) díolmhaithe ó cheanglais an airteagail sin ach amháin i gcás inar mian leo deimhniú comhréireachta a fháil faoin maíomh chomhshaoil, agus beidh orthu na ceanglais sin a chomhlíonadh sa chás sin.

Ina theannta sin, leagtar tuilleadh ceanglas amach le hAirteagal 4 le haghaidh maímh chomparáideacha (i.e. maímh a shonraíonn nó a thugann le tuiscint go bhfuil níos lú nó níos mó tionchair chomhshaoil ag táirge nó trádálaí nó go bhfeidhmíonn sé níos fearr nó níos

⁶⁰ [IO L 124, 20.5.2003, lch. 36](#)

measa maidir le gnéithe comhshaoil ná táirgí nó trádálaithe eile). Is iad seo a leanas na ceanglais sin:

- faisnéis choibhéseach a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar thionchair ar an gcomhshaoil, gnéithe nó feidhmíocht chomhshaoil táirgí a gcuirtear an táirge nó trádálaí i gcomparáid leo;
- sonraí, a ghintear nó a fhoinsítear ar bhealach choibhéseach, a úsáid le haghaidh na dtáirgí nó na dtrádálaithe atá faoi réir comparáidí;
- tá cumhdach na gcéimeanna ar feadh an tslabhra luacha choibhéseach le haghaidh na dtáirgí agus na dtrádálaithe a gcuirtear an táirge nó trádálaí i gcomparáid leo agus é á áirithiú go gcuirtear na céimeanna is suntasaí san áireamh le haghaidh táirgí agus trádálaithe a gcuirtear an táirge nó trádálaí i gcomparáid leo;
- tá cumhdach na dtionchar ar an gcomhshaoil, na ngnéithe nó na feidhmíochtaí comhshaoil choibhéseach le haghaidh na dtáirgí agus na dtrádálaithe a gcuirtear an táirge nó trádálaí i gcomparáid leo agus cuirtear na tionchair, gnéithe nó feidhmíochtaí is suntasaí san áireamh le haghaidh na dtáirgí agus na dtrádálaithe uile a gcuirtear táirge nó trádálaí i gcomparáid leo;
- leagtar na toimhdí a úsáidtear le haghaidh na comparáide síos go comhsheasmhach le haghaidh na dtáirgí agus na dtrádálaithe a gcuirtear táirge nó trádálaí i gcomparáid leo.
- i gcás maímh chomparáideacha maidir le feabhas a bheith curtha ar thionchair (i gcomparáid le leagan níos luaithe de tháirge), cuimsítear míniú ar thionchair an fheabhsaithe ar ghnéithe agus ar thionchair eile agus sonraítear an bhliain bhonnline.

Ceanglófar leibhéal dhifriúla de bhunús a thabhairt do chineálacha difriúla maíomh. Ní fhorordaítear modh aonair leis an togra agus ní cheanglaítear anailís a dhéanamh ar an tsaolré iomlán le haghaidh gach cineál maímh. Leis an measúnú a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, is gá saolré an táirge nó gníomhaíochtaí foriomlána an trádálaí a mheas chun na tionchair ábhartha a shainaithint ar thionchair iad atá faoi réir na maíomh, agus chun a chur ar a chumas don trádálaí fágáil amach aon ghné ábhartha a sheachaint. Is gá sin freisin chun a sheiceáil, más amhlaidh de thoradh na sochar a mhaítear, go n- aistreofar tionchair chuig céimeanna eile den tsaolré nó go méadófar tionchair eile ar an gcomhshaoil go suntasach.

Chun go measfar go bhfuil an measúnú láidir, ba cheart a chuimsiú leis an measúnú sonraí príomhúla, a bhaineann leis an gcuideachta go sonrath, le haghaidh gnéithe ábhartha a rannchuidíonn go suntasach le feidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí dá dtagraítear sa mhaíomh. Tá údarais cosanta tomhaltóirí i dtíortha áirithe ag tosú ar mhaímh chomhshaoil tháirgeshonracha a cheistiú murar úsáideadh aon sonraí príomhúla agus bunús á thabhairt leis na maímh. Ba cheart an chothromaíocht cheart a aimsiú idir faisnéis láidir agus ábhartha a áirithiú chun bunús a thabhairt le maímh, agus na hiarrachtaí is gá chun faisnéis phríomhúil a bhailiú, i bhfianaise inrochtaineacht na faisnéise príomhúla. Leis an gceanglas chun faisnéis phríomhúil a chuimsiú, ba cheart an oiread tionchair a bhíonn ag an trádálaí a bhfuil an maíomh á dhéanamh aige ar an bpróiseas faoi seach a mheas, agus má bhíonn faisnéis phríomhúil ar fáil. Ba cheart a mheas leis an gceanglas freisin an ag an trádálaí a bhfuil an maíomh á dhéanamh aige atá na próisis á rith agus, i gcás nach amhlaidh atá, an bhfuil rochtain ag an trádálaí ar fhaisnéis phríomhúil faoin bpróiseas. Thairis sin, murab é an trádálaí a bhfuil an maíomh á dhéanamh aige atá ag rith an phróisis agus mura bhfuil faisnéis phríomhúil ar fáil, ba cheart úsáid faisnéise tánaistí a cheadú, fiú le haghaidh próisis a rannchuidíonn go suntasach le feidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí. In aon cás,

ba cheart ardleibhéal cáilíochta agus cruinnis a thaispeáint le faisnéis phríomhúil agus thánaisteach araon, i.e. meán- sonraí.

Meastar gurb iomchuí aghaidh a thabhairt ar mhaímh a bhaineann leis an gcomhshaol bunaithe ar fhritháirimh ar bhealach níos trédhearcaí. Dá bhrí sin, ceanglaítear leis an togra, i gcás maíomh a bhaineann leis an gcomhshaol, go dtuairisceofar aon *fhritháireamh* astaíochta gás ceaptha teasa a úsáideann na trádálaithe, ar leithligh ó astaíochtaí gás ceaptha teasa, mar fhaisnéis chomhshaoil bhreise, arb é sin an cur chuige a leanann modhanna an loirg comhshaoil táirge/loirg comhshaoil eagraíochta freisin. Ina theannta sin, ba cheart a shonrú leis an bhfaisnéis sin freisin cé acu a bhaineann nó nach mbaineann na fritháirimh sin le laghdúithe ar astaíochtaí nó aistrithe astaíochtaí agus a áirithiú go mbeidh ardleibhéal ionracais i gceist leis na fritháirimh a mbraitear orthu agus go dtugtar cuntas iontu i gceart chun an maíomh líomhnaithe ar an aeráid a léiriú go comhleanúnach agus go trédhearcach.

Tá micrifhiontair díolmhaithe ó cheanglais an airteagail sin ach amháin i gcás inar mian leo deimhniú comhréireachta a fháil faoin maíomh comhshaoil, agus beidh orthu na ceanglais sin a chomhlíonadh sa chás sin.

Ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na ceanglais a chomhlánú maidir le bunús a thabhairt le cineálacha áirithe maíomh. Leis na gníomhartha tarmligthe sin ba cheart torthaí an fhaireacháin ar éabhlóid na maíomh comhshaoil ar an margadh a leanúint, i bprionsabal, chun go mbeifear in ann tosaíocht a thabhairt do mhaímh is minic a chuireann tomhaltóirí ar míthreoir. Mar sin féin, i gcás cineálacha áirithe maíomh, d'fhéadfadh sé gur gá don Choimisiún gníomhú roimhe sin.

6.3. Ceanglais maidir le maímh chomhshaoil a chur in iúl

Freagraíonn forálacha Airteagal 5 d'fhadhb easpa na faisnéise iontaofa faoi shaintréithe comhshaoil táirge⁶¹ le haghaidh na dtrádálaithe sin a dhéanann maíomh comhshaoil. Tacaíonn na ceanglais sin freisin leis an aidhm go n- áiríteofar go ndéanfar maímh chomhshaoil ar tháirgí nó trádálaithe a thairgeann sochair chomhshaoil i gcomparáid leis an gcleachtas coiteann.

Go suntasach, leagtar an méid seo a leanas amach maidir leis na maímh uile, nuair a chuirfear in iúl iad:

- nach gcumhdófar leo ach tionchair chomhshaoil, gnéithe nó feidhmíocht chomhshaoil a ndéantar measúnú orthu i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa togra seo maidir le bunús a thabhairt dóibh agus a shaináithnítear mar thionchair, ghnéithe nó feidhmíocht shuntasach i gcás an táirge nó trádálaí faoi seach;
- i gcás inarb ábhartha i gcás an mhaímh a dhéanfar, cuimseofar faisnéis leis faoin mbealach a fhéadfaidh tomhaltóirí an táirge a úsáid go hiomchuí chun tionchair chomhshaoil a laghdú;
- beidh faisnéis ag gabháil leis an maíomh maidir leis an mbunús a thugtar leis (lena n- áirítear faisnéis faoin táirge nó faoi ghníomhaíochtaí an trádálaí; gnéithe, tionchair nó feidhmíocht a chumhdaítear leis an maíomh; caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta eile, i gcás inarb ábhartha; staidéir agus ríomhanna foluiteacha; an bealach a

⁶¹ SWD(2022) 85 final, lch. 50: ‘I ndáil le fofhadhb 1.1. (easpa faisnéise iontaofa faoi shaintréithe comhshaoil táirge ag an bpointe díola), tá gach rogha aischurtha ag céim luath toisc nárbh fhéidir a mbreisluach a léiriú, agus tá coinne leis go laghdófar an fhofhadhb sin go suntasach leis na bearta a dhéanfar faoin Tionscnamh maidir le Maímh Ghlasa agus faoin Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe.’

bhaintear amach feabhsuithe atá faoi réir an mhaímh; an deimhniú comhréireachta agus comhordanáidí an fhíoraitheora).

Tá micrifhiontair díolmhaithe ó cheanglais an airteagail sin a mhéid a bhaineann le faisnéis a sholáthar faoin mbunús le maíomh, ach amháin i gcás inar mian leo deimhniú comhréireachta a fháil faoin maíomh comhshaoil, agus beidh orthu na ceanglais sin a chomhlíonadh sa chás sin.

Ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na ceanglais a chomhlánú maidir le cineálacha áirithe maíomh a chur in iúl i gcás inar gá sin chun na rialacha forlíontacha a chomhlánú maidir le bunús a thabhairt le maíomh, a glacadh faoi Airteagal 3. Thairis sin, sonraítear le hAirteagal 6 maidir le maímh chomparáideacha faoin bhfeabhsú ar thionchar ar an gcomhshaoil a bhaineann le táirge, i gcomparáid le táirge eile den trádálaí céanna, nó a bhaineann le táirge nach ndíolann an trádálaí le tomhaltóirí a thuilleadh, beidh na maímh sin bunaithe ar fhianaise gur feabhsú suntasach atá ann agus gur baineadh amach le 5 bliana é.

6.4. Forálacha maidir le lipéid chomhshaoil agus scéimeanna lipéadaithe

Ba cheart na ceanglais seo a fheiceáil mar cheanglais chomhlántacha a ghabhann leis na ceanglais maidir le lipéad inbhuanaitheachta a thaispeáint, a leagtar amach sa togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais agus sa treoraíocht ón gCoimisiún maidir leis an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm⁶².

Sa bhreis ar cheanglais maidir le bunús a thabhairt le gach cineál maíomh agus iad a chur in iúl, leis an togra seo, cuirtear le ceanglais an togra le haghaidh tomhaltóirí a chumhachtú⁶³ lipéid bunaithe ar an bhféindeimhniúchán a thoirmeasc⁶⁴, agus déantar foráil leis an togra le haghaidh coimircí breise chun feabhas a chur ar cháilíocht na scéimeanna éicilipéadaithe trí na ceanglais seo a leanas a cheangal maidir le trédhearcacht agus inchreidteacht (de réir na rogha beartais ón measúnú tionchair).

Áirithítear le hAirteagal 7 go gcomhlíonfaidh lipéid na ceanglais a leagtar amach in airteagail roimhe cheana féin agus cuirtear lipéid faoi réir an fhíorúcháin i gcomhréir le hAirteagal 11.

Tá gá le bearta uailmhianacha a thairbheoidh do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon i ngeall ar iomadú na lipéad comhshaoil agus an mearbhall a bhíonn ar thomhaltóirí dá éis, mar aon le hilroinnt an mhargaidh agus leis an ualach méadaithe de dheasca ceanglais i mBallstáit dhifriúla a bheith á gcomhlíonadh. Dá bhrí sin, measadh gurbh iomchuí le linn phróiseas na cinnteoireachta go ndéantar forálacha breise leis an togra le haghaidh maímh chomhshaoil chun díriú ar iomadú na lipéad, sa bhreis ar na lipéid sin a ndearnadh measúnú orthu sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo agus sa togra le haghaidh Tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais, go háirithe toirmeasc na lipéad a chuireann rátáil nó scór i láthair atá bunaithe ar tháscaire comhiomlánaithe ina mbeidh tionchair charnacha ar an gcomhshaoil i gceist ach amháin i gcás ina mbunófar iad sin ar leibhéal an Aontais.

⁶² Fógra ón gCoimisiún – Treoraíocht maidir le Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm (IO C 526, 29.12.2021, lch. 1).

⁶³ (COM(2022) 143 final), Iarscríbhinn a ghabhann leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2005/29/CE agus 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr.

⁶⁴ i.e. nach bhfuil bunaithe ar scéim deimhniúcháin, nó ar scéim a bhunaigh údaráis phoiblí

Mionsonraítear ceanglais maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a thuilleadh le hAirteagal 8. Tá na ceanglais sin cuíosach comhchosúil le critéir rialachais roinnt scéimeanna lipéadaithe inbhuanaitheachta poiblí agus príobháideacha atá aitheanta agus ar a bhfuil dea- cháil, agus cuimsítear an méid seo a leanas leo sin:

- ceanglais maidir le trédhearcacht agus inrochtaineacht faisnéise faoi úinéireacht, faoin gcomhlacht cinnteoireachta agus faoi chuspóirí,
- forbraíonn saineolaithe na critéir is bonn le dámhachtain na lipéad agus déanann páirtithe leasmhara athbhreithniú orthu;
- sásra um ghearáin agus réiteach gearán a bheith ann;
- nósanna imeachta chun déileáil le neamhchomhlíonadh agus féidearthacht lipéadú a tharraingt siar nó a chur ar fionraí i gcás neamhchomhlíonadh marthanach neamhnáireach.

Ar na cúiseanna céanna agus a liostaítear thuas maidir le hiomadú na lipéad comhshaoil agus an mearbhall a bhíonn ar thomhaltóirí dá éis, tugtar forálacha breise isteach le hAirteagal 8 chun díriú ar iomadú na scéimeanna lipéadaithe, go háirithe:

- toirmeasc ar bhunú scéimeanna nua náisiúnta nó réigiúnacha atá faoi úinéireacht poiblí;
- nós imeachta fíorúcháin le haghaidh scéimeanna nua a bhunaíonn oibreoirí príobháideacha as an Aontas agus tríú tíortha nár cheart d'údaráis náisiúnta measúnú a dhéanamh orthu agus iad a fhíorú ach amháin más rud é go léiríonn siad breisluach i dtéarmaí a n- uaillmhéine i leith an chomhshaoil, an cumhdach a dhéantar leis na scéimeanna ar thionchair ar an gcomhshaoil, ar ghrúpa catagóra táirge nó ar earnáil agus i dtéarmaí a gcumais chun tacú le FBManna aistriú chuig an ngeilleagar glas i gcomparáid leis na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha nó de chuid an Aontais atá ann cheana féin.

Maidir le scéimeanna poiblí nua ó thríú tíortha ar mian leo oibriú ar mhargadh an Aontais, ní mór dóibh ceanglais an togra seo a chomhlíonadh agus beidh siad faoi réir fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith roimh ré agus faoi réir a bhformheasta ag an gCoimisiún, arb é is aidhm dó sin a áirithiú go soláthróidh na scéimeanna sin breisluach i dtéarmaí a n- uaillmhéine i leith an chomhshaoil, an cumhdach a dhéantar leis na scéimeanna ar thionchair ar an gcomhshaoil, ar ghrúpa táirgí nó ar earnálacha.

Leagtar na ceanglais síos le hAirteagal 9 maidir leis an athbhreithniú ar mhaímh chomhshaoil arna ndéanamh ag trádálaithe.

6.5. Fíorú *ex- ante* ar mhaímh chomhshaoil agus ar scéimeanna lipéadaithe

Mionsonraítear le hAirteagal 10 ar an mbealach nach mór do 3^ú páirtí fíorú agus deimhniú a dhéanamh ar an mbunús a thugtar le maímh agus lipéid chomhshaoil agus ar an mbealach a chuirtear in iúl iad, chun ceanglais na Treorach a chomhlíonadh sula n- úsáidfean an maíomh i gcumarsáid tráchtála. Déanfaidh comhlacht atá creidiúnaithe go hoifigiúil (an ‘fíoraitheoir’) an fíorú *ex- ante* sin ar mhaímh a gcuireann an chuideachta ar mian léi é a úsáid faoina bhráid. Áiritheofar leis an mbeart sin go mbeidh gach maíomh dá mbeidh an tomhaltóir nochta fíoraithe mar mhaíomh atá iontaofa agus ar féidir brath air. Sainítear ceanglais mhionsonraithe leis an togra freisin atá le comhlíonadh ag ‘fíoraitheoirí’ chun bheith creidiúnaithe ag na Ballstáit.

Nuair a bheidh an fíorú déanta ag an ‘bhfíoraitheoir’ ar an maíomh a cuireadh faoina bhráid, déanfaidh sé cinneadh cé acu a eiseoidh (nó nach n- eiseoidh) sé *deimhniú comhréireachta*.

Aithneofar an deimhniú sin ar fud an Aontais, comhroinnfear idir na Ballstáit é trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh⁶⁵ agus ceadófar leis do chuideachtaí an maíomh a úsáid i gcumarsáid tráchtála chuig tomhaltóirí ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Le deimhniú comhréireachta na maíomh, soláthrófar cinnteacht do ghnólachtaí nach ndéanfaidh na húdaráis inniúla i mBallstát eile agóid in aghaidh a maímh dheimhnithe. Beidh feidhm ag an nós imeachta sin maidir le fíorú na scéimeanna lipéadaithe freisin i dtéarmaí a gcomhlíontachta leis na forálacha rialachais. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrú formáid dheimhniú comhréireachta na maíomh.

Leagtar amach le hAirteagal 11 nach mór an ‘fíoraitheoir’ a bheith ina⁶⁶ chomhlacht neamhspleách arna chreidiúnú go hoifigiúil, gan aon choinbhleacht leasa aige chun neamhspleáchas breithiúnais a áirithiú agus go mbeidh an oiread ionracais ghairmiúil agus is féidir i gceist. Ní mór dóibh an saineolas a cheanglaítear a bheith acu, mar aon leis an trealamh, agus an bonneagar chun na fíoruithe a dhéanamh chomh maith le dóthain pearsanra oiriúnaigh a urramaíonn an rúndacht ghairmiúil.

6.6. Fiontair bheaga agus mheánmhéide

I bhfianaise chomhthéacs na gclár ar féidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide tairbhiú díobh, áirithítear le hAirteagal 12 go gcuirtear na tionscnaimh sin san áireamh agus go ndéantar na bearta iomchuí chun cuidiú leo lena n- áirítear tacaíocht airgeadais, rochtain ar mhaoiniú, bainistíocht speisialaithe agus oiliúint foirne mar aon le cúnaimh eagraíochtúil agus teicniúil.

6.7. Forálacha a fhorfheidhmiú

Déantar foráil le hAirteagal 13 go n- ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil iomchuí amháin nó níos mó mar chomhlacht a bheidh freagrach as na forálacha a leagtar amach sa togra a fhorfheidhmiú. Toisc go mbíonn na sásraí um chosaint tomhaltóirí éagsúil idir gach Ballstát, is oiriúnaí ligean dóibh an t- údarás inniúil a ainmniú arb é an t- údarás is éifeachtúla chun an forfheidhmiú a dhéanamh, lena n- áirítear cigireachtaí, smachtbhannaí agus saothrú an cheartais. Ar an mbealach sin, fágtar ag na Ballstáit an fhéidearthacht leis an togra chun na sásraí atá an cheana faoi dhlí cosanta tomhaltóirí a roghnú.

Más rud é go n- ainmneofar níos mó ná údarás inniúil amháin ar a gcríoch, beidh ar na Ballstáit dualgais gach údarás a shoiléiriú agus na sásraí iomchuí um chumarsáid agus chomhordú a bhunú, agus aidhm na héifeachtúlachta i gceist arís.

Léirítear cumhachtaí na n- údarás inniúil le hAirteagal 14 chun imscrúdú a dhéanamh agus na ceanglais a fhorfheidhmiú. Áirítear orthu an chumhacht chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha a bhaineann le sárú, chun rochtain ar fhaisnéis ábhartha a cheangal chun a fháil amach má bhí sárú ann nó nach raibh, tús a chur le himscrúduithe nó le himeachtaí, an chumhacht chun a cheangal ar thrádálaithe leigheasanna a ghlacadh agus gníomhaíocht a dhéanamh chun deireadh a chur le sárú, chun faoiseamh urghaire a ghlacadh i gcás inarb iomchuí agus pionóis a fhorchur.

Leagtar amach le hAirteagal 15 go gcuirtear d’fhreagracht ar na húdaráis inniúla freisin faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an togra le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh. Tá

⁶⁵ Arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear an Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (IO L 316, 14.11.2012, lgh. 1–11)

⁶⁶ I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30)

coinne leis go ndéanfaidh siad seiceálacha ar mhaímh agus ar scéimeanna lipéadaithe go tráthrialta (bunaithe ar thuarascálacha a bheidh ar fáil go poiblí) mar aon le meastóireacht ar mhaímh agus ar scéimeanna lipéadaithe lena mbaineann baol go mbeidh sárú i gceist. Mionsonraítear le hAirteagal 16 na sásraí um láimhseáil gearán agus na ceanglais maidir le rochtain ar an gceartas.

Ó thaobh aghaidh a thabhairt ar sháruihte, sainítear sraith oibleagáidí le hAirteagal 17 a bhíonn ar na Ballstáit a urramú agus a gcóras pionóis á shainiú acu. Ní mór an pionós a bheith ag brath ar chineál, tromchúis, méid agus fad an tsáraithe, a charachtar (i.e. beartaithe nó faillíoch), neart airgeadais an pháirtí atá freagrach as, na tairbhí eacnamaíocha a díorthaíodh ón sárú mar aon le haon sárú roimhe nó tosca géaraitheacha eile. Measfar freisin na pionóis a fhorchuirtear cheana féin sna Ballstáit eile le haghaidh an tsáraithe chéanna.

Leagtar feidhmiú an tarmligin amach le hAirteagal 18. Leagtar an nós imeachta Coiste amach in Airteagal 19.

Leagtar amach le hAirteagal 20 na ceanglais maidir le faireachán a bheidh le bunú ar fhorbhreathnú a sholáthróidh na Ballstáit ar mhaímh agus ar lipéid chomhshaoil lochtacha. Foilseoidh EEA tuarascáil ar bhonn débhlíantúil lena ndéanfar measúnú ar éabhlóid na maíomh comhshaoil i ngach Ballstát agus san Aontas ar an iomlán. Déantar foráil maidir le meastóireacht ar an Treoir leis na forálacha freisin.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl
(Treoir maidir le Maímh Ghlasa)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is toisc iomaíochais anois a mhaíomh go bhfuil táirge ‘glas’ agus inbhuanaithe, agus is mó fás a thagann ar tháirgí glasa ná táirgí caighdeánaithe. Mura mbíonn earraí agus seirbhísí a thairgtear agus a cheannaítear ar an margadh inmheánach chomh neamhdhíobhálach don chomhshaoil agus a chuirtear i láthair, chuirfeadh sé sin na tomhaltóirí ar míthreoir, chuirfeadh sé bac ar an aistriú chuig an ngeilleagar glas agus chuirfeadh sé cosc ar laghdú na dtionchar diúltach ar an gcomhshaoil. Níl an leas is mó is féidir á bhaint as na margaí glasa. Le ceanglais dhifriúla á bhforchur le reachtaíocht náisiúnta nó le tionscnaimh phríobháideacha lena rialáiltear maímh chomhshaoil, cruthaítear ualach le haghaidh cuideachtaí agus iad i mbun na trádála trasteorann, toisc gur gá dóibh ceanglais dhifriúla i ngach Ballstát a chomhlíonadh. Déanann sé sin difear dá n- inniúlacht chun oibriú sa mhargadh inmheánach agus leas a bhaint as. An tráth céanna, bíonn deacrachtaí ag rannpháirtithe sa mhargadh maímh chomhshaoil iontaofa a shainaithint agus cinntí ceannaigh barrmhaithe a dhéanamh sa mhargadh inmheánach. Agus lipéid agus modhanna ríomha difriúla á n- iomadú ar an margadh, bíonn sé deacair ag tomhaltóirí, gnólachtaí, infheisteoirí agus páirtithe leasmhara a fháil amach an féidir brath ar na maímh.
- (2) Mura mbíonn maímh chomhshaoil iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe, ní féidir le tomhaltóirí ná le gníomhaithe eile sa mhargadh a gcinntí ceannaigh a ghíaráil go hiomlán chun feidhmíocht chomhshaoil níos fearr a chúiteamh. Ar an gcaoi chéanna, cuireann easpa na faisnéise iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe bac ar thionscnaimh chun feidhmíocht chomhshaoil a bharrfheabhsú, rud a bheadh taobh le taobh le gnóthachain éifeachtúlachta agus coigilteas costais le haghaidh cuideachtaí ar feadh an tslabhra soláthair chomh maith go hiondúil. Géaraítear na hiarmhairtí sin le

¹ IO C , , lech. .

heaspa tagartha coitinne ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus leis an mearbhall a bhíonn ann dá éis.

- (3) Le haghaidh úsáideoirí faisnéise ar an gcomhshaol (tomhaltóirí, gnólachtaí, infheisteoirí, údarais riaracháin phoiblí, ENRanna) a chuimsítear i maímh chomhshaoil, fágann easpa iontaofachta, inchomparáideachta agus infhíoraitheachta go mbíonn fadhb ó thaobh muiníne de as faisnéis ar an gcomhshaol agus mearbhall ar dhaoine teachtaireachtaí ilchineálacha a thagann salach ar a chéile a léirmhíniú. Déantar dochar do thomhaltóirí agus do ghníomhaithe eile sa mhargadh leis sin, toisc go bhféadfaidís táirge nó idirbheart gnó a roghnú in áit roghanna malartacha bunaithe ar fhaisnéis mhíthreorach.
- (4) Dá bhrí sin, is gá rialáil na maíomh comhshaoil a chomhchuíbhiú a thuilleadh. Leis an gcomhchuíbhiú sin neartófar an margadh le haghaidh níos mó táirgí agus trádálaithe inbhuanaithe trí ilroinnt an mhargaidh a sheachaint, rud a tharlódh i ngeall ar chineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta. Leagfar tagarmharc síos leis freisin lena féidir an t- aistriú domhanda a spreagadh i dtreo geilleagar ciorclach, a bheidh tíosach ar acmhainní, aeráidneodrach agus cóir².
- (5) Rialacha mionsonraithe an Aontais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, is infheidhme maidir le cuideachtaí a oibríonn ar mhargadh an Aontais i gcumarsáid gnólacht le tomhaltóir, rannchuideoidh siad leis an aistriú glas i dtreo geilleagar glan, aeráidneodrach agus ciorclach san Aontas trí chur ar a gcumas do thomhaltóirí chun cinntí feasacha ceannaigh a dhéanamh, agus cuideoidh siad le cothroime iomaíochta a chruthú le haghaidh oibreoirí margaidh a dhéanann na maímh sin.
- (6) Is é creat rialála le haghaidh maíomh comhshaoil ceann de na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme³, rud lena n- aithnítear go bhfuil páirt thábhachtach ag faisnéis iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe le cur ar a gcumas do cheannaitheoirí chun cinntí níos inbhuanaithe a dhéanamh agus laghdaítear leis an gcreat an baol go ndéanfar ‘glas- snasú’ agus cuimsítear gealltanais ann chun dlús a chur le hiarrachtaí rialála agus neamhrialála chun dul i ngleic le maímh chomhshaoil bhréagacha. In éineacht le creat rialála eile de chuid an Aontais is infheidhme, lena n- áirítear an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas⁴, lena leasaítear Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ a bhfuil sé d’aidhm

² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin: *A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe*, COM/2020/98 final [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach le go mbeadh an Eoraip níos glaine agus níos iomaíche], COM/2020/98 final

³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin: An Comhaontú Glas don Eoraip, COM/2019/640 final

⁴ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2005/29/CE agus 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr, COM(2022) 143 final

⁵ Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála gnólacht le tomhaltóir éagothroma sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha) (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

ag an togra seo iad a chomhlánú, bunaítear córas soiléir le haghaidh maímh chomhshaoil leo, lena n- áirítear lipéid chomhshaoil.

- (7) Tá an Treoir seo ina cuid de thacar tionscnamh idirghaolmhar chun creat beartais comhleanúnach agus láidir a bhunú maidir le táirgí, lena bhfágfar gurb é an gnáthrud iad táirgí agus múnlaí gnó atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, seachas an eisceacht, agus chun patrún tomhaltais a athrú ó bhonn chun nach dtáirgfear aon dramhaíl ar an gcéad dul síos. Comhlánaítear an Treoir, i measc nithe eile, le hidirghabhálacha maidir le dearadh ciorclach táirgí, maidir le múnlaí gnó nua a chothú agus íoscheanglais a leagan síos chun cosc a chur ar tháirgí atá díobhálach don chomhshaoil a bheith á gcur ar mhargadh an Aontais tríd an togra le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe⁶.
- (8) Ba cheart riachtanais shonracha eárnálacha eacnamaíocha aonair a aithint agus dá bhrí sin ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le maímh chomhshaoil shainráite shaorálacha agus le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil nach rialáiltear le haon ghníomh eile de chuid an Aontais a mhéid a bhaineann le bunús a thabhairt leis na maímh nó na scéimeanna nó iad a chur in iúl, nó a fhíorú. Níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo dá bhrí sin maidir le maímh chomhshaoil shainráite a leagtar rialacha sonracha síos ina leith le reachtaíocht de chuid an Aontais, lena n- áirítear maidir le creataí modheolaíochta, rialacha measúnúcháin nó cuntasáíochta a bhaineann le tionchair chomhshaoil a thomhas agus a ríomh, nó gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil táirgí nó trádálaithe, nó faisnéis shainordaitheach agus neamhshainordaitheach a sholáthar do thomhaltóirí faoi fheidhmíocht chomhshaoil táirgí agus trádálaithe nó faisnéis inbhuanaitheachta a bhaineann le teachtaireachtaí nó le huiríll a d'fhéadfadh a bheith sainordaitheach nó saorálach de bhun rialacha an Aontais.
- (9) Laistigh de chomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na Straitéise ón bhFeirm go dtí an Forc agus na Straitéise Bithéagsúlachta, agus i gcomhréir leis an sprioc go mbainfear amach an cuspóir go mbeidh 25 % de thalamh talmhaíochta an Aontais faoin bhfeirmeoireacht orgánach faoi 2030 agus go dtiocfaidh méadú suntasach ar an do Bharshaothrú orgánach agus leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Táirgeadh Orgánach a Fhorbairt (COM(2021) 141), is gá an fheirmeoireacht orgánach agus an táirgeadh orgánach a fhorbairt a thuilleadh. A mhéid a bhaineann le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le maímh chomhshaoil i dtaca le táirgí orgánacha a dheimhnítear mar tháirgí orgánacha agus a dtugtar bunús leis na maímh sin ar bhonn an Rialacháin sin, agus a bhaineann, mar shampla, le húsáid na lotnaidicídí, na leasachán agus na bhfrithmhiocróbach nó, mar shampla, le tionchair dhearfacha na feirmeoireachta orgánaí ar an mbithéagsúlacht, ithir nó uisce⁸. Bíonn tionchar dearfach aige ar an mbithéagsúlacht freisin, cruthaítear poist leis agus mealltar feirmeoirí óga. Aithníonn tomhaltóirí a luach. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848, maidir leis na téarmaí 'bith' agus 'éicea' agus a ndíorthaigh, bíodh siad ina n- aonar nó in éineacht le

⁶ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú do tháirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE, COM(2022) 132 final

⁷ Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

⁸ https://agriculture.ec.europa.eu/system/files/2023-01/agri-market-brief-20-organic-farming-eu_en_1.pdf

chéile, níl siad le húsáid san Aontas le haghaidh táirgí, a gcomhábhar ná ábhair bheatha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin i gcás inar táirgeadh iad i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848. Mar shampla, chun ‘éicea’ a chur roimh an gcadás, ní mór é a bheith deimhnithe mar chadás orgánach, toisc go dtagann sé faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/848. I gcodarsnacht leis sin, má chuirtear ‘éicea’ roimh an ‘nglantach miasniteora’, ní thagann sé sin faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/848, agus rialáiltear ina áit sin faoi fhorálacha Threoir 2005/29/CE é.

- (10) Ina theannta sin, ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a bhaineann le teachtaireachtaí ná le huiríll a d’fhéadfadh a bheith sainordaitheach nó saorálach de bhun rialacha an Aontais nó rialacha náisiúnta le haghaidh seirbhísí airgeadais, amhail rialacha a bhaineann le baincéireacht, creidmheas, árachas agus athárachas, pinsin cheirde nó phearsanta, urrúis, cistí infheistíochta, gnólachtaí infheistíochta, íocaíocht, bainistíocht punainne agus comhairle infheistíochta, lena n-áirítear na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36⁹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mar aon le gníomhaíochtaí socrúcháin agus imréitigh agus seirbhísí comhairle, idirghabhála agus seirbhísí airgeadais coimhdeacha eile, lena n-áirítear caighdeáin nó scéimeanna deimhniúcháin a bhaineann leis na seirbhísí airgeadais sin.
- (11) Thairis sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le faisnéis ar an gcomhshaol arna tuairisciú ag gnóthais a chuireann caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha i bhfeidhm ar bhonn sainordaitheach nó saorálach i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE¹⁰ ná le faisnéis inbhuanaitheachta arna tuairisciú ar bhonn saorálach ag gnóthais a shainítear in airteagail 3(1), 3(2) nó 3(3) den Treoir seo i gcás ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin i gcomhréir le caighdeáin dá dtagraítear in Airteagail 29b nó 29c de Threoir 2013/34/AE nó i gcomhréir le caighdeáin nó treoirlínte tuairiscithe inbhuanaitheachta idirnáisiúnta, Eorpacha nó náisiúnta eile.
- (12) Tairiscintí chun earraí a cheannach nó seirbhísí a fháil ar choinníoll go gcomhlíonfar critéir chomhshaoil arna sainiú ag an díoltóir nó ag an soláthraí seirbhíse nó tairiscintí i gcás ina bhfaighidh tomhaltóirí téarmaí conarthacha nó praghsanna níos fabhraí ar na critéir sin a chomhlíonadh dóibh, mar shampla na hiasachtaí glasa mar a thugtar orthu, árachas tí glas nó táirgí seirbhísí airgeadais ag a bhfuil luaíochtaí comhchosúla le haghaidh gníomhaíochtaí nó iompraíocht chomhshaoil, níor cheart iad a bheith faoi réir rialacha na Treorach seo.
- (13) I gcás ina leagfar rialacha síos le haon reachtaíocht de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le maímh chomhshaoil, lipéid chomhshaoil, nó maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchair ar an gcomhshaol, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil táirgí nó trádálaithe áirithe in earnálacha sonracha nó na tionchair, na gnéithe nó an fheidhmíocht sin a chur in iúl, mar shampla, ‘*CountEmissions EU*’ a fógraíodh, an togra atá le teacht ón gCoimisiún le haghaidh creat reachtaíochta le

⁹ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

¹⁰ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

haghaidh córas bia inbhuanaithe de chuid an Aontais, an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe¹¹ nó Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², ba cheart na rialacha sin a chur i bhfeidhm maidir leis na maímh chomhshaoil shainráite atá i gceist seachas na rialacha a leagtar amach sa Treoir seo.

- (14) Leis an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas lena leasaítear Treoir 2005/29/CE, leagtar roinnt ceanglas sonracha amach maidir le maímh chomhshaoil agus toirmeasctar maímh chomhshaoil chineálacha nach bhfuil bunaithe ar shárfeidhmíocht chomhshaoil aitheanta atá ábhartha don mhaíomh. Samplaí de mhaímh chineálacha den sórt sin is ea ‘éiceabhách’, ‘éicea’, ‘glas’, ‘cara an dúlra’, ‘éiceolaíoch’ agus ‘ceart ó thaobh an chomhshaoil de’. Ba cheart don Treoir seo na ceanglais a leagtar amach sa togra sin a chomhlánú trí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe agus ar cheanglais shonracha maidir le maímh chomhshaoil shainráite a mhéid a bhaineann le bunús a thabhairt leo, iad a chur in iúl agus a fhíorú. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo maidir le gnéithe sonracha de mhaímh chomhshaoil shainráite agus beidh forlámhas acu ar na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2005/29/CE maidir leis na gnéithe sin i gcás coinbhleachta, de bhun Airteagal 3(4) den Treoir sin.
- (15) Chun a áirithiú go soláthrófar faisnéis iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe do thomhaltóirí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh cinntí a dhéanamh a bheidh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus chun an baol a laghdú go ndéanfar ‘glas- snasú’, is gá ceanglais a leagan síos maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite. Ba cheart a chur san áireamh, agus bunús den sórt sin á thabhairt le maímh, cuir chuige eolaíocha atá aitheanta go hidirnáisiúnta maidir le tionchair chomhshaoil ag táirgí nó trádálaithe a thomhas agus a ríomh, mar aon lena ngnéithe comhshaoil agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil, agus mar thoradh air sin ba cheart faisnéis iontaofa, thrédhearcach, inchomparáide agus infhíoraithe a bheith ann don tomhaltóir.
- (16) Leis an measúnú a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, is gá saolré an táirge nó gníomhaíochtaí foriomlána an trádálaí a bhreithniú agus níor cheart aon ghné chomhshaoil ábhartha ná aon tionchar ábhartha ar an gcomhshaoil a fhágáil ar lár. De thoradh na sochar a mhaítear, níor cheart tionchair dhiúltacha gan údar a aistriú chuig céimeanna eile de shaolré táirge nó trádálaí, nó tionchair dhiúltacha eile ar an gcomhshaoil a chruthú ná a mhéadú.
- (17) Leis an measúnú lena dtugtar bunús leis an maíomh chomhshaoil sainráite, ba cheart é a bheith indéanta na tionchair chomhshaoil agus na gnéithe chomhshaoil le haghaidh an táirge nó an trádálaí a shainiú, ar tionchair nó gnéithe iad a rannchuidíonn go suntasach agus go comhpháirteach le feidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán an táirge nó an trádálaí (tionchair ábhartha ar an gcomhshaoil’ agus ‘gnéithe ábhartha ar an gcomhshaoil’). Táscairí le haghaidh ábharthacht na dtionchar ar an gcomhshaoil agus na ngnéithe chomhshaoil, is féidir leo eascairt as measúnuithe lena gcuirtear an tsaolré san áireamh, lena n- áirítear na staidéir atá bunaithe ar mhodhanna an Loirg Comhshaoil

¹¹ COM(2022) 132 final

¹² Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2011 maidir le hainmneacha snáithíní teicstíle agus maidir le lipéadú gaolmhar agus marcáil ghaolmhar táirgí teicstíle i leith a gcomhdhéanaimh shnáithínigh agus lena n- aisghairtear Treoir 73/44/CEE ón gComhairle, Treoireacha 96/73/CE 2008/121/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 272, 18.10.2011, lch. 1).

(EF), ar choinníoll go mbeidh siad sin iomlán ó thaobh na dtionchar atá ábhartha don chatagóir táirge de agus nach bhfágtar aon tionchar tábhachtach ar an gcomhshaol ar lár leis na staidéir chéanna. Mar shampla, sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le modhanna an Loirg Comhshaoil a úsáid¹³, ba cheart na catagóirí tionchar is ábhartha a sainathníodh, in éineacht le chéile, cur le 80 % den scór foriomlán aonair. Is féidir leis na táscairí sin maidir le hábharthacht na dtionchar ar an gcomhshaol nó na ngnéithe comhshaoil eascairt as na critéir a leagtar síos in éicilipéid éagsúla de chineál I, mar is amhlaidh an cás le hÉicilipéad an Aontais Eorpaigh, nó i gcritéir an Aontais maidir leis an soláthar poiblí glas, as ceanglais a leagtar síos leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht¹⁴, as rialacha táirgeshonracha a glacadh faoi Rialachán .../.... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos¹⁵ nó as rialacha ábhartha eile an Aontais.

- (18) I gcomhréir le Treoir 2005/29/CE arna leasú leis an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas, níor cheart don trádálaí ceanglais a fhorchuirtear le dlí a chur i láthair ar tháirgí laistigh de chatagóir táirge áirithe mar thréith shuathinseach de thairiscint an trádálaí nó sochair le haghaidh tomhaltóirí a fhógairt a mheastar mar chleachtas coiteann sa mhargadh ábhartha. Dá bhrí sin, leis an bhfaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart a fhágáil gur féidir feidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí a shainathint i gcomparáid leis an gcleachtas coiteann le haghaidh táirgí sa ghrúpa táirge faoi seach, amhail bia, nó san earnáil faoi seach. Is gá sin chun bheith mar bhonn taca faoin measúnú an féidir na maímh chomhshaoil shainráite a dhéanamh maidir le táirge nó trádálaí áirithe i gcomhréir le feidhm mhaímh chomhshaoil, arb é an fheidhm sin a léiriú go bhfuil tionchar dearfach nó nach bhfuil tionchar ag táirge nó trádálaí ar an gcomhshaol, nó gur lú dochair don chomhshaol a dhéanann táirge nó trádálaí ná mar a dhéanann táirgí nó trádálaithe eile. D'fhéadfadh an cleachtas coiteann a bheith coibhéseach leis na híoscheanglais dhlíthiúla is infheidhme maidir leis an ngné chomhshaoil nó leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil shonrach, mar shampla a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh táirge, ábhar athchúrsáilte sainordaitheach nó cóireáil deireadh ré. Mar sin féin, i gcás inar fearr feidhmíocht thromlach na dtáirgí laistigh den ghrúpa táirgí nó feidhmíocht thromlach na dtrádálaithe laistigh den earnáil ná na ceanglais dhlíthiúla sin, níor cheart na híoscheanglais dhlíthiúla a mheas mar chleachtas coiteann.
- (19) Bheadh sé míthreorach le haghaidh na dtomhaltóirí dá dtabharfaí na sochair i dtéarmaí na dtionchar ar an gcomhshaol nó na ngnéithe comhshaoil le fios le maíomh comhshaoil sainráite ach go bhfágfaí ar lár an tráth céanna go n-eascraíonn comhbhabhtálacha diúltacha as baint amach na sochar sin ar thionchair eile ar an gcomhshaol, nó ar ghnéithe eile comhshaoil. Chuige sin, ba cheart a áirithiú leis an bhfaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite gur féidir na hidirnaisc idir na tionchair ábhartha ar an gcomhshaol agus idir na ngnéithe comhshaoil agus na tionchair chomhshaoil a shainathint mar aon le

¹³ Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 an 15 Nollaig 2021 maidir le modhanna an Loirg Comhshaoil a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí ar feadh a saolré a thomhas agus a chur in iúl, IO L 471, 30.12.2021, lch. 1.

¹⁴ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

¹⁵ [...]

comhbhabhtálacha ionchasacha. Leis an measúnú a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart a shaináithint más amhlaidh de thoradh feabhsuithe ar thionchair ar an gcomhshaol nó ar ghnéithe comhshaoil, go n-eascraíonn an cineál comhbhabhtálacha astu a d'fhéadfadh a fhágáil go rachadh an fheidhmíocht in olcas go suntasach a mhéid a bhaineann le tionchair eile ar an gcomhshaol nó gnéithe eile comhshaoil, mar shampla má eascraíonn méadú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa as coigilteas in ídiú an uisce, nó sa tionchar céanna ar an gcomhshaol le linn céim eile de shaolré an táirge, mar shampla, go bhfágann coigilteas CO₂ le linn na céime monaraithe méadú suntasach ar astaíochtaí CO₂ le linn na céime úsáide. Mar shampla, le maíomh maidir le tionchair dhearfacha de thoradh úsáid éifeachtúil acmhainní i gcleachtais diantalmhaíochta, féadfar tomhaltóirí a chur ar míthreoir i ngeall ar chomhbhabhtálacha atá nasctha le tionchair ar an mbithéagsúlacht, éiceachórais nó leas ainmhithe. Le maíomh comhshaoil ar theicstílí ina bhfuil polaiméir phlaisteach as buidéal athchúrsáilte PET, féadfar tomhaltóirí a chur ar míthreoir freisin maidir le sochar comhshaoil na gné sin má théann úsáid na polaiméire athchúrsáilte sin in iomaíocht leis an gcóras athchúrsála lúbiata le haghaidh ábhar teagmhála bia, rud a mheastar a bheith níos tairbhí ó thaobh na ciorclaíochta de.

- (20) Chun go measfar go bhfuil an maíomh comhshaoil láidir, ba cheart léiriú chomh cruinn agus is féidir a thabhairt leis ar fheidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí shonraigh. Dá bhrí sin, leis an bhfaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, is gá sonraí príomhúla a chuimsiú, a bhaineann leis an gcuideachta go sonrach, le haghaidh gnéithe ábhartha a rannchuidíonn go suntasach le feidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí dá dtagraítear sa mhaíomh. Is gá an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir faisnéis láidir agus ábhartha a áirithiú chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil, agus na hiarrachtaí is gá chun faisnéis phríomhúil a bhailiú. An ceanglas chun faisnéis phríomhúil a úsáid, ba cheart é a mheas i bhfianaise thionchar an trádálaí a bhfuil an maíomh á dhéanamh aige ar an bpróiseas faoi seach, agus má bhíonn faisnéis phríomhúil ar fáil. Murab é an trádálaí a bhfuil an maíomh á dhéanamh aige atá ag déanamh an phróisis agus mura bhfuil faisnéis phríomhúil ar fáil, ba cheart a bheith in ann faisnéis thánaisteach chruinn a úsáid, fiú le haghaidh próisis a rannchuidíonn go suntasach le feidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí. Baineann sin le hábhar go mór ionas nach gcuirtear FBManna faoi mhíbhuntáiste agus go gcoimeádfar na hiarrachtaí is gá chun sonraí príomhúla a fháil ar leibhéal comhréireach. Thairis sin, bíonn na gnéithe comhshaoil ábhartha difriúil le haghaidh gach cineáil maíomh comhshaoil. Mar shampla, i gcás maíomh maidir le hábhar bithbhunaithe nó athchúrsáilte, ba cheart comhdhéanamh an táirge a chumhdach le sonraí príomhúla. I gcás maíomh gur lú truailliú comhshaoil le linn céim áirithe den tsaolré, ba cheart sonraí príomhúla a chuimsiú chomh maith le faisnéis faoi astaíochtaí agus tionchair chomhshaoil a bhaineann leis an gcéim sin den tsaolré. Ba cheart ardleibhéal cáilíochta agus cruinnis a léiriú le sonraí príomhúla agus tánaisteacha araon, i.e. meán- sonraí.
- (21) Léiríodh go mbíonn maímh a bhaineann leis an aeráid go háirithe míshoiléir agus débhríoch agus go gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir. Baineann sé sin go háirithe le maímh chomhshaoil go bhfuil táirgí nó eintitis ‘neodrach ó thaobh aeráide de’, ‘neodrach ó thaobh carbóin de’, ‘100 % an CO₂ cúitithe’, nó go mbeidh siad ‘glan- nialasach’ faoi bhliain áirithe, nó rud comhchosúil leis sin. Is minic a bhíonn ráitis den sórt sin bunaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a ‘fhritháireamh’ trí ‘chreidmheasanna carbóin’ a ghintear lasmuigh de shlabhra luacha na cuideachta, ó thionscadail foraoiseachta nó fuinnimh in-athnuaite mar shampla. Tá na modheolaíochtaí atá mar bhonn taca faoi na modheolaíochtaí sin iontach éagsúil ar fad

agus ní bhíonn siad trédhearcach, cruinn ná comhsheasmhach i gcónaí. Fágann sé sin go mbíonn baol suntasach ann go ndéanfar rómheastacháin agus comhaireamh dúbailte ar astaíochtaí seachanta nó laghdaithe, i ngeall ar easpa breisíochta, buaine, bonnlínte creidiúnúcháin dinimiciúla agus uailmhianacha a imíonn ón ngnó mar is gnách, agus cuntasáíocht chruinn. Fágann na himthosca sin go mbíonn leibhéal íseal ionracais agus inchreidteachta ó thaobh an chomhshaoil de ag baint le creidmheasanna fritháirimh, lena gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir nuair a bhraitear orthu i maímh chomhshaoil shainráite. Is féidir leis an bhfritháireamh trádálaithe a dhíspreagadh maidir le laghduithe astaíochtaí a dhéanamh ina n- oibríochtaí agus ina slabhraí luacha féin. Chun rannchuidiú go leordhóthanach le spriocanna domhanda maidir leis an maolú ar an athrú aeráide, ba cheart do thrádálaithe tosaíocht a thabhairt do laghduithe éifeachtacha ar astaíochtaí ar fud a n- oibríochtaí agus a slabhraí luacha féin seachas a bheith ag brath ar fhritháirimh. Beidh aon astaíocht iarmharach dá thoradh sin éagsúil de réir chonaire shonrach na hearnála i gcomhréir leis na spriocanna aeráide domhanda agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu trí fheabhsuithe i dtaca le haistrithe. Mar sin féin, nuair a úsáidtear fritháirimh, meastar gurb iomchuí aghaidh a thabhairt ar mhaímh a bhaineann leis an gcomhshaol, lena n- áirítear maímh a bhaineann leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil a bheidh ann amach anseo, bunaithe ar fhritháirimh ar bhealach trédhearcach. Dá bhrí sin, leis an mbunús a thugtar do mhaímh a bhaineann leis an gcomhshaol, ba cheart aon fhritháireamh astaíochtaí gás ceaptha teasa arna úsáid ag na trádálaithe a bhreithniú ar leithligh ó astaíochtaí gás ceaptha teasa an trádálaí nó an táirge. Ina theannta sin, ba cheart a shonrú leis an bhfaisnéis sin freisin sciar na n- astaíochtaí iomlána a dtugtar aghaidh orthu tríd an bhfritháireamh, cé acu a bhaineann na fritháirimh sin le laghduithe astaíochtaí nó le feabhsuithe i dtaca le haistrithe, chomh maith leis an modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm. Ní mór bunús a thabhairt do na maímh, a bhaineann le haeráid agus lena gcuimsítear úsáid na bhfritháireamh, le modheolaíochtaí lena n- áiríthítear ionracas agus comhaireamh ceart na bhfritháireamh sin agus an tionchar dá thoradh ar an aeráid a léiriú go comhleanúnach agus go trédhearcach dá réir.

- (22) Tá méadú ag teacht ar a mhinice a bhíonn spéis ag trádálaithe i maímh chomhshaoil a dhéanamh a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil táirge nó trádálaí a bheidh ann amach anseo, lena n- áirítear trí pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh lena gcuirtear cleachtais chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú le tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol nó le tuilleadh ciorclaíochta. Ba cheart bunús a thabhairt do na maímh sin i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le gach maíomh comhshaoil sainráite.
- (23) An fhaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart í a bheith bunaithe ar an eolaíocht, agus ba cheart aon easpa, sa bhealach a mheastar tionchair áirithe ar an gcomhshaoil nó gnéithe áirithe comhshaoil, a bhreithniú go cúramach.
- (24) Is féidir le modhanna an Loirg Comhshaoil (EF) tacú le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite maidir le tionchair shonracha ar an gcomhshaol le linn saolré a chumhdaítear leis na modhanna, ar choinníoll go mbeidh siad iomlán ó thaobh na dtionchar atá ábhartha don chatagóir táirge de agus nach bhfágtar aon tionchar tábhachtach ar an gcomhshaol ar lár. Cumhdaítear 16 thionchar ar an gcomhshaol leis na modhanna, lena n- áirítear an t- athrú aeráide, agus tionchair a bhaineann le huisce, aer, ithir, acmhainní, úsáid talún agus tocsaineacht.
- (25) Ós rud é nach gcumhdaítear tionchar comhshaoil suntasach ag táirge le haon cheann de 16 chatagóir tionchair na modhanna EF, níor cheart é sin a bheith ina údar le heaspa sa bhealach a bhreithnítear na tionchair sin. Gníomhaí eacnamaíoch a dhéanann

maíomh comhshaoil sainráite maidir le grúpa táirge den sórt sin, ba cheart oibleagáid an díchill a bheith air chun fianaise a lorg lena dtabharfar bunús leis an maíomh sin. Mar shampla, gníomhaí eacnamaíoch a dhéanann maíomh comhshaoil sainráite faoi tháirge iascaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶ ba cheart oibleagáid an díchill a bheith air chun fianaise a lorg lena dtabharfar bunús le hinbhuanaitheacht an stoic éisc ar a ndírítear. Is féidir measúnuithe stoic ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara agus ó chomhlachtaí measúnúcháin stoic chomhchosúla a úsáid chun na críche sin.

- (26) Thairis sin, níl modheolaíocht iontaofa ann fós chun measúnú a dhéanamh ar thionchair comhshaoil ag saolré táirgí a bhaineann le scaoileadh na micreaphlaisteach. Mar sin féin, i gcás ina gcuireann an scaoileadh sin le tionchair shuntasacha ar an gcomhshaoil nach bhfuil faoi réir maímh, níor cheart a cheadú don trádálaí, a bhfuil an maíomh á dhéanamh aige maidir le gné eile, neamhaird a thabhairt air, ach ba cheart faisnéis atá ar fáil a chur san áireamh agus an measúnú a thabhairt cothrom le dáta nuair a bheidh fáil ar fhianaise eolaíoch a bheidh aitheanta go forleathan.
- (27) Is féidir tomhaltóirí a chur ar míthreoir freisin le maímh chomhshaoil shainráite a shonraíonn nó a thugann le tuiscint go bhfuil níos lú nó níos mó tionchair chomhshaoil ag táirge nó trádálaí nó go bhfuil feidhmíocht chomhshaoil níos fearr nó níos measa aige ná táirgí nó trádálaithe eile ('maímh chomhshaoil chomparáideacha'). Gan dochar do chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí, Threoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷, chun go mbeidh na tomhaltóirí in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis iontaofa, is gá a áirithiú gur féidir maímh chomhshaoil chomparáideacha a chur i gcomparáid ar bhealach oiriúnach. Mar shampla, fágfar gur dodhéanta comparáidí a dhéanamh má roghnaítear táscairí maidir leis na gnéithe comhshaoil céanna ach go n- úsáidtear foirmle dhifriúil chun na táscairí sin a chainníochtú, agus bíonn baol ann dá bhrí sin go gcuirfeadh tomhaltóirí ar míthreoir. I gcás ina ndéanann beirt trádálaithe maíomh comhshaoil maidir leis an athrú aeráide, inar bhreithnigh trádálaí amháin tionchair dhíreacha ar an gcomhshaoil agus iad sin amháin, ach inar mheas an trádálaí eile tionchair dhíreacha agus indíreacha ar an gcomhshaoil araon, ní torthaí inchomparáide iad sin. Chomh maith leis sin, is féidir le maímh mhíthreoracha eascairt as cinneadh chun an chomparáid a dhéanamh le linn céimeanna áirithe de shaolré tháirge agus lena linn sin amháin, mura gcuirtear é sin in iúl go trédhearcach. Le maíomh comhshaoil comparáideach, is gá a áirithiú go gcuirtear na céimeanna is ábhartha den tsaolré san áireamh le haghaidh na dtáirgí uile i gcás táirgí ina bhfuil amháin, úsáidí agus slabhraí próisis an- difriúil i gceist freisin, amhail plaistigh bhithbhunaithe agus plaistigh atá bunaithe ar iontaisí. Mar shampla, bíonn an talmhaíocht nó an fhoraoiseacht ábhartha le haghaidh plaistigh bhithbhunaithe ach bíonn an t- úscadh amhola ábhartha le haghaidh plaistigh atá bunaithe ar iontaisí agus baineann an cheist, an rachaidh sciar ábhartha den táirge chuig líonadh talún, go mór le plaistigh a bhith-dhíghrádaíonn go maith faoi choinníollacha líonta talún ach b'fhéidir nach bhfuil an cheist sin chomh hábhartha céanna le haghaidh plaistigh nach mbith-dhíghrádaíonn agus dálaí den sórt sin i gceist.

¹⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margáí i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

¹⁷ Treoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 a bhaineann le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 21).

- (28) Agus na ceanglais á leagan síos maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl, lena n- áirítear trí ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún, ba cheart na deacrachtaí a chur san áireamh ar deacrachtaí iad a d'fhéadfadh a bheith roimh thrádálaithe chun faisnéis a bhailiú ó ghníomhaithe eile ar fud a slabhra luacha ar fad nó faoi shaolré fhoriomlán an táirge, go háirithe le haghaidh seirbhísí nó i gcás nach mbeidh leordhóthain fianaise eolaíche ann. Bíonn sé sin tábhachtach mar shampla le haghaidh seirbhísí amhail seirbhísí cumarsáide leictreonaí, ar féidir é a bheith deacair an raon feidhme agus teorainneacha an chórais a shainiú lena n- aghaidh, e.g. an áit a dtosaíonn an tsaoil agus an áit a dtagann sí chun críche agus níos mó ná sin fiú, i gcás ina mbeidh slabhraí soláthair casta agus neamhchobhsaí, e.g. i gcásanna ina mbeidh roinnt mhaith trealaimh nó comhpháirteanna á monarú ag an iomaí fiontar lasmuigh den Aontas Eorpach, agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeidh faisnéis a bhaineann leis an inbhuanaitheacht inrochtana go héasca do thrádálaithe den Aontas lena mbaineann.
- (29) I gcás roinnt earnálacha nó i gcás táirgí nó trádálaithe áirithe, d'fhéadfadh tionchair shuntasacha amhrasta ar an gcomhshaoil nó gnéithe suntasacha comhshaoil amhrasta a bheith ann ach gan aon mhodh eolaíoch aitheanta ann fós chun measúnú iomlán a dhéanamh ar na tionchair sin ar an gcomhshaoil ná ar na gnéithe comhshaoil sin. Le haghaidh na gcásanna sin, agus le linn iarrachtaí a bheith á ndéanamh chun modhanna a fhorbairt agus fianaise a bhailiú chun measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaoil nó ar an ngné chomhshaoil sin faoi seach a chumasú i gcás na n- earnálacha, na dtrádálaithe nó na dtáirgí sin, ba cheart trádálaithe a bheith in ann a n- iarrachtaí ar son na hinbhuanaitheachta a chur chun cinn trí thuairisciú inbhuanaitheachta na cuideachta a fhoilsiú, mar aon le tuairisciú fíorasach ar mhéadracht feidhmíochta na cuideachta agus ar a n- obair chun an tomhaltas fuinnimh a laghdú, ar a suímh ghréasáin chomh maith. Leis an tsolúbthacht sin, chuirfí chun cinn agus choinneofaí ar bun tionscnaimh na n- earnálacha nó na dtrádálaithe sin chun leanúint dá n- iarrachtaí chun measúnuithe comhshaoil coiteanna a fhorbairt, de bhun na Treorach seo agus foráil á déanamh maidir leis an tréimhse is gá chun obair den sórt sin a chur i gcrích.
- (30) Cé go dtoirmeasctar cleachtais tráchtála éagóracha, lena n- áirítear maímh chomhshaoil mhíthreoracha, i gcás na dtrádálaithe uile de bhun Threoir 2005/29/CE¹⁸, d'fhéadfadh ualach riaracháin, atá nasctha le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil agus iad a fhíorú, a bheith díréireach le haghaidh na gcuideachtaí is lú agus ba cheart an t- ualach sin a sheachaint. Chuige sin, ba cheart micrifhiontair a dhíolmhú ó na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh faoi Airteagal 3 agus 4 ach amháin i gcás inar mian leis na fiontair sin deimhniú comhréireachta a fháil faoi mhaímh chomhshaoil shainráite a aithneoidh na húdaráis inniúla ar fud an Aontais.
- (31) Chun freastal ar riachtanais na dtrádálaithe maidir le straitéisí margaíochta dinimiciúla, agus riachtanais na dtomhaltóirí maidir le faisnéis ar an gcomhshaoil a bheith níos mionsonraithe, agus níos cruinne, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na forálacha a fhorlíonadh maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite trí na critéir maidir le bunús a thabhairt i dtaca le maímh

¹⁸ Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála gnólacht le tomhaltóir éagothroma sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha') (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22) arna leasú.

áirithe a shonrú a thuilleadh (e.g. maímh a bhaineann leis an aeráid, lena n- áirítear maímh faoi fhritháirimh, ‘aeráidneodracht’ nó nithe comhchosúla, an in- athchúrsáilteacht agus ábhar athchúrsáilte). Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Coimisiún rialacha breise a leagan síos maidir leis na tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil agus feidhmíocht chomhshaoil a thomhas agus a ríomh, trína chinneadh cé na gníomhaíochtaí, próisis, ábhair, astaíochtaí nó úsáidí táirge nó trádálaí a chuireann go suntasach nó nach féidir cur leis na tionchair ábhartha ar an gcomhshaoil agus leis na gnéithe ábhartha comhshaoil; trí chinneadh, maidir le faisnéis phríomhúil, cé na gnéithe comhshaoil agus na tionchair chomhshaoil ba cheart faisnéis den sórt sin a úsáid lena n- aghaidh; agus trí na critéir a chinneadh chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise príomhúla agus tánaistí. Cé gurbh amhlaidh i bhformhór na gcásanna nach mbreithneodh an Coimisiún an gá leis na rialacha sin a ghlacadh ach amháin tar éis dó torthaí an fhaireacháin ar éabhlóid na maíomh comhshaoil ar mhargadh an Aontais a fháil, i gcás cineálacha áirithe maíomh, d’fhéadfadh sé gur gá don Choimisiún rialacha forlíontacha a ghlacadh sula mbeidh torthaí an fhaireacháin sin ar fáil. Mar shampla, i gcás na maíomh a bhaineann le haeráid, d’fhéadfadh sé gur gá gníomhartha forlíontacha den sórt sin a ghlacadh chun na forálacha a chur i ngníomh, ar forálacha iad maidir le bunús a thabhairt le maímh atá bunaithe ar fhritháirimh.

- (32) Tá treoraíocht sa Mholadh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 maidir leis an mbealach chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí nó eagraíochtaí sonracha a thomhas agus faoin mbealach chun Rialacha Catagóire maidir leis an Lorg Comhshaoil Táirge (PEFCRanna) agus Rialacha Earnála maidir leis an Lorg Comhshaoil Eagraíochta (OEFSRanna) a fhorbairt, lena bhfágtar go mbítear in ann táirgí a chur i gcomparáid le tagarmharc. Is féidir rialacha catagóra den sórt sin le haghaidh táirgí nó trádálaithe sonracha a úsáid chun tacú leis an mbunús a thugtar le maímh i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun rialacha maidir le grúpa táirgí nó maidir le hearnáil shonrach a leagan síos i gcás ina bhféadfadh breisluach a bheith i gceist leis sin. Mar sin féin, i gcás inarb amhlaidh le modh an Loirg Comhshaoil Táirge nach gcumhdaítear catagóirí thionchair fós, ar catagóirí í atá ábhartha le haghaidh grúpa táirgí, ní fhéadfadh PEFCR a ghlacadh ach amháin tar éis do na catagóirí ábhartha tionchar comhshaoil a bheith curtha leis an modh sin. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le hiascaigh mhuirí, ba cheart do PEFCR na catagóirí tionchar comhshaoil a bhaineann le hiascaigh go sonracha a léiriú, go háirithe inbhuanaitheacht an stoic ar a ndírítear. Maidir leis an spás, ba cheart do PEFCR na catagóirí tionchar comhshaoil a bhaineann le cúrsaí cosanta agus an spás go sonracha a léiriú, lena n- áirítear an úsáid sa spás fithiseach. A mhéid a bhaineann le táirgí bia agus talmhaíochta, ba cheart an bhithéagsúlacht agus cosaint an dúlra, mar aon le cleachtais feirmeoireachta, lena n- áirítear seachtrachtaí dearfacha na feirmeoireachta forleithne agus leas na n- ainmhithe, a chomhtháthú freisin sula bhféadfaí glacadh PEFCR a bhreithniú. A mhéid a bhaineann le teicstílí, ba cheart do PEFCR scaoileadh na micreaphlaisteach a léiriú mar shampla, sula bhféadfaí glacadh PEFCR a bhreithniú.
- (33) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Treoir 2005/29/CE maidir le maímh chomhshaoil mhíthreoracha cheana féin, cumasaítear na cúirteanna agus na húdaráis riaracháin náisiúnta leis an Treoir maímh den sórt sin a stopadh agus a thoirmeasc. Mar shampla, chun Treoir 2005/29/CE a chomhlíonadh, ba cheart nach mbeadh baint ag maímh chomhshaoil ach amháin le gnéithe atá suntasach i dtéarmaí tionchar an táirge nó an trádálaí ar an gcomhshaoil. Ba cheart maímh chomhshaoil a bheith soiléir agus neamh-dhébhríoch freisin maidir leis na gnéithe den táirge nó den trádálaí dá

dtagraíonn siad agus níor cheart faisnéis thábhachtach faoi fheidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí a fhágáil ar lár nó a cheilt, ar faisnéis í sin lena mbíonn gá ag tomhaltóirí chun roghanna eolacha a dhéanamh. Leis an bhfoclaíocht, na híomhánna agus le cur i láthair foriomlán an táirge, lena n-áirítear an leagan amach, rogha na ndathanna, na n-íomhánna, na bpictiúr, na bhfuaimneanna, na siombailí nó na lipéad, a chuimsítear sa mhaíomh comhshaoil, ba cheart léiriú cruinn agus fírinneach a sholáthar ar scála an tsochair comhshaoil a bhaintear amach, agus níor cheart meastachán thar ceart a dhéanamh ar an sochar comhshaoil a bhaintear amach.

- (34) I gcás ina mbainfidh an maíomh comhshaoil sainráite le táirge deiridh agus go dtarlaíonn na tionchair ábhartha comhshaoil nó na gnéithe ábhartha comhshaoil den táirge sin le linn chéim na húsáide agus i gcás inar féidir le tomhaltóirí tionchar a imirt ar na tionchair sin ar an gcomhshaoil nó ar na gnéithe comhshaoil sin trí iompraíocht iomchuí, amhail, mar shampla, dramháil a shórtáil i gceart nó tionchair na bpatrún úsáide ar fhad saoil an táirge, ba cheart faisnéis a chuimsiú leis an maíomh freisin lena mínítear do thomhaltóirí an bealach lenar féidir lena n-iompraíocht rannchuidiú go dearfach leis an gcomhshaoil a chosaint.
- (35) Ionas go n-éascaítear roghanna tomhaltóirí maidir le táirgí níos inbhuanaithe a roghnú agus chun iarrachtaí na dtrádálaithe a dhreasú chun a dtionchair chomhshaoil a íslíú, nuair a bhaineann an maíomh a chuirtear in iúl le feidhmíocht chomhshaoil a bheidh ann amach anseo, ba cheart, mar thosaíocht, an maíomh a bheith bunaithe ar fheabhsuithe laistigh d'oibríochtaí agus de shlabhraí luacha an trádálaí féin seachas a bheith ag brath ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nó tionchair eile ar an gcomhshaoil a fhritháireamh.
- (36) Ba cheart rochtain éasca a bheith ag tomhaltóirí ar an bhfaisnéis faoin táirge nó trádálaí arb í an fhaisnéis sin is ábhar don mhaíomh comhshaoil sainráite agus maidir le faisnéis a thugann bunús don mhaíomh sin. Ba cheart riachtanais tomhaltóirí scothaosta a bhreithniú leis an bhfaisnéis sin freisin. Chun na críche sin, ba cheart do thrádálaithe an fhaisnéis sin a sholáthar i bhfoirm fhisiceach nó nasc gréasáin, cód QR nó a choibhéis a sholáthar lena dtreorófar an tomhaltóir chuig suíomh gréasáin mar a gcuirtear faisnéis níos mionsonraithe faoin mbunús a thugtar don mhaíomh comhshaoil sainráite ar fáil i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit mar a ndéantar an maíomh. Chun forfheidhmiú na Treoracha seo a éascú, ba cheart rochtain éasca a áirithiú freisin leis an nasc gréasáin, cód QR nó lena choibhéis ar an deimhniú comhréireachta maidir leis an mbunús a thugtar leis an maíomh comhshaoil sainráite agus ar fhaisnéis teagmhála an fhíoraitheora a tharraing an deimhniú sin suas.
- (37) Chun tionchair dhíríreacha ionchasacha ar na micrifhiontair a sheachaint, ba cheart na cuideachtaí is lú a dhíolmhú ó cheanglais Airteagal 5 atá nasctha le faisnéis faoin mbunús a thugtar le maímh chomhshaoil shainráite ach amháin i gcás inar mian leis na fiontair sin deimhniú comhréireachta a fháil faoi mhaímh chomhshaoil shainráite a aithneoidh na húdaráis inniúla ar fud an Aontais.
- (38) Nuair a ghlacann an Coimisiún gníomhartha tarmligthe chun na forálacha maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a fhorlíonadh, d'fhéadfadh sé gur gá na forálacha maidir leis na maímh sin a chur in iúl a fhorlíonadh freisin. Mar shampla, i gcás ina leagfar síos rialacha sonracha atá bunaithe ar an tsaolré maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite le haghaidh grúpa táirgí nó earnáil áirithe, d'fhéadfadh sé gur gá rialacha forlíontacha a chur leo maidir le tionchair chomhshaoil a chur i láthair, ar tionchair iad a ndearnadh measúnú orthu bunaithe ar na rialacha sin, trí cheangal nach mór trí phríomh-thionchar comhshaoil a chur i láthair

taobh le táscaire comhiomlánaithe na feidhmíochta comhshaoil foriomláine. Chuige sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na forálacha a fhorlíonadh, ar forálacha iad maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chur in iúl.

- (39) Faoi láthair, úsáidtear breis agus 200 lipéad comhshaoil ar mhargadh an Aontais. Cuireann siad difríochtaí tábhachtacha i láthair maidir leis an mbealach a oibríonn siad a mhéid a bhaineann le trédhearcacht agus cuimsitheacht na gcaighdeán nó na modhanna a úsáidtear mar shampla, minicíocht na n- athbhreithnithe, nó leibhéal na hiniúcháireachta nó an fhíorúcháin. Bíonn tionchar ag na difríochtaí sin ar a iontaofa a bhíonn an fhaisnéis a chuirtear in iúl ar na lipéid chomhshaoil. Cé go leantar bonn eolaíoch daingean leis na maímh a bhíonn bunaithe ar Éicilipéad an Aontais Eorpaigh nó a choibhéisí náisiúnta, go bhfuil forbairt thrédhearcach i gceist lena gcritéir, go gceanglaítear tástáil agus fíorú tríú páirtí lena n- aghaidh agus go ndéantar foráil maidir le faireachán tráthrialta, tugann fianaise le fios go bhfuil roinnt mhaith lipéad comhshaoil atá ar mhargadh an Aontais faoi láthair míthreorach. Go háirithe, tá nósanna imeachta fíorúcháin leormhaithe in easnamh maidir le roinnt mhaith lipéad comhshaoil. Dá bhrí sin, ba cheart maímh chomhshaoil shainráite a dhéantar ar lipéid chomhshaoil a bheith bunaithe ar scéim deimhniúcháin.
- (40) I gcásanna ina mbeidh cumarsáid tráchtála chuig tomhaltóirí ag baint le lipéad comhshaoil, lena moltar nó lena dtugtar le tuiscint go bhfuil tionchar dearfach nó nach bhfuil tionchar ag táirge ar an gcomhshaol, nó gur lú dochair don chomhshaol a dhéanann sé ná mar a dhéanann táirgí atá san iomaíocht nach bhfuil an lipéad acu, ba cheart a mheas gur maíomh comhshaoil sainráite é an lipéad comhshaoil sin freisin. Bíonn ábhar an lipéid comhshaoil sin faoi réir na gceanglas maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl dá bhrí sin.
- (41) Is minic é a bheith d'aidhm ag na lipéid chomhshaoil scóráil chomhiomlánaithe a sholáthar do thomhaltóirí lena gcuirtear tionchar carnach táirgí nó trádálaithe ar an gcomhshaol i láthair, chun go mbeifear in ann comparáidí díreacha a dhéanamh idir táirgí nó trádálaithe. Baineann baol leis an scóráil chomhiomlánaithe sin áfach go gcuirfead tomhaltóirí ar míthreoir toisc gurb amhlaidh leis an táscaire comhiomlánaithe go bhféadfaí tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a bhaineann le gnéithe áirithe den táirge a mhaolú le tionchair níos dearfaí ar an gcomhshaol a bhaineann le gnéithe eile den táirge. Ina theannta sin, agus iad forbartha ag oibreoirí difriúla, bíonn na lipéid sin difriúil de ghnáth i dtéarmaí mhodheolaíocht shonrach fholuiteach an scóir chomhiomlánaithe amhail na tionchair chomhshaoil a bhreithnítear nó an t- ualú a chuirtear i leith na dtionchar sin ar an gcomhshaol. D'fhéadfadh sé sin a fhágáil go bhfaighidh an táirge céanna rátáil nó scór difriúil ag brath ar an scéim. Tagann an t- údar inni sin chun cinn i ndáil le scéimeanna atá bunaithe san Aontas agus i dtríú tíortha. Tá sé sin ag cur le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh, is baolach go gcuirfead cuideachtaí níos lú faoi mhíbhuntáiste leis, agus is dócha go gcuirfead tomhaltóirí ar míthreoir a thuilleadh agus go ndéanfar dochar dá muinín as lipéid chomhshaoil dá thoradh. Chun an baol sin a sheachaint agus comhchuibhiú níos fearr laistigh den mhargadh aonair a áirithiú, maidir leis na maímh chomhshaoil shainráite lena n- áirítear lipéid chomhshaoil, bunaithe ar scór comhiomlánaithe, arb é atá ann tionchar carnach táirgí nó trádálaithe ar an gcomhshaol, níor cheart a mheas go bhfuil bunús leordhóthanach tugtha do na maímh sin ach amháin más rud é go n- eascraíonn na scóir chomhiomlánaithe sin as rialacha an Aontais, lena n- áirítear na gníomhartha tarmligthe a bhfuil sé tugtha de chumhacht don Choimisiún iad a ghlacadh faoin Treoir seo, rud a fhágann scéimeanna comhchuibhithe le haghaidh na dtáirgí uile nó in

aghaidh an ghrúpa táirgí shonraigh bunaithe ar mhodheolaíocht aonair chun an comhleanúnachas agus an inchomparáideacht a áirithiú.

- (42) I gcomhréir leis an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas, lena leasaítear Treoir 2005/29/CE, is cleachtas tráchtála éagórach i ngach imthoisc é lipéad inbhuanaitheachta a thaispeáint nach bhfuil bunaithe ar scéim deimhniúcháin nó ar scéim a bhunaigh údaráis phoiblí. Ciallaíonn sé sin go dtoirmeasctar na lipéid inbhuanaitheachta ‘féindeimhnithe’, i gcás nach dtarlaíonn aon fhíorú tríú páirtí ná faireachán tráthrialta a mhéid a bhaineann le comhlíontacht le ceanglais fholuiteacha an lipéid inbhuanaitheachta.
- (43) Chun maímh chomhshaoil shainráite mhíthreoracha a chomhrac, ar maímh iad a chuirtear in iúl i bhfoirm na lipéad inbhuanaitheachta agus chun iontaoibh tomhaltóirí as lipéid chomhshaoil a mhéadú, ba cheart critéir rialachais a leagan síos leis an Treoir seo nach mór do gach scéimeanna lipéadaithe comhshaoil iad a chomhlíonadh, rud a chomhlíonann dá réir na ceanglais a leagtar síos sa togra sin lena leasaítear Treoir 2005/29/CE.
- (44) Ionas go seachnaítear tuilleadh iomadaithe scéimeanna lipéadaithe comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha de chineál I EN ISO 14024 atá aitheanta go hoifigiúil (‘éicilipéadú’), agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil eile, agus chun tuilleadh comhchuibhithe sa mhargadh inmheánach a áirithiú, níor cheart scéimeanna lipéadaithe comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha nua a fhorbairt ach amháin faoi dhlí an Aontais. Mar sin féin, is féidir leis na Ballstáit iarraidh ar an gCoimisiún breithniú scéimeanna lipéadaithe poiblí a fhorbairt ar leibhéal an Aontais le haghaidh grúpaí táirgí nó earnálacha mar nach ann do lipéid den sórt sin i ndlí an Aontais fós agus mar a mbeadh breisluach i gceist le comhchuibhiú chun na cuspóirí ó thaobh na hinbhuanaitheachta agus an mhargaidh inmheánaigh a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil.
- (45) Chun nach gcruthófar bacainní nach gá roimh an trádáil idirnáisiúnta agus chun cóir chomhionann a áirithiú leis na scéimeanna poiblí arna mbunú san Aontas, ba cheart a cheadú do na húdaráis phoiblí lasmuigh den Aontas, atá ag bunú scéimeanna lipéadaithe nua, formheas a iarraidh ón gCoimisiún chun an lipéad a úsáid ar mhargadh an Aontais. Ba cheart an formheas sin a bheith coinníollach ar rannchuidiú na scéime le cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach agus ar choinníoll go léiríonn na scéimeanna breisluach i dtéarmaí na huailmhéine i leith an chomhshaoil, cumhdach na dtionchar ar an gcomhshaoil, grúpa táirgí nó earnáil agus go gcomhlíonann siad ceanglais uile na Treorach seo.
- (46) D’fhéadfaí mearbhall i measc tomhaltóirí a chruthú nó dochar a dhéanamh dá muinín as lipéid chomhshaoil má bhíonn an iomarca scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ann arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha, agus má bhíonn na scéimeanna forluiteach i dtéarmaí raon feidhme. Dá bhrí sin, níor cheart do na Ballstáit bunú scéimeanna lipéadaithe comhshaoil nua a cheadú ar scéimeanna arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha iad, ach amháin ar choinníoll go dtairgeann siad breisluach suntasach i gcomparáid leis na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha atá ann cheana i dtéarmaí uailmhian na gcritéir i leith an chomhshaoil, chun an lipéad a dhámhachtain, cumhdach na dtionchar ábhartha ar an gcomhshaoil, agus iomláine an mheasúnaithe is bonn leis na critéir. Ba cheart do na Ballstáit nós imeachta a leagan síos um scéimeanna lipéadaithe comhshaoil nua a fhorghabháil bunaithe ar dheimhniú comhréireachta arna tharraingt suas ag an bhfíoraitheoir neamhspleách. Ba cheart

feidhm a bheith aige sin maidir le scéimeanna atá bunaithe san Aontas agus lasmuigh den Aontas.

- (47) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus chun forfheidhmiú na bhforálacha maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil nua náisiúnta agus réigiúnacha atá aitheanta go hoifigiúil agus scéimeanna lipéadaithe nua príobháideacha a éascú, ba cheart don Choimisiún liosta de scéimeanna den sórt sin a d'fhéadfadh leanúint d'fheidhm a bheith acu ar mhargadh an Aontais nó dul isteach i margadh an Aontais a fhoilsíú.
- (48) Chun a áirithiú go mbeidh cur chuige comhchuibhithe ag na Ballstáit maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna bhforbairt ag oibreoirí príobháideacha a mheasúnú agus a fhorfhormheas, agus chun nós imeachta formheasa ag an gCoimisiún a bhunú le haghaidh scéimeanna beartaithe arna mbunú ag údaráis phoiblí lasmuigh den Aontas, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha comhchoiteanna a ghlacadh lena sonraítear ceanglais mhionsonraithe maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil den sórt sin a fhorfhormheas, maidir le formáid agus inneachar na ndoiciméad tacaíochta agus maidir le rialacha nós imeachta chun scéimeanna den sórt sin a fhorfhormheas. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹.
- (49) Tá sé fíor-riachtanach go léiríonn maímh chomhshaoil shainráite an fheidhmíocht chomhshaoil agus tionchair chomhshaoil a chumhdaítear leis an maíomh i gceart, agus go mbreithnítear leo an fhianaise eolaíoch is déanaí. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh an trádálaí a dhéanann an maíomh bunús agus cumarsáid na maíomh a athbhreithniú agus a nuashonrú gach 5 bliana ar a laghad chun comhlíonadh cheanglais na Treorach seo a áirithiú
- (50) Chun a áirithiú go mbeidh maímh chomhshaoil shainráite iontaoifa, is gá go mbunóidh na Ballstáit nós imeachta chun a fíorú go gcomhlíonann bunús agus cumarsáid na maíomh comhshaoil sainráite, lena n-áirítear lipéid chomhshaoil, nó na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil, na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo.
- (51) Chun go mbeidh na húdaráis inniúla in ann cur chun feidhme fhorálacha na Treorach seo a rialú ar bhealach níos éifeachtúla agus chun maímh chomhshaoil shainráite nach bhfuil bunús tugtha leo a bheith ar an margadh a chosc a oiread agus is féidir, lena n-áirítear lipéid chomhshaoil, ba cheart d'fhíoraitheoirí a chomhlíonann na ceanglais chomhchuibhithe a leagtar síos leis an Treoir a sheiceáil go gcomhlíonann an fhaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt agus cumarsáid a dhéanamh maidir le maímh chomhshaoil shainráite, ceanglais na Treorach seo. Ionas nach gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir, ba cheart an fíorú a dhéanamh in aon chás sula gcuirfear na maímh chomhshaoil ar fáil don phobal nó sula dtaispeánfar lipéid chomhshaoil. Féadfaidh an fíoraitheoir, más iomchuí, roinnt bealaí a chur in iúl chun an maíomh comhshaoil sainráite a chomhlíonann ceanglais na Treorach seo a chur in iúl chun an gá le hathdheimhniú leanúnach a sheachaint i gcás go ndéanfaí an bealach cumarsáide a mhodhnú beagán gan difear a dhéanamh do chomhlíonadh cheanglais na Treorach seo. Chun comhlíonadh na rialacha maidir le bunús a thabhairt agus cumarsáid a dhéanamh maidir le maímh shainráite chomhshaoil a éascú do thrádálaithe, lena n-áirítear na

¹⁹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

lipéid comhshaoil, ba cheart cineál agus inneachar an mhaímh nó an lipéid chomhshaoil a chur san áireamh san fhíorú, lena n- áirítear an dealraíonn sé go bhfuil siad éagórach i bhfianaise Threoir 2005/29/CE.

- (52) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do thrádálaithe ar fud an mhargaidh inmheánaigh a mhéid a bhaineann le ceanglais na Treorach seo a bheith á gcomhlíonadh ag na maímh chomhshaoil shainráite, ba cheart do na húdaráis inniúla ar fud an Aontais an deimhniú comhréireachta a aithint. Ba cheart cead a bheith ag micrifhiontair deimhniú den sórt sin a iarraidh más mian leo a maímh a dheimhniú i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo agus tairbhe a bhaint as aitheantas an deimhnithe ar fud an Aontais. Níor cheart, áfach, go ndéanfaí leis an deimhniú comhréireachta réamhbhreithiúnas maidir le maíomh comhshaoil a mheasúnú, ar measúnú é a dhéanann na húdaráis phoiblí nó na cúirteanna a dhéanann Treoir 2005/29/CE a fhorfheidhmiú.
- (53) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis na forálacha i ndáil le maímh chomhshaoil shainráite agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a fhíorú agus chun forfheidhmiú na bhforálacha maidir le fíorú na Treorach seo a éascú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun foirm choiteann a ghlacadh le haghaidh deimhnithe comhréireachta agus na modhanna teicniúla chun deimhnithe den sórt sin a eisiúint. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰.
- (54) Ba cheart fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bheith in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuireann an margadh ar fáil le haghaidh táirgí níos inbhuanaithe ach d'fhéadfadh costais agus deacrachtaí níos airde a bheith orthu de thoradh cuid de na ceanglais maidir le bunús a thabhairt agus fíorú i ndáil le maímh chomhshaoil shainráite. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis leordhóthanach a sholáthar agus feasacht a mhúscailt maidir leis na bealaí chun ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh, oiliúint spriocdhírthe agus speisialaithe a áirithiú, agus cúnaimh agus tacaíocht shonrach, lena n- áirítear cúnaimh airgeadais, a chur ar fáil do FBManna ar mian leo maímh chomhshaoil shainráite a dhéanamh a mhéid a bhaineann lena dtáirgí nó lena ngníomhaíochtaí. Ba cheart gníomhaíochtaí na mBallstát a dhéanamh i leith na rialacha is infheidhme maidir leis an Státchabhair.
- (55) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú ar mhargadh an Aontais, áit a mbeidh maímh faoi fheidhmíocht chomhshaoil táirge nó trádálaí bunaithe ar fhaisnéis atá iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe, is gá rialacha comhchoiteanna maidir le forfheidhmiú agus comhlíonadh a leagan síos.
- (56) Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí na Treorach seo agus go bhforfheidhmeofar na ceanglais go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a n- údaráis inniúla féin a ainmniú a bheidh freagrach as an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Mar sin féin, i bhfianaise dhlúthchomhlántacht Airteagal 5 agus Airteagal 6 den Treoir seo le forálacha Threoir 2005/29/CE, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit freisin na húdaráis inniúla chéanna atá freagrach as forfheidhmiú Threoir 2005/29/CE a ainmniú lena bhforfheidhmiú. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, nuair a dhéanann na Ballstáit an rogha sin, ba cheart iad a bheith in ann brath ar na

²⁰ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

modhanna agus na cumhachtaí forfheidhmithe atá bunaithe acu i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 2005/29/CE, de mhaolú ar na rialacha maidir le forfheidhmiú a leagtar síos sa Treoir seo. I gcásanna ina bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin ainmnithe ina gcríoch agus chun feidhmiú éifeachtach dhualgais na n- údarás inniúil a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit dlúthchomhar a áirithiú idir na húdarás inniúla ainmnithe uile.

- (57) Gan dochar do na cumhachtaí a tugadh cheana féin le Rialachán (AE) 2017/2394²¹ d'údarás cosanta tomhaltóirí, ba cheart sraith íosta cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmithe a bheith ag na húdarás inniúla chun comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú, chun dul i gcomhar le chéile ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla, agus chun gníomhaithe margaidh a dhíspreagadh ó shárú na Treorach seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a bheith leormhaith chun dul i ngleic go héifeachtach leis na dúshláin forfheidhmiúcháin a bhaineann leis an ríomhthrachtáil agus leis an gcomhshaoil digiteach agus chun cosc a chur ar ghníomhaithe neamhchomhlíontacha sa mhargadh leas a bhaint as bearnaí sa chóras forfheidhmiúcháin trí athlonnú chuig na Ballstáit sin a bhféadfadh sé gur lú cumas a n- údarás inniúil dul i ngleic le cleachtais neamhdhleathacha.
- (58) Ba cheart do na húdarás inniúla a bheith in ann fíorais agus imthosca uile an cháis a úsáid mar fhianaise chun críche a n- imscrúdaithe.
- (59) Chun cosc a chur ar mhaímh chomhshaoil shainráite atá míthreorach agus nach bhfuil bunús tugtha leo a bheith ar mhargadh an Aontais, ba cheart do na húdarás inniúla seiceálacha tráthrialta a dhéanamh ar mhaímh chomhshaoil shainráite a dhéantar, agus ar na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a chuirtear i bhfeidhm, chun a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo.
- (60) Nuair a bhraitheann údarás inniúla sárú ar cheanglais na Treorach seo, ba cheart dóibh meastóireacht a dhéanamh agus, bunaithe ar thorthaí na meastóireachta sin, fógra a thabhairt don trádálaí faoin sárú a braitheadh agus ba cheart dóibh a cheangal go ndéanfadh an trádálaí gníomhaíochtaí ceartaitheacha. Chun éifeacht mhíthreorach ag maímh comhshaoil sainráite neamhchomhlíontach nó ag scéim lipéadaithe comhshaoil neamhchomhlíontach ar thomhaltóirí a íoslaghdú, ba cheart do na húdarás inniúla a cheangal ar an trádálaí gníomhaíocht éifeachtach agus thapa a dhéanamh chun an sárú sin a leigheas. Ba cheart don ghníomhaíocht cheartaitheach is gá a bheith comhréireach leis an sárú a bhraitear agus leis na héifeachtaí díobhálacha a mheastar a bheidh aige ar na tomhaltóirí.
- (61) I gcás nach bhfuil sárú srianta dá gcríoch náisiúnta, agus go bhfuil an maíomh comhshaoil sainráite curtha chun cinn idir trádálaithe, ba cheart do na húdarás inniúla na Ballstáit eile a chur ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachta a rinne siad agus faoi aon ghníomhaíocht a cheangail siad ar an trádálaí atá freagrach a dhéanamh.
- (62) Ba cheart d'údarás inniúla seiceálacha a dhéanamh freisin ar mhaímh chomhshaoil shainráite ar mhargadh an Aontais an tráth atá faisnéis ábhartha ina seilbh acu agus bunaithe uirthi, lena n- áirítear ábhair inné cuí- réasúnaithe arna gcur isteach ag tríú páirtithe. Ba cheart do thríú páirtithe a bhfuil ábhar inné á chur isteach acu a bheith in ann leas leormhaith a léiriú nó lagú cirt a áitiú.

²¹ Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdarás náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1).

- (63) Chun a áirithiú go ndíspreagtar trádálaithe go héifeachtach ó neamhchomhlíonadh cheanglais na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Treoir seo agus a áirithiú go gcuirfead na rialacha sin chun feidhme. Ba cheart na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Chun cur i bhfeidhm níos comhsheasmhaí pionós a éascú, is gá critéir choiteanna neamh- uileghabhálacha a leagan síos chun cineálacha agus leibhéil na bpionós a bheidh le forchur i gcás sáruithe a chinneadh. Ba cheart a áireamh sna critéir sin, *inter alia*, cineál agus tromchúis an tsáraithe chomh maith leis na tairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as an sárú chun a áirithiú go mbainfead na sochair sin díobh siúd atá freagrach.
- (64) Agus pionóis agus bearta le haghaidh sáruithe á leagan síos, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh, bunaithe ar thromchúis an tsáraithe, gur cheart do leibhéal na bhfineálacha an tairbhe eacnamaíoch a eascraíonn as úsáid a bhaint as maíomh comhshaoil sainráite míthreorach nó nach bhfuil bunús tugtha leis nó as an scéim lipéadaithe comhshaoil neamhchomhlíontach a bhaint go héifeachtach den trádálaí neamhchomhlíontach, lena n- áirítear i gcásanna sáruithe leantacha. Dá bhrí sin, ba cheart a áireamh ar na bearta le haghaidh sáruithe dá bhforáiltear ag na Ballstáit coigistiú an táirge ábhartha ón trádálaí nó ioncam a fuarthas ó na hidirbhearta a ndearna an sárú sin difear dóibh nó eisiaimh nó toirmisc shealadacha ó tháirgí a chur ar mhargadh an Aontais nó ó sheirbhísí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais. Ba cheart tromchúis an tsáraithe a bheith ar an bpríomhchritéar maidir leis na bearta a dhéanann na húdaráis forfheidhmiúcháin. Ba cheart uasmhéid na bhfineálacha a bheith athchomhairleach agus socraithe ar leibhéal 4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil iomlán an trádálaí sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann i gcás sáruithe forleathana lena mbaineann gné Aontais atá faoi réir bearta comhordaithe imscrúdaithe agus forfheidhmiúcháin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2394²².
- (65) Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh de bhun Airteagal 290 CFAE, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr²³. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna le saineolaithe na mBallstát, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (66) Chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na reachtaíochta i gcomparáid leis na cuspóirí a shaothraítear léi, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo agus tuarascáil ar na príomhthorthaí a chur faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Chun bonn eolais a chur faoi mheastóireacht ar an Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a bhailiú go tráthrialta maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo agus í a sholáthar don Choimisiún ar bhonn bliantúil.

²² Rialachán (AE) 2017/2394 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1).

²³ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (67) I gcás ina measann an Coimisiún, bunaithe ar thorthaí an fhaireacháin agus na meastóireachta ar an Treoir seo, gurb íomchuí athbhreithniú ar an Treoir seo a mholadh, ba cheart breithniú freisin ar indéantacht agus oiriúnacht forálacha breise maidir le sainordú a thabhairt i dtaca le húsáid modha choitinn chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ar leathnú an toirmisc ar mhaímh chomhshaoil i gcás táirgí ina bhfuil substaintí guaiseacha ach amháin i gcás ina meastar go bhfuil a n- úsáid riachtanach don tsochaí, nó ar chomhchuibhiú breise maidir le ceanglais i ndáil le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shonracha i dtaca le gnéithe comhshaoil nó tionchair chomhshaoil.
- (68) Ba cheart úsáid na substaintí is díobhálaí a chéimniú amach ar deireadh san Aontas chun dochar suntasach do shláinte an duine agus don chomhshaoil a sheachaint agus a chosc, go háirithe a n- úsáid i dtáirgí tomhaltais. Le Rialachán (CE) 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴ toirmiscear lipéadú meascán agus substaintí ina bhfuil ceimiceáin ghuaiseacha mar ‘neamhthocsaineach’, ‘neamhdhíobhálach’, ‘neamhthruaillitheach’, ‘éiceolaíoch’ nó aon ráiteas eile lena gcuirtear in iúl nach bhfuil an tsubstaint nó an meascán guaiseach nó ráitis atá ar neamhréir le haicmiú na substainte nó an mheascáin sin. Ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfar an oibleagáid sin. Mar a gealladh sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, saineoidh an Coimisiún critéir maidir le húsáidí fíor- riachtanacha chun a cur i bhfeidhm a threorú i reachtaíocht ábhartha an Aontais. .
- (69) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, is é sin feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú do ghníomhaithe eacnamaíocha atá ag oibriú sa mhargadh inmheánach agus do thomhaltóirí atá ag brath ar mhaímh chomhshaoil, ach, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas ceanglais a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (70) I gcomhréir le Dearbhú Comhphárteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin²⁵, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad ina mínítear an gaol idir comhphárteanna de threoir agus codanna comhfhreagracha na n- ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.
- (71) Ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶ a leasú chun tagairt don Treoir seo a chur isteach chun

²⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

²⁵ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

²⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear an Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (‘Rialachán IMI’) (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1).

an comhar riaracháin idir na húdaráis inniúla a éascú trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh.

- (72) Ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷ a leasú chun tagairt don Treoir seo a áireamh ionas go n-éascófar an comhar trasteorann maidir le forfheidhmiú na Treorach seo.
- (73) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸ a leasú chun tagairt don Treoir seo a áireamh ionas go n-áiritheofar go ndéanfar na comhleasanna tomhaltóirí a leagtar amach sa Treoir seo a chosaint.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le maímh chomhshaoil shainráite a dhéanann trádálaithe faoi tháirgí nó trádálaithe i gcleachtais tráchtála gnólacht le tomhaltóir.
2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ná maidir le maímh chomhshaoil shainráite a rialaítear nó a dtugtar bunús leo le rialacha a leagtar síos i:
 - (a) Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹,
 - (b) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰,
 - (c) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹;
 - (d) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³²,
 - (e) Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³³
 - (f) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁴;

²⁷ IO L 345, 27.12.2017, lch. 1

²⁸ Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE (IO L 409, 4.12.2020, lch. 1).

²⁹ Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE (IO L 27, 30.1.2010, lch. 1).

³⁰ Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

³¹ Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

³² Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais um éicidhearthóireacht maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú) (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

³³ Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5).

- (g) Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵;
- (h) Treoir 1999/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁶;
- (i) Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷;
- (j) Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁸;
- (k) Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁹;
- (l) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁰
- (m) Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴¹;
- (n) Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴²;
- (o) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴³ agus rialacha, caighdeáin nó treoirlínte eile an Aontais, nó náisiúnta nó idirnáisiúnta le haghaidh seirbhísí airgeadais, ionstraimí airgeadais, agus táirgí airgeadais;
- (p) rialacha eile an Aontais atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo lena leagtar amach na coinníollacha faoina bhféadfar maímh chomhshaoil shainráite áirithe i dtaobh táirgí nó trádálaithe áirithe a dhéanamh nó rialacha eile an Aontais lena leagtar síos ceanglais maidir le measúnú nó cumarsáid a dhéanamh i ndáil le tionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar

³⁴ Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

³⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

³⁶ Treoir 1999/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 1999 maidir le hinfhaighteacht faisnéise do thomhaltóirí faoi bharrinneacht breosla agus astaíochtaí CO₂ i dtaca le gluaisteacht nua paisinéirí a chur ar an margadh (IO L 12, 18.1.2000, lch. 16).

³⁷ Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n- aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5).

³⁸ Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/157/CEE (IO L 266, 26.9.2006, lch. 1).

³⁹ Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

⁴⁰ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

⁴¹ Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin (IO L...).

⁴² Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n- aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

⁴³ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

fheidhmíocht chomhshaoil táirgí áirithe nó trádálaithe áirithe nó coinníollacha maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘maíomh comhshaoil’ maíomh comhshaoil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (o), de Threoir 2005/29/CE;
- (2) ciallaíonn ‘maíomh comhshaoil sainráite’ maíomh comhshaoil atá i bhfoirm téacs nó atá ar lipéad comhshaoil;
- (3) ciallaíonn ‘trádálaí’ trádálaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (b), de Threoir 2005/29/CE;
- (4) ciallaíonn ‘táirge’ táirge mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (c), de Threoir 2005/29/CE;
- (5) ciallaíonn ‘tomhaltóir’ tomhaltóir mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Threoir 2005/29/CE;
- (6) ciallaíonn ‘cleachtais tráchtála gnólacht le tomhaltóir’ cleachtais tráchtála idir gnólachtaí agus tomhaltóirí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (d), de Threoir 2005/29/CE;
- (7) ciallaíonn ‘lipéad inbhuanaitheachta’ lipéad inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (r) de Threoir 2005/29/CE;
- (8) ciallaíonn ‘lipéad comhshaoil’ lipéad inbhuanaitheachta lena gcumhdaítear gnéithe comhshaoil de tháirge, próiseas nó trádálaí a bhaineann leis an gcomhshaoil amháin nó leis an gcomhshaoil den chuid is mó;
- (9) ciallaíonn ‘grúpa táirgí’ sraith táirgí a fhónann chun críoch comhchosúil nó atá comhchosúil i dtéarmaí úsáide de nó a bhfuil airíonna feidhmiúla comhchosúla acu;
- (10) ciallaíonn ‘scéim deimhniúcháin’ scéim deimhniúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (s), de Threoir 2005/29/CE;
- (11) ciallaíonn ‘fíorú’ an próiseas measúnaithe comhréireachta a dhéanann fíoraitheoir chun a fhíorú an bhfuil bunús agus cumarsáid na maíomh comhshaoil sainráite ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Treoir seo nó an gcomhlíonann scéimeanna lipéadaithe comhshaoil an Treoir seo;
- (12) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gach gníomhaíocht agus próiseas atá mar chuid de shaolré táirge nó de ghníomhaíocht trádálaí, lena n- áirítear athmhonaraíocht;
- (13) ciallaíonn ‘saolré’ na céimeanna leantacha agus idirnasctha i saol táirge, arb é atá iontu amhábhbar a fháil nó a ghiniúint as acmhainní nádúrtha, réamhphróiseáil, monarú, stóráil, dáileadh, suiteáil, úsáid, cothabháil, deisiú, uasghrádú, athfheistiú chomh maith le hathúsáid, agus deireadh ré;
- (14) ciallaíonn ‘faisnéis phríomha’ faisnéis a thomhaiseann nó a bhailíonn an trádálaí go díreach ó shaoráid amháin nó níos mó atá ionadaíoch ar ghníomhaíochtaí an trádálaí;
- (15) ciallaíonn ‘faisnéis thánaisteach’ faisnéis atá bunaithe ar fhoinsí eile seachas faisnéis phríomhúil lena n- áirítear staidéir litríochta, staidéir innealtóireachta agus paitinní.

- (16) ciallaíonn ‘poiblí’ duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó agus a gcomhlachais, a dtrádálaithe nó a ngrúpaí;
- (17) ciallaíonn ‘feidhmíocht chomhshaoil’ feidhmíocht táirgí nó grúpa táirgí áirithe nó trádálaí nó earnáil áirithe a bhaineann le gnéithe comhshaoil nó le tionchair chomhshaoil an táirge nó an ghrúpa táirgí sin nó le gníomhaíochtaí an trádálaí nó na hearnála sin;
- (18) ciallaíonn ‘gné chomhshaoil’ cuid de ghníomhaíochtaí trádálaí nó eanála nó de tháirgí nó de ghrúpaí táirgí a idirghníomhaíonn leis an gcomhshaoil nó ar féidir leo idirghníomhú leis an gcomhshaoil.
- (19) ciallaíonn ‘tionchar comhshaoil’ aon athrú ar an gcomhshaoil, bíodh sé dearfach nó diúltach, a eascraíonn go hiomlán nó go páirteach as gníomhaíochtaí trádálaí nó eanála nó as táirge nó grúpa táirgí le linn a shaolré.

Airteagal 3

Bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh trádálaithe measúnú chun bunús a thabhairt le maímh shainráite chomhshaoil. Déanfar an méid seo a leanas leis an measúnú sin:
- sonrófar an mbaineann an maíomh le táirge iomlán, le cuid de tháirge nó le gnéithe áirithe de tháirge, nó le gníomhaíochtaí uile trádálaí nó le cuid nó gné áirithe de na gníomhaíochtaí sin, de réir mar is ábhartha maidir leis an maíomh;
 - braithfear ar fhianaise eolaíoch a aithnítear go forleathan, úsáidfear faisnéis chruinn agus cuirfear caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha san áireamh;
 - léireofar go bhfuil tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil atá faoi réir an mhaímh suntasach ó thaobh saolré de;
 - i gcás ina ndéanfar maíomh maidir le feidhmíocht chomhshaoil, cuirfear san áireamh na gnéithe comhshaoil nó na tionchair chomhshaoil uile atá suntasach ó thaobh measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil;
 - léireofar nach bhfuil an maíomh coibhéseach leis na ceanglais a fhorchuirtear le dlí ar tháirgí laistigh den ghrúpa táirgí, nó ar thrádálaithe laistigh den earnáil;
 - soláthrófar faisnéis i dtaobh an bhfeidhmíonn an táirge nó an trádálaí atá faoi réir an mhaímh i bhfad níos fearr maidir le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil atá faoi réir an mhaímh ná an cleachtas coiteann le haghaidh táirgí sa ghrúpa táirgí ábhartha nó le haghaidh trádálaithe ábhartha san earnáil ábhartha;
 - sainaitheofar an ndéanfar dochar suntasach do thionchair chomhshaoil maidir le hathrú aeráide, do thomhaltas acmhainní agus ciorclaíocht, d’úsáid inbhuanaithe agus do chosaint uisce agus acmhainní muirí, don truailliú, don bhithéagsúlacht, do leas ainmhithe agus d’éiceachórais mar thoradh ar fheabhas a chur ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil atá faoi réir an mhaímh;
 - deighlfear aon fhritháireamh d’astaíochtaí gás ceaptha teasa a úsáidtear ó astaíochtaí gás ceaptha teasa mar fhaisnéis bhreise faoin gcomhshaoil,

sonrófar an mbaineann na fritháirimh sin le laghduithe nó aistrithe astaíochtaí, agus tabharfar tuairisc ar an gcaoi a bhfuil na fritháirimh ar a bhfuiltear ag brath d'ardshláine agus curtha san áireamh i gceart chun an tionchar a mhaítear ar an aeráid a léiriú;

- áireofar príomhfhaisnéis atá ar fáil don trádálaí maidir le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, atá faoi réir an mhaímh;
 - áireofar faisnéis thánaisteach ábhartha maidir le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil, nó feidhmíocht chomhshaoil atá ionadaíoch ar shlabhra luacha sonracha an táirge nó an trádálaí a ndéantar maíomh ina leith, i gcásanna nach bhfuil aon fhaisnéis phríomhúil ar fáil.
2. I gcás ina léirítear gur ann do thionchair chomhshaoil shuntasacha nach bhfuil faoi réir an mhaímh ach nach bhfuil aon fhianaise eolaíoch a aithnítear go forleathan ann chun an measúnú dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 a dhéanamh, déanfaidh an trádálaí a dhéanann an maíomh ar ghné eile an fhaisnéis atá ar fáil a chur san áireamh agus, más gá, an measúnú a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le mír 1 a luaithe a bheidh fianaise eolaíoch a aithnítear go forleathan ar fáil.
3. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 maidir le trádálaithe ar micrifhiontair iad de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún⁴⁴ mura n- iarrann siad an fíorú agus é d'aidhm acu an deimhniú comhréireachta a fháil i gcomhréir le hAirteagal 10.
4. Tráth a nochtar leis an bhfaireachán tráthrialta ar éabhlóid na maíomh comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 20 go bhfuil difríochtaí maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos i mír 1 i ndáil le maíomh shonracha agus go gcruthaíonn difríochtaí den sórt sin bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, nó i gcás ina n- aithníonn an Coimisiún go gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir go forleathan mar gheall ar easpa ceanglas maidir le maíomh shonracha, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maíomh shainráite chomhshaoil a leagtar síos i mír 1 a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas:
- cinneadh a dhéanamh maidir leis na rialacha chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe comhshaoil, ar thionchair chomhshaoil agus ar fheidhmíocht chomhshaoil, lena n- áirítear trí ghníomhaíochtaí, próisis, ábhair, astaíochtaí nó úsáid táirge a chinneadh, a chuireann go suntasach nó nach féidir cur go suntasach leis na tionchair chomhshaoil ábhartha, leis na gnéithe comhshaoil ábhartha nó leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil ábhartha;
 - cinneadh a dhéanamh maidir leis na gnéithe comhshaoil nó na tionchair chomhshaoil a soláthrófar príomhfhaisnéis ina leith agus critéir a chinneadh ar féidir measúnú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise príomhúla agus na faisnéise tánaistí bunaithe ar na critéir sin; nó
 - rialacha sonracha saolré- bhunaithe a leagan síos maidir le bunús a thabhairt le maíomh shainráite chomhshaoil i gcás grúpaí agus earnálacha táirgí áirithe.

⁴⁴ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú ([IO L 124, 20.5.2003, lch. 36](#)).

5. Agus na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite á sonrú a thuilleadh i gcomhréir leis an mír roimhe seo, cuirfidh an Coimisiún san áireamh faisnéis eolaíoch nó faisnéis theicniúil eile atá ar fáil, lena n-áirítear caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, agus i gcás inarb ábhartha, breithneoidh sé an méid seo a leanas:
- (a) sainiúlachtaí na n-earnálacha agus na dtáirgí a dteastaíonn cur chuige modheolaíochta sonracha ina leith;
 - (b) an méid a d'fhéadfadh grúpaí sonracha táirgí nó earnálacha sonracha cuidiú chun cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach;
 - aon fhaisnéis ábhartha a dhíorthaítear ó reachtaíocht an Aontais;
 - rochtain éasca ar fhaisnéis agus ar shonraí le haghaidh measúnú agus úsáid na faisnéise agus na sonraí sin ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna').

Airteagal 4

Bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite chomparáideacha

1. An bunús arna thabhairt le maímh shainráite chomhshaoil a shonraíonn nó a thugann le tuiscint gur lú na tionchair chomhshaoil nó go bhfuil feidhmíocht chomhshaoil níos fearr ag táirge nó trádálaí ná mar atá ag táirgí nó trádálaithe eile ('maímh chomparáideacha chomhshaoil'), comhlíonfaidh sé, mar aon leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3, na ceanglais seo a leanas:
- go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil na dtáirgí nó na dtrádálaithe a ndéantar an chomparáid ina leith, coibhéseach leis an bhfaisnéis agus na sonraí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil an táirge nó an trádálaí atá faoi réir an mhaímh;
 - go ndéantar na sonraí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil na dtáirgí nó na dtrádálaithe a ghiniúint nó a aimsiú ar bhealach atá coibhéseach leis na sonraí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil na dtáirgí nó na dtrádálaithe a ndéantar an chomparáid ina leith;
 - go bhfuil cumhdach na gcéimeanna feadh an tslabhra luacha coibhéseach le haghaidh na dtáirgí agus na dtrádálaithe i gcomparáid le chéile agus go n-áirithítear leis go gcuirtear na céimeanna is suntasaí san áireamh i gcás gach táirge agus gach trádálaí;
 - go bhfuil cumhdach na dtionchar chomhshaoil, na ngnéithe nó na feidhmíochta chomhshaoil coibhéseach maidir leis na táirgí agus na trádálaithe a gcuirtear an táirge nó trádálaí i gcomparáid leo agus go gcuirtear na tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó an fheidhmíocht chomhshaoil is suntasaí san áireamh maidir leis na táirgí agus na trádálaithe uile a gcuirtear táirge nó trádálaí i gcomparáid leo;

- go socraítear toimhdí a úsáidtear chun comparáid a dhéanamh ar bhealach coibhéseach i gcás na dtáirgí agus na dtrádálaithe a chuirtear i gcomparáid le chéile.
- 2. I gcás ina mbaineann maíomh comparáideach comhshaoil le feabhsú maidir le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil táirge atá faoi réir an mhaímh i gcomparáid le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil táirge eile ón trádálaí céanna, ó thrádálaí iomaíoch nach bhfuil gníomhach ar an margadh a thuilleadh nó ó thrádálaí nach ndíolann le tomhaltóirí a thuilleadh, míneofar i mbunús an mhaímh conas a dhéanann an feabhsú sin difear do thionchair ábhartha chomhshaoil, do ghnéithe comhshaoil nó d'feidhmíocht chomhshaoil eile an táirge atá faoi réir an éilimh agus luafar go soiléir ann bliain bhonnlíne na comparáide.
- 3. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo maidir le trádálaithe ar micrifhiontair iad de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún⁴⁵ mura n- iarrann siad an fíorú agus é d'aidhm acu an deimhniú comhréireachta a fháil i gcomhréir le hAirteagal 10.

Airteagal 5

Maímh chomhshaoil shainráite a chur in iúl

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar thrádálaí maíomh soiléir comhshaoil a chur in iúl i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.
2. Ní fhéadfar a chumhdach le maímh chomhshaoil shainráite ach tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil a dtugtar bunús leo i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 agus a shainaithnítear a bheith suntasach don táirge nó don trádálaí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 3 mír (1) pointe (c) nó (d).
3. I gcás ina bhfuil baint ag an maíomh comhshaoil sainráite le táirge deiridh, agus go bhfuil an chéim úsáide ar cheann de na céimeanna saolré is ábhartha den táirge sin, áireofar leis an maíomh sin faisnéis faoin gcaoi ar cheart don tomhaltóir an táirge a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil an táirge sin a bhfuil coinne leis a bhaint amach. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil in éineacht leis an maíomh.
4. I gcás ina bhfuil baint ag an maíomh comhshaoil sainráite le feidhmíocht chomhshaoil táirge nó trádálaí a bheidh ann amach anseo, áireofar ann gealltanais faoi cheangal ama maidir le feabhsuithe laistigh d'oibríochtaí féin agus de shlabhraí luacha.
5. Ní féidir maímh chomhshaoil shainráite maidir le tionchair chomhshaoil charnacha táirge nó trádálaí bunaithe ar tháscaire comhiomlánaithe tionchar comhshaoil a dhéanamh ach amháin ar bhonn rialacha chun táscaire comhiomlánaithe den sórt sin atá bunaithe i ndlí an Aontais a ríomh.
6. Cuirfear faisnéis faoin táirge nó faoin trádálaí arb é is ábhar don mhaíomh comhshaoil sainráite agus faoin mbunús atá leis ar fáil in éineacht leis an maíomh i bhfoirm fhisiceach nó i bhfoirm naisc ghréasáin, cóid QR nó a choibhéis.

⁴⁵ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú ([IO L 124, 20.5.2003, lch. 36](#)).

Beidh an méid seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis:

- gnéithe comhshaoil, tionchair chomhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil arna gcumhdach ag an maíomh;
 - caighdeáin ábhartha an Aontais nó na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, i gcás inarb iomchuí;
 - na bunstaidéir nó na bunríomhanna a úsáideadh chun measúnú, tomhas agus faireachán a dhéanamh ar na tionchair chomhshaoil, ar na gnéithe comhshaoil nó ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil a chumhdaítear leis an maíomh, gan torthaí na staidéar nó na ríomhanna sin a fhágáil ar lár agus gan mínithe ar a raon feidhme, a dtoimhdí agus a dteorainneacha a fhágáil ar lár, ach amháin más rún ceirde í an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 2 mír 1 de Threoir (AE) 2016/943⁴⁶;
 - míniú gearr ar an gcaoi a mbaintear amach na feabhsuithe atá faoi réir an mhaímh;
 - an deimhniú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 10 maidir le bunús an mhaímh agus faisnéis teagmhála an fhíoraitheora a tharraing suas an deimhniú comhréireachta;
 - i gcás maímh chomhshaoil shainráite a bhaineann leis an aeráid atá ag brath ar fhritháirimh astaíochtaí gás ceaptha teasa, faisnéis maidir leis an méid a bhíonn siad ag brath ar fhritháirimh agus an mbaineann siad le laghduithe nó aistrithe astaíochtaí;
 - achoimre ar an measúnú lena n- áirítear na heilimintí a liostaítear sa mhír seo atá soiléir agus intuigthe do na tomhaltóirí a bhfuil an maíomh dírithe orthu agus a chuirtear ar fáil i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina ndéantar an maíomh.
7. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2, 3 agus 6 maidir le trádálaithe ar micrifhiontair iad de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún mura n- iarrann siad an fíorú agus é d’aidhm acu an deimhniú comhréireachta a fháil i gcomhréir le hAirteagal 10.
8. I gcás ina mbeidh an bunús atá le tionchair chomhshaoil áirithe, le gnéithe comhshaoil áirithe nó le feidhmíocht chomhshaoil áirithe faoi réir na rialacha a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 4(a) agus mír 4(c), féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun forlíonadh a dhéanamh ar na ceanglais maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chur in iúl a leagtar amach in Airteagal 5, trí shonrú breise a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhéadfaí a chur in iúl nó a chuirfear in iúl maidir leis na tionchair chomhshaoil, na gnéithe comhshaoil nó an fheidhmíocht chomhshaoil sin, chun a áirithiú nach gcuirfear na tomhaltóirí amú.

⁴⁶ Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise gan nochtadh agus faisnéis ghnó (rúin trádála) ar a n-éadáil, a n-úsáid agus a nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).

Airteagal 6

Máimh chomhshaoil chomparáideacha a chur in iúl

Ní bhainfidh máimh chomhshaoil chomparáideacha le feabhas ar na tionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil an táirge is ábhar don mhaíomh i gcomparáid leis na tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil táirge eile ón trádálaí céanna nó ó thrádálaí iomaíoch nach bhfuil gníomhach ar an margadh a thuilleadh nó ó thrádálaí nach ndíolann le tomhaltóirí a thuilleadh, mura rud é go bhfuil siad bunaithe ar fhianaise lena gcruthaítear gur feabhas mór atá i gceist agus gur baineadh amach é le 5 bliana anuas.

Airteagal 7

Lipéid chomhshaoil

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 3 go 6 leis na lipéid chomhshaoil agus go bhfuil siad faoi réir fíoraithe i gcomhréir le hAirteagal 10.
2. Ní fhéadfar rátáil nó scór táirge nó trádálaí a chur i láthair ach amháin le lipéid chomhshaoil arna ndámhachtain faoi scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a bhunaítear faoi dhlí an Aontais, agus an rátáil agus an scór sin bunaithe ar tháscaire comhiomlánaithe na dtionchar comhshaoil ag táirge nó trádálaí.

Airteagal 8

Ceanglais maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil

1. Is éard atá i gceist le scéim lipéadaithe comhshaoil scéim deimhniúcháin lena ndeimhnítear go gcomhlíonann táirge, próiseas nó trádálaí na ceanglais maidir le lipéad comhshaoil.
2. Le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:
 - faisnéis maidir le húinéireacht agus comhlachtaí cinnteoireachta na scéime lipéadaithe comhshaoil, beidh sí trédhearcach, inrochtana saor in aisce, éasca le tuiscint agus mionsonraithe go leormhaith;
 - faisnéis maidir le cuspóirí na scéime lipéadaithe comhshaoil agus na ceanglais agus na nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an scéim lipéadaithe comhshaoil, beidh siad trédhearcach, inrochtana saor in aisce, éasca le tuiscint agus mionsonraithe go leormhaith;
 - tá na coinníollacha chun páirt a ghlacadh sna scéimeanna lipéadaithe comhshaoil comhréireach le méid agus láimhdeachas na gcuideachtaí ionas nach gcuirfead fiontair bheaga agus mheánmhéide as an áireamh;
 - is saineolaithe a d'fhorbair na ceanglais maidir leis an scéim lipéadaithe comhshaoil ar féidir leo stóinseacht eolaíoch na gceanglas sin a áirithiú agus cuireadh faoi bhráid grúpa ilchineálach páirtithe leasmhara iad le haghaidh comhairliúcháin, ar grúpa é a rinne athbhreithniú orthu agus a d'áirithigh go raibh siad ábhartha ó thaobh na sochaí de;

- tá sásra um réiteach gearán agus díospóidí i bhfeidhm sa scéim lipéadaithe comhshaoil;
 - leagtar amach sa scéim lipéadaithe comhshaoil nósanna imeachta chun déileáil le neamhchomhlíonadh agus déantar foráil léi maidir leis an lipéad comhshaoil a tharraingt siar nó a chur ar fionraí i gcás neamhchomhlíonadh marthanach agus neamhnáireach cheanglais na scéime.
3. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = *dáta thrasúí na Treorach seo*] ní bhunóidh údaráis phoiblí na mBallstát aon scéim lipéadaithe comhshaoil nua ar bhonn náisiúnta nó réigiúnach. Mar sin féin, le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha a bunaíodh roimh an dáta sin, féadfar leanúint de na lipéid chomhshaoil a dhámhachtain ar mhargadh an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leo.
- Ón dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní fhéadfar scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a bhunú ach amháin faoi dhlí an Aontais.
4. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = *dáta thrasúí na Treorach seo*] aon scéim lipéadaithe comhshaoil nua arna bunú ag údaráis phoiblí i dtríú tíortha a dhámhann lipéid chomhshaoil a úsáidfead ar mhargadh an Aontais, beidh siad faoi réir formheas ón gCoimisiún sula gcuirfead ar mhargadh an Aontais iad d’fhonn a áirithiú go soláthrófar breisluach leis na lipéid sin i dtéarmaí a n- uailmhéine comhshaoil, lena n- áirítear go háirithe a gcumhdach ar thionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, nó ar ghrúpa nó earnáil táirgí áirithe, i gcomparáid le scéimeanna de chuid an Aontais, nó na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha atá ann cheana dá dtagraítear i mír 3, agus comhlíonfar ceanglais na Treorach seo leis an scéim sin. Le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag údaráis phoiblí i dtríú tíortha roimh an dáta sin, féadfar leanúint de na lipéid chomhshaoil a dhámhachtain, ar lipéid iad a úsáidfead ar mhargadh an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leo.
5. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha tar éis [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = *dáta thrasúí na Treorach seo*], nach bhformheasfar iad ach amháin más rud é go soláthrófar breisluach leis na scéimeanna sin i dtéarmaí a n- uailmhéine comhshaoil, lena n- áirítear go háirithe fairsinge a gcumhdaigh ar thionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, nó ar ghrúpa nó earnáil táirgí áirithe agus a gcumas tacú le haistriú glas FBManna, i gcomparáid le scéimeanna de chuid an Aontais, nó na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha atá ann cheana dá dtagraítear i mír 3, agus más rud é go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leis na scéimeanna sin.
- Beidh feidhm ag an nós imeachta sin um scéimeanna lipéadaithe comhshaoil nua a fhorghas maidir le scéimeanna arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha san Aontas agus i dtríú tíortha.
- Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún nuair a fhorghasfar scéimeanna príobháideacha nua.
6. Chun na formheasanna dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 a fháil, soláthróidh oibreoirí scéimeanna lipéadaithe comhshaoil nua doiciméid tacaíochta ina leagfar amach an méid seo a leanas:
- an réasúnaíocht atá faoi bhun fhorbairt na scéime

- an raon feidhme a mholtar don scéim,
- an fhianaise go soláthrófar breisluach leis an scéim mar a leagtar amach i mír 4 le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag údaráis phoiblí i dtríú tíortha, nó i mír 5 le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag oibreacha príobháideacha;
- togra le haghaidh dréachtchritéar agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun an lipéad comhshaoil a fhorbairt agus a dhámhachtain agus na tionchair ar an margadh lena bhfuil coinne;
- tuairisc mhionsonraithe ar úinéireacht agus comhlachtaí cinnteoireachta na scéime lipéadaithe comhshaoil.

Cuirfear na doiciméid dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin i gcás scéimeanna dá dtagraítear i mír 4 nó faoi bhráid údaráis na mBallstát i gcás scéimeanna dá dtagraítear i mír 5, mar aon leis an deimhniú comhréireachta le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 10.

7. Foilseoidh an Coimisiún liosta de lipéid chomhshaoil a aithnítear go hoifigiúil agus coimeádfaidh sé an liosta sin cothrom le dáta, ar lipéid iad a cheadaítear lena n-úsáid ar mhargadh an Aontais tar éis [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = *dáta thrasúí na Treorach seo*] de bhun mhíreanna 3, 4 agus 5.
8. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ar fud an Aontais a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - ceanglais mhionsonraithe a sholáthar maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a fhorbairt de bhun na gcritéar dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5;
 - formáid agus ábhar na ndoiciméad tacaíochta dá dtagraítear i mír 6 a shonrú a thuilleadh;
 - rialacha mionsonraithe a sholáthar maidir leis an nós imeachta um an bhformheas dá dtagraítear i mír 4.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19.

Airteagal 9

Athbhreithniú ar an mbunús le maímh chomhshaoil shainráite

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh trádálaithe athbhreithniú ar an bhfaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus go dtabharfaidh siad cothrom le dáta í, nuair a bhíonn imthosca ann ina bhféadfaí difear a dhéanamh do chruinneas maímh, agus tráth nach déanaí ná 5 bliana ón dáta a sholáthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(6). San athbhreithniú, déanfaidh an trádálaí athbhreithniú ar an mbunfhaisnéis a úsáidtear chun a áirithiú go gcomhlíontar ceanglais Airteagail 3 agus 4 ina n- iomláine.

Beidh an maíomh comhshaoil sainráite arna thabhairt cothrom le dáta faoi réir fíoraithe i gcomhréir le hAirteagal 10.

Airteagal 10

Bunús a fhíorú agus a dheimhniú agus cur in iúl na maíomh comhshaoil agus na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil

1. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta chun bunús agus cur in iúl na maíomh comhshaoil sainráite a fhíorú in aghaidh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 3 go 7.
2. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta chun comhlíontacht na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 a fhíorú.
3. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a bhaineann le fíorú agus deimhniú maidir le trádálaithe ar micrifhiontair iad de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún ach amháin má iarrann siad amhlaidh.
4. Is fíoraitheoir a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11 a dhéanfaidh an fíorú, i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, sula gcuirfean an maíomh comhshaoil ar fáil go poiblí nó sula dtaispeánann trádálaí an lipéad comhshaoil.
5. Chun críocha an fhíoraithe, déanfaidh an fíoraitheoir cineál agus inneachar an mhaíomh comhshaoil shainráite nó an lipéid comhshaoil a chur san áireamh.
6. Ach an fíorú a chur i gcrích, déanfaidh an fíoraitheoir, i gcás inarb iomchuí, deimhniú comhréireachta a tharraingt suas ina ndeimhneofar go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo leis an maíomh comhshaoil sainráite nó an lipéad comhshaoil.
7. Aithneoidh na húdaráis inniúla an deimhniú comhréireachta, arb iad na húdaráis sin a bheidh freagrach as an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin liosta deimhnithe comhréireachta trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012.
8. Ní dhéanfar réamhbhreithiúnas leis an deimhniú comhréireachta maidir le measúnú ar mhaíomh comhshaoil a dhéanann na húdaráis náisiúnta nó na cúirteanna i gcomhréir le Treoir 2005/29/CE.
9. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun mionsonraí a leagan amach maidir le foirm an deimhnithe comhréireachta dá dtagraítear i mír 5 agus maidir leis na modhanna teicniúla chun an deimhniú comhréireachta sin a eisiúint. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19.

Airteagal 11

Fíoraitheoir

1. Is comhlacht tríú páirtí um measúnú comhréireachta a bheidh san fhíoraitheoir agus é creidiúnaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008⁴⁷.
2. Áireofar sa chreidiúnú go háirithe an mheastóireacht ar chomhlíontacht leis na ceanglais i mír 3.
3. Comhlíonfaidh an fíoraitheoir na ceanglais seo a leanas:
 - (a) beidh an fíoraitheoir neamhspleách ar an táirge lena ngabhann an maíomh comhshaoil, nó ar an trádálaí atá bainteach leis;
 - (b) an fíoraitheoir, lucht a ardbhainistíochta agus an pearsanra atá freagrach as na cúraimí fíoraithe a dhéanamh, ní rachaidh siad i mbun aon ghníomhaíochta a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht lena neamhspleáchas breithiúnais nó lena n-ionracas i ndáil leis na gníomhaíochtaí fíoraithe;
 - (c) déanfaidh an fíoraitheoir agus a phearsanra na gníomhaíochtaí fíoraithe leis an ard-ionracas gairmiúil agus leis an inniúlacht theicniúil a bhíonn riachtanach agus beidh sé saor ó gach brú agus mealladh, go háirithe ó thaobh airgid de, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a bhreithiúnas nó ar thorthaí a ghníomhaíochtaí fíoraithe,
 - (d) beidh an saineolas, trealamh agus bonneagar is gá ag an bhfíoraitheoir chun na gníomhaíochtaí fíoraithe a bhfuil sé creidiúnaithe ina leith a dhéanamh;
 - (e) beidh líon leordhóthanach fostaithe ag an bhfíoraitheoir a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chuí acu chun na cúraimí fíoraithe a dhéanamh;
 - (f) déanfaidh pearsanra fíoraitheora rúndacht ghairmiúil a urramú maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear agus na cúraimí fíoraithe á ndéanamh aige;
 - (g) i gcás ina ndéanfaidh fíoraitheoir cúraimí sonracha a bhaineann le fíorú a ligean ar fochonradh nó ina rachaidh sé ar iontaoibh fochuideachta, glacfaidh sé freagracht iomlán as na cúraimí a dhéanann na fochonraitheoirí nó na fochuideachtaí agus déanfaidh sé measúnú agus faireachán ar cháilíochtaí an fhochonraitheora nó na fochuideachta agus ar an obair a dhéanann siad.

Airteagal 12

Fiontair bheaga agus mheánmhéide

Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chur i bhfeidhm. Áireofar treoirínte nó sásraí comhchosúla sna bearta sin ar a laghad chun feasacht a mhúscailt ar bhealaí chun na ceanglais maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chomhlíonadh. Ina theannta sin, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le stáitchabhair, d'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh ar na bearta sin:

⁴⁷ Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

- (a) tacaíocht airgeadais;
- (b) rochtain ar mhaoiniú;
- (c) bainistíocht speisialaithe agus oiliúint foirne;
- (d) cúnamh oibríochtúil agus teicniúil.

Airteagal 13

Údaráis inniúla a ainmniú agus sásra comhordaithe

1. Ainmneoidh Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.
2. Chun Airteagail 5 agus 6 a fhorfheidhmiú, féadfaidh na Ballstáit na húdaráis náisiúnta nó na cúirteanna a bheidh freagrach as Treoir 2005/29/CE a fhorfheidhmiú a ainmniú. Sa chás sin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar Airteagail 14 go 17 den Treoir seo agus na rialacha forfheidhmithe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 11 go 13 de Threoir 2005/29/CE a chur i bhfeidhm.
3. I gcás ina bhfuil níos mó ná aon údarás inniúil amháin ina gcóir, áiritheoidh na Ballstáit go saineofar dualgais na n- údarás sin faoi seach go soiléir agus go mbunófar sásraí cumarsáide agus comhordaithe iomchuí.
4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile gan mhoill faoi chéannacht na n- údarás inniúil ina mBallstát agus faoi réimsí inniúlachta na n- údarás sin.

Airteagal 14

Cumhachtaí na n-údarás inniúil

1. Tabharfaidh na Ballstáit na cumhachtaí iniúchta agus forfheidhmithe is gá dá n- údaráis inniúla chun comhlíontacht leis an Treoir seo a áirithiú.
2. Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sna cumhachtaí a thugtar d'údaráis inniúla faoi mhír 1:
 - (a) an chumhacht chun rochtain a fháil ar aon doiciméad, sonraí nó faisnéis ábhartha a bhaineann le sárú ar an Treoir seo, in aon fhoirm nó formáid agus gan beann ar mheán nó áit a stórála, agus an chumhacht chun cóipeanna díobh a thógáil nó a fháil;
 - (b) an chumhacht chun a cheangal ar aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach aon fhaisnéis, sonraí nó doiciméad ábhartha, in aon fhoirm nó formáid agus gan beann ar mheán nó áit a stórála, a sholáthar, chun a shuí an ndearnadh sárú ar an Treoir seo nó an bhfuiltear á dhéanamh agus mionsonraí an tsáráithe sin;
 - (c) an chumhacht chun tús a chur le himscrúduithe nó le nósanna imeachta ar a dtionscnamh féin chun a chur faoi deara go scoirfí de shárúithe ar an Treoir seo nó go dtoirmeascafaí iad;
 - (d) an chumhacht chun a cheangal ar thrádálaithe leigheasanna oiriúnacha agus éifeachtacha a ghlacadh agus bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur le sárú ar an Treoir seo;

- (e) an chumhacht chun faoiseamh urghaire a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, maidir le sárúithe ar an Treoir seo;
 - (f) an chumhacht chun pionóis a ghearradh le haghaidh sárúithe ar an Treoir seo i gcomhréir le hAirteagal 17.
3. Féadfaidh údaráis inniúla úsáid a bhaint as aon fhaisnéis, doiciméad, toradh, ráiteas, nó faisnéis mar fhianaise chun críoch a n- imscrúduithe, gan beann ar an bhformáid ná ar an meán ina stóráiltear iad.

Airteagal 15

Bearta um fhaireachán ar chomhlíonadh

1. Údaráis inniúla na mBallstát arna n- ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 13, déanfaidh siad seiceálacha tráthrialta ar na maímh chomhshaoil shainráite a dhéantar agus ar na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a chuirtear i bhfeidhm ar mhargadh an Aontais. Cuirfear na tuarascálacha ina mionsonrófar torthaí na seiceálacha sin ar fáil don phobal ar líne.
2. I gcás ina mbraithfidh údaráis inniúla Ballstáit sárú ar oibleagáid a leagtar amach sa Treoir seo, déanfaidh siad meastóireacht ina gcumhdófar na ceanglais ábhartha uile a leagtar síos sa Treoir seo.
3. I gcás ina ndéanfaidh na húdaráis inniúla amach, mar thoradh ar an meastóireacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach gcomhlíonann bunús agus cur in iúl an mhaímh comhshaoil shainráite ná na scéime lipéadaithe comhshaoil na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo, tabharfaidh siad fógra don trádálaí a dhéanfaidh an maíomh faoin neamhchomhlíonadh agus éileoidh siad go ndéanfaidh an trádálaí gach beart ceartaitheach iomchuí laistigh de 30 lá chun an maíomh comhshaoil sainráite nó an scéim lipéadaithe comhshaoil a thabhairt chun comhréireachta leis an Treoir seo nó chun deireadh a chur leis an maíomh comhshaoil sainráite neamhchomhlíontach agus na tagairtí dó. Beidh an beart sin chomh héifeachtach agus chomh tapa agus is féidir, agus prionsabal na comhréireachta agus an ceart chun éisteacht a fháil á gcomhlíonadh an tráth céanna.

Airteagal 16

Gearáin a láimhseáil agus rochtain ar an gceartas

1. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó eagraíochtaí a mheastar go bhfuil leas dlisteanach acu faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, beidh siad i dteideal gearáin a bhfuil bunús leo a chur faoi bhráid na n- údarás inniúil i gcás ina measfaidh siad, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach bhfuil trádálaí ag comhlíonadh fhorálacha na Treorach seo.
2. Chun críocha na chéad fhomhíre, maidir le heintitis neamhrialtasacha nó eagraíochtaí a chuireann sláinte an duine, cosaint an chomhshaoil nó cosaint tomhaltóirí chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, measfar gur leordhóthanach a leas.
3. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar an ngearán lena bhfuil bunús dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad na bearta is gá, lena n- áirítear cigireachtaí ar an duine nó ar an eagraíocht nó éisteachtaí uathu, d'fhonn na gearáin

sin a fhíorú. Má dheimhnítear iad, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta is gá i gcomhréir le hAirteagal 15.

4. Déanfaidh na húdaráis inniúla, a luaithé is féidir agus in aon chás i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den dlí náisiúnta, an duine nó an eagraíocht dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an eolas, arb é an duine nó an eagraíocht é a chuir gearán faoi bhráid an údaráis, faoina chinneadh aontú don iarraidh ar ghníomhaíocht a chuir sé chun tosaigh ina ghearán nó diúltú dó sin, agus soláthróidh siad na cúiseanna atá leis sin.
5. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le duine nó eagraíocht dá dtagraítear i mír 1 a chuireann gearán faoi bhráid na n- údarás inniúil, ar gearán é a bhfuil bunús leis, go mbeidh rochtain acu ar chúirt nó ar chomhlacht poiblí neamhspleách neamhchlaonta eile atá inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghnásúil agus shubstainteach na gcinntí, na ngníomhartha nó na heaspa gníomhaíochta ón údarás inniúil faoin Treoir seo, gan dochar d'aon fhoráil den dlí náisiúnta lena n- éilítear nach mór nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin a bheith ídithe sula dtéitear ar iontaoibh imeachtaí breithiúnacha. Beidh na nósanna imeachta sin um athbhreithniú breithiúnach cóir, cothrom, tráthúil agus saor in aisce nó ní bheidh siad i bhfad róchostasach, agus soláthrófar leo leigheasanna leormhaithe agus éifeachtacha, lena n- áirítear faoiseamh urghaire i gcás inar gá.
6. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil don phobal maidir le rochtain ar na nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear san Airteagal seo.

Airteagal 17

Pionóis

1. Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir 2008/99/CE⁴⁸, leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo agus déanfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Agus cineál agus leibhéal na bpionós atá le forchur i gcás sárúithe á gcinneadh acu, tabharfaidh na húdaráis inniúla de chuid na mBallstát aird chuí ar a leanas:
 - (a) cineál, tromchúis, méid agus fad an tsáraithe;
 - (b) cineál beartaithe nó faillíoch an tsáraithe agus aon bheart arna dhéanamh ag an trádálaí chun an díobháil a bhain do thomhaltóirí a mhaolú nó a leigheas, i gcás inarb infheidhme;
 - (c) láidreacht airgeadais an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhreithnítear freagrach, a léirítear, mar shampla, trí láimhdeachas iomlán an duine dhlítheanaigh a bhreithnítear freagrach, nó ioncam bliantúil an duine nádúrtha a bhreithnítear freagrach;
 - (d) na sochair eacnamaíocha a dhíorthaíonn siad siúd atá freagrach as an sárú;

⁴⁸ Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

- (e) aon sárú a rinne an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach atá freagrach roimhe sin;
 - (f) aon fhachtóir géaraitheach nó maolaithe eile is infheidhme maidir le himthosca an cháis;
 - (g) pionóis a ghearrtar ar an trádálaí i leith an tsáraithe chéanna i mBallstáit eile i gcásanna trasteorann ina mbíonn faisnéis maidir leis na pionóis sin ar fáil tríd an sásra a bhunaítear le Rialachán (AE) 2017/2394, i gcás inarb infheidhme.
3. Déanfaidh na Ballstáit foráil go n- áireofar an méid seo a leanas sna pionóis agus sna bearta i leith sárúithe ar an Treoir seo:
- (a) fineálacha lena mbainfear go héifeachtach díobh siúd atá freagrach as na sárúithe a dhéanamh na sochair eacnamaíocha a dhíorthaíonn siad uathu, agus leibhéal na bhfineálacha sin á mhéadú as sárúithe leantacha;
 - (b) coigistiú ioncam arna bhfáil ag an trádálaí as idirbheart leis na táirgí ábhartha lena mbaineann;
 - (c) eisiamh sealadach ar feadh uastréimhse 12 mhí ó phróisis soláthair phoiblí agus ó rochtain ar chistiú poiblí, lena n- áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamhátais.

Chun críocha phointe (a), áirítheoidh na Ballstáit, maidir le pionóis a ghearrfar i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2017/2394⁴⁹, gur 4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an trádálaí sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann a bheidh in uasmhéid na bhfineálacha sin.

Airteagal 18

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(4) agus in Airteagal 5(8) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta thrasú na Treorach seo*]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(4) agus in Airteagal 5(8) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

⁴⁹ IO L 345, 27.12.2017, lch. 1.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(4) agus Airteagal 5(8) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse [2 mhí] i ndiaidh fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon i ndiaidh a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar síneadh [2 mhí] a chur leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 19

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fómhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 20

Faireachán

1. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar chur i bhfeidhm na Treorach seo go tráthrialta bunaithe ar an méid seo a leanas:
 - (a) forbhreathnú ar na cineálacha maíomh comhshaoil sainráite agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a bhí faoi réir gearáin a raibh bunús leo i gcomhréir le hAirteagal 16;
 - (b) forbhreathnú ar na maímh chomhshaoil shainráite agus ar na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ar cheangail údaráis inniúla ar an trádálaí bearta ceartaitheacha a dhéanamh ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 15, nó ar ghearr siad pionóis ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17.
2. San fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 sonrófar an maíomh comhshaoil sainráite nó an scéim lipéadaithe comhshaoil, cineál an tsáraithe a líomhnaítear, cineál agus fad an bhirt cheartaithigh agus, más infheidhme, an pionós a gearradh.
3. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 don Choimisiún ar bhonn bliantúil.
4. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh de bhun mhír 3 agus ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag na Ballstáit de bhun Airteagal 15(1), agus, más gá, comhairliúcháin bhreise leis na húdaráis inniúla, foilseoidh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil tuarascáil gach 2 bhliain ina mbeidh measúnú ar fhorbairt na maíomh comhshaoil sainráite agus na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil i ngach Ballstát agus le

haghaidh an Aontais ina iomláine. Cumasófar difreáil leis an tuarascáil de réir mhéid an trádálaí a dhéanfaidh an maíomh agus de réir cháilíocht an bhunús a thugtar.

Airteagal 21

Meastóireacht agus athbhreithniú

1. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta thrasú na Treorach seo*], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraíonn sé agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
2. Scrúdófar sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 ar baineadh amach cuspóir na Treorach seo, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) a áirithiú go mbeidh maímh chomhshaoil shainráite a dhéantar faoi fheidhmíocht chomhshaoil táirge nó trádálaí bunaithe ar fhaisnéis iontaofa, inchomparáide agus infhíoraíthe;
 - (b) a áirithiú go mbeidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil bunaithe ar scéimeanna deimhniúcháin agus go gcomhlíontar na ceanglais ábhartha a leagtar amach in Airteagal 8 leo;
 - (c) a áirithiú nach bhformheasfaidh na Ballstáit scéimeanna lipéadaithe comhshaoil príobháideacha a bhaineann le táirgí nó trádálaithe a chumhdaítear cheana féin le scéimeanna atá ann cheana, ach amháin má sholáthraítear breisluach leo i gcomparáid leis na scéimeanna atá ann cheana;
 - (d) na rialacha a leagan amach maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chur in iúl ar mhargadh an Aontais, agus dúbailt costas a sheachaint le linn na maímh sin a chur in iúl;
 - (e) feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú.
3. I gcás ina measfaidh an Coimisiún é a bheith iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 d'fhonn na forálacha ábhartha den Treoir seo a leasú, lena n-áirítear breithniú ar fhorálacha breise maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) deiseanna a dhíghlasáil don gheilleagar ciorclach, don bhithgheilleagar agus don gheilleagar glas trí mheasúnú a dhéanamh ar a iomchuí agus a indéanta a bheadh sainordú a thabhairt maidir le húsáid a bhaint as modh comhchoiteann agus, i gcás inarb ábhartha, modh bunaithe ar an tsaolré, chun bunús a thabhairt leis na maímh chomhshaoil;
 - (b) an t-aistriú i dtreo comhshaoil saor ó thocsainí a éascú trí bhreithniú ar thoirmeasc a thabhairt isteach ar mhaímh chomhshaoil maidir le táirgí ina bhfuil substaintí guaiseacha, ach amháin i gcás ina meastar gur fíor-riachtanach a n-úsáid don tsochaí i gcomhréir leis na critéir a bheidh le forbairt ag an gCoimisiún;
 - (c) tuilleadh comhchuibhithe a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh shonracha chomhshaoil a bhaineann le gnéithe nó tionchair chomhshaoil amhail marthanacht, ath-inúsáidteacht, indeisitheacht, in-athchúrsáilteacht, ábhar athchúrsáilte, úsáid ábhair nádúrtha, lena n-áirítear snáithíní, feidhmíocht chomhshaoil nó inbhuanaitheacht, eilimintí

bithbhunaithe, in-bhithdhíghrádaitheacht, bithéagsúlacht, cosc agus laghdú dramhaíola.

Airteagal 22

Leasú ar Rialachán (AE) 1024/2012

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 1024/2012, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘X. [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an chéad uimhir leantach eile] Treoir (AE) ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (IO L ..., dáta, leathanach: Airteagal 13(3) agus Airteagal 15)’.

Airteagal 23

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/2394

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2394, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘X. [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an chéad uimhir leantach eile] Treoir (AE) ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl ([IO L ..., dáta, leathanach](#)).’

Airteagal 24

Leasú ar Threoir (AE) 2020/1828

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2020/1828, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(X) [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an chéad uimhir leantach eile] Treoir (AE) ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl ([IO L ..., dáta, leathanach](#)).’

Airteagal 25

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta= 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo.

Airteagal 26

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 27

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Maímh Ghlasa: togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

09 - An Comhshaoil & Gníomhú ar son na hAeráide¹¹⁶

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

- beart nua
- beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart¹¹⁷
- síneadh ar bheart atá ann cheana
- beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is cuspóir don tionscnamh seo leibhéal na cosanta comhshaoil a mhéadú agus rannchuidiú le dlús a chur leis an aistriú glas i dtreo geilleagar ciorclach, glan agus neodrach ó thaobh aeráide de san Aontas Eorpach, tomhaltóirí agus cuideachtaí a chosaint ar ghlas- snasú agus é a chur ar a gcumas do na tomhaltóirí rannchuidiú le dlús a chur leis an aistriú glas trí bhíthin cinntí feasacha ceannaigh a dhéanamh bunaithe ar mhaímh agus ar lipéid chomhshaoil inchreidte, feabhas a chur ar an deimhneacht dhlíthiúil a mhéid a bhaineann le maímh chomhshaoil agus leis an gcothroime iomaíochta ar an margadh inmheánach, borradh a chur faoi iomaíochas na n-oibreoirí eacnamaíoch a dhéanann iarrachtaí chun inbhuaine comhshaoil a dtáirgí agus a ngníomhaíochtaí a mhéadú, agus deiseanna coigiltis chostais a chruthú le haghaidh oibreoirí den sórt sin a bhíonn i mbun na trádála thar theorainneacha.

Comhlánaítear leis na hathruithe a bheartaítear ar na Cleachtais Tráchtála Éagothroma a bheartaítear.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Rialacha AE a bhunú maidir le maímh ghlasa dheonacha, ar rialacha iad is infheidhme maidir le trádálaithe a oibríonn san Aontas Eorpach (cé is moite de mhicrifhiontair i gcás forálacha áirithe) maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil/scéimeanna lipéadaithe comhshaoil agus iad a chur in iúl agus a fhíorú.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Trí bhíthin na cuspóirí sonracha a bhaint amach, bheadh tuilleadh oibreoirí margaidh in ann faisnéis iontaofa ar an gcomhshaoil a chomhtháthú ina gcuid cinnteoireachta

¹¹⁶ I gcás na Maíomh Glas, is é an Margadh Aonair bunús dlí an tionscnaimh ach tagann acmhainní buiséadacha ó 09 – An Comhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide.

¹¹⁷ Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

(e.g. cinntí ceannaigh, rogha soláthróirí nó comhar le soláthróirí agus comhpháirtithe gnó, dearadh táirgí, roghanna soláthair).

Bheadh tomhaltóirí in ann iontaoibh a bheith acu as na maímh chomhshaoil maidir leis na táirgí a cheannaíonn siad, rud a chuirfeadh ar a gcumas dóibh breithnithe comhshaoil a chomhtháthú ar bhealach níos córasaí ina gcinntí ceannaigh.

Spreagfadh sé sin tuilleadh éilimh ar tháirgí agus réitigh níos glaise, rud a chuirfeadh borradh faoin bhfás ar mhargaí glasa. Dhíghlasálfadh sé deiseanna sa slabhra soláthair le haghaidh tuilleadh éifeachtúlachta agus feidhmíocht chomhshaoil níos fearr. Rannchuideodh sé sin leis an gcuspóir ginearálta a bhaineann le deiseanna a dhíghlasáil don gheilleagar ciorclach agus glas. Dá mbunófaí cur chuige AE i leith maímh chomhshaoil thabharfaí aghaidh ar an gcuspóir ginearálta a bhaineann le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú, go háirithe feidhmiú na margaí glasa.

Dá ndéanfaí cur chuige chomhchoiteann AE lena bhfreagrófaí don chuspóir maidir le hiontaofacht, inchomparáideacht agus infhíoraitheacht, d'fhágfadh sé sin go mbeadh sé níos éasca d'fhorfheidhmitheoirí maímh a sheiceáil, rud a chuirfeadh lena n-éifeacht tuilleadh. Dhéanfaidh sé sin spreagthaí le haghaidh feidhmíocht chomhshaoil níos fearr ó thaobh táirgí agus trádálaithe de a neartú tuilleadh, rud a rannchuideodh le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

1. Tá maímh chomhshaoil maidir le táirgí agus cuideachtaí iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe: sciar de mhaímh chomhshaoil iontaofa a mhéadú, agus dá réir sin sciar de mhaímh chomhshaoil mhíthreoracha a laghdú, rud a ndéantar faireachán air trí na nithe seo a leanas:

o An líon maíomh chomhshaoil lena n-urramaítear (nó nach n-urramaítear) ceanglais an tionscnaimh maidir le maímh ghlasa;

o Cur chun feidhme éifeachtach an tionscnaimh maidir le maímh ghlasa;

o An sciar d'údaráis náisiúnta a mheasann go bhfuil sé níos éasca aghaidh a thabhairt ar ghlas- snasú de bharr na Treorach.

2. Tá iontaoibh ag úsáideoirí faisnéise as faisnéis ar an gcomhshaoil: iontaoibh úsáideoirí faisnéise (tomhaltóirí, gnólachtaí, infheisteoirí, údaráis riaracháin phoiblí agus ENRanna) as maímh chomhshaoil a mhéadú, rud a ndéantar faireachán air trí na nithe seo a leanas:

o Leibhéal iontaoibhe tomhaltóirí as maímh chomhshaoil;

o Leibhéal iontaoibhe tomhaltóirí as lipéid inbhuanaitheachta;

o Leibhéal iontaoibhe úsáideoirí eile faisnéise (gnólachtaí, infheisteoirí, údaráis riaracháin phoiblí, ENRanna) as maímh chomhshaoil ina raon feidhme.

3. Tá feabhas tagtha ar fheidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí: forbairt dhearfach ar luachanna tagarmhairc i Rialacha Catagóire maidir leis an Lorg Comhshaoil Táirge (PEFCRanna) agus torthaí próifíle an Loirg Comhshaoil Táirge (PEF) agus an Loirg Comhshaoil Eagraíochta (OEF) lena léirítear treocht go bhfuil táirgí agus eagraíochtaí ag éirí níos glaise; lorg tomhaltais an Aontais a laghdú (de réir [tháscaire an loirg tomhaltais arna fhorbairt ag JRC](#)), lena gcumhdaítear gach

ceann de na 16 thionchar comhshaoil a bhaineann le modhanna an Loirg Comhshaoil. Déanfar faireachán air sin leis na táscairí seo a leanas:

- o Forbairt luachanna tagarmhairc in PEFCRanna;
- o Forbairt thorthaí próifile an loirg comhshaoil ar PEF agus OEF le himeacht ama;
- o Forbairt an loirg tomhaltais san Aontas Eorpach.

4. Déantar constaicí ar mhargaí glasa a laghdú: déantar na constaicí a bhaineann le modhanna líonmhara a chomhlíonadh agus le faisnéis ar an gcomhshaoil a sholáthar a laghdú. Déanfar faireachán air sin leis na táscairí seo a leanas:

- o Dearcadh gnólachtaí ar an margadh inmheánach maidir le táirgí glasa.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Riachtanais ghearrthéarmacha

Beidh 2 bhliain ag na Ballstáit chun an Treoir a thrasú. Tá dlúthbhaint ag an togra seo leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma, a mhol an Coimisiún i mí an Mhárta 2022, agus tá coinne leis go ndéanfar an dá Threoir a thrasú go comhpháirteach.

Anuas ar thrasú na rialacha maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl, beidh ar na Ballstáit nós imeachta a bhunú chun bunús maíomh comhshaoil a fhíorú maidir le táirgí/trádálaithe a chuirtear ar an margadh, chomh maith le scéimeanna éicilipéadaithe a fhíorú, agus údaráis inniúla agus sásra comhordaithe a ainmniú.

Déantar foráil leis an togra nach mór bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil dheonacha bunaithe ar mheasúnú ina gcomhlíontar ceanglais shonracha a leagtar amach in Airteagal 3. I gcásanna ina nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena mbunaítear rialacha atá bunaithe ar an tsaolré do ghrúpaí nó earnálacha táirgí sonracha, beidh na hoibreoirí eacnamaíocha in ann bunús a thabhairt le maímh shonracha maidir le tionchair chomhshaoil ar a mbonn.

Chun tacú le cur chun feidhme na Treorach seo, agus go gairid tar éis a teachta i bhfeidhm, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun mionsonraí a sholáthar maidir le foirm an deimhnithe a bheidh le heisiúint ag fíoraitheoir na maíomh comhshaoil, mar a shonraítear in Airteagal 12.

Ceanglais leanúnacha

Cuirfear d'oibleagáid ar na húdaráis inniúla seiceálacha tráthrialta a dhéanamh ar na maímh chomhshaoil a úsáidtear ar mhargadh an Aontais.

Cuirfear d'oibleagáid ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach go tráthrialta bunaithe ar fhorbhreathnú ar mhaímh chomhshaoil ar tugadh fógra ina leith do na húdaráis forfheidhmiúcháin; forbhreathnú ar na maímh chomhshaoil ar cheangail údaráis forfheidhmithe ar an eagraíocht atá freagrach as bearta ceartaitheacha a dhéanamh ina leith, agus, más infheidhme, a bhfuil bearta forfheidhmithe déanta acu ina leith. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis sin don Choimisiún ar bhonn bliantúil.

5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraíonn sé agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí i láthair in éineacht le togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, chun forálacha ábhartha na Treorach seo a leasú.

Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de réir Airteagal 3(4) i ndáil leis na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a shonrú tuilleadh. Is próiseas leanúnach a bheidh i gceist leis sin chun modhanna lena dtugtar bunús a fhorbairt a thuilleadh.

Cumhachtófar an Coimisiún freisin chun gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh chun na ceanglais maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 8(8) agus (9).

- 1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Tá sé fíor-riachtanach cothroime iomaíochta a áirithiú le haghaidh oibreoirí eacnamaíochta i dtéarmaí na gceanglas atá le comhlíonadh le linn maíomh comhshaoil a dhéanamh, lena n-áirítear na ceanglais maidir leis an bhfaisnéis agus na sonraí a bheidh le húsáid, trí shraith chomhchoiteann rialacha a chur i bhfeidhm laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais.

Bunaithe ar an *status quo*, agus dá mba rud é go ngníomhódh na Ballstáit go haonarach, tá riosca ard ann go mbeadh roinnt mhaith córas éagsúil in iomaíocht lena chéile, bunaithe ar mhodhanna agus cuir chuige dhifriúla agus neamh-inchomparáide, rud a fhágfadh go mbeadh an margadh inmheánach ilroinnte, go háirithe i gcás táirgí trasteorann a thrádáiltear ar an margadh inmheánach, rud a mhéadóidh an riosca go mbeadh leibhéil mhíchothroma feasachta agus faisnéise ann maidir le feidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí ar fud an Aontais, agus go mbeadh costais bhreise i gceist le haghaidh cuideachtaí a dhéanann trádáil trasteorann (go háirithe má bhíonn orthu modhanna éagsúla a úsáid nó scéimeanna lipéadaithe éagsúla a chomhlíonadh).

In éagmais gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais, leanfaidh na hoibreoirí margaidh d'aghaidh a thabhairt ar fhaisnéis mhíthreorach maidir le gnéithe comhshaoil, agus an tráth céanna chuirfeadh constaicí ar an margadh inmheánach bac ar ghnólachtaí a bheith ag oibriú i gcoinníollacha coibhéiseacha. Ina theannta sin, gnéithe áirithe, amhail modhanna a fhorbairt chun bonn taca a chur faoi mhaímh shonracha agus bunachair sonraí ghaolmhara a bhunú (más gá), ní féidir iad a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta, i bhfianaise a raoin feidhme i dtéarmaí a gcumhdaigh táirgí, earnálacha nó réigiún geografach.

Is léir go bhfuil breisluch ag baint le comhcheanglais a shocrú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, toisc go socrófaí cothroime iomaíochta le haghaidh gnólachtaí a oibríonn san Aontas le margadh inmheánach Eorpach atá comhchuibhithe agus a fheidhmíonn go maith.

Tá coinne leis, tar éis na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, go gcuirfeadh cosc ar na Ballstáit bearta atá sonracha go haontaobhach a thabhairt isteach agus go laghdófar leis an Treoir an riosca go ndéanfaí ilroinnt dhlíthiúil ar an margadh aonair

agus déanfaidh rialtais agus an earnáil phríobháideach coigilteas costais mar thoradh uirthi.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Leis an tionscnamh comhlánaítear na hathruithe a bheartaítear ar an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma a bheartaítear (UCPD) arna déanamh ag an gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Forbraíonn sé na ceachtanna a foghlaimíodh ar chur chun feidhme UCPD agus an gá atá le rialacha sonracha maidir le bunús a thabhairt le maímh ghlasa shainráite, maidir le cumarsáid agus le fíorú. Tarraingíonn sé na ceachtanna freisin ar iomadú scéimeanna éicilipéadaithe. Baineann ceachtanna eile a foghlaimíodh le forbairt an Éicilipéid AE, EMAS, agus forbairt mhodhanna an loirg comhshaoil.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ibhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tagann na tionscnaimh faoi scáth an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, lena dtreoraítear straitéis téarnaimh an Aontais. Aithníonn an Comhaontú Glas na buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh inár n-inbhuanaitheacht iomaíoch trí Eoraip atá níos cothroime, níos glaise agus níos digítí a thógáil.

Maoinítear an tionscnamh faoi Cheannteideal 3 (Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol), Teideal 9 (An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide) den Chreat Airgeadais Ibhliantúil. Mar a mhionsonraítear thíos, beidh gá le tuilleadh acmhainní daonna, caiteachas faoin gclár LIFE agus roinnt caiteachais tacaíochta san EEA chun an cur chun feidhme a dhéanamh. Cúiteofar an méadú comhfhreagrach ar an bhfóirdheontas EEA ó chlár an Aontais don chomhshaol agus do ghníomhú ar son na haeráide (LIFE).

D'fhéadfaí tacaíocht a sholáthar do ghnólachtaí i réimsí beartais eile chun na ceanglais maidir le bunús a thabhairt leis na maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl a chur chun feidhme, e.g. mar a leagtar síos i ngníomhartha tarmligthe de réir Airt. 3, go háirithe maoiniú ón Aontas a sholáthraítear ar nuálaíocht agus infheistíochtaí do ghnólachtaí, go háirithe do FBManna. Le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, trí speisialtóireacht chliste, trí LIFE agus trí Fhís Eorpach, comhlánaítear cistiú don nuálaíocht phríobháideach agus tacaítear le timthriall na nuálaíochta ina iomláine agus é d'aidhm aige sin réitigh a chur ar fáil ar an margadh. Leis an gClár don Eoraip Dhigiteach seoladh an Ghníomhaíocht Chomhbheartaithe CIRPASS in 2022 agus é mar chuspóir aici féidearthachtaí a oscailt le haghaidh sreafaí oibre nuálacha, go háirithe chun ciorclaíocht an tsreafa earraí inlámhsithe a chur chun cinn, ach chomh maith leis sin le haghaidh faisnéise do thomhaltóirí trí shamhail sonraí táirge trasearnála a shainiú don phas táirge digiteach agus é léirithe go mbeadh sí úsáideach don Gheilleagar Ciorclach.

Tá an Ciste Nuálaíochta ar cheann de na cláir chistiúcháin is mó ar domhan chun teicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha ísealcharbóin a léiriú. Cuirfidh sé tacaíocht tuairim is EUR 10 billiún ar fáil le haghaidh na tréimhse 2020-2030, agus é d'aidhm leis réitigh thionsclaíochta a chur ar an margadh chun an Eoraip a dhícharbónú agus chun tacú lena haistriú chuig neodracht aeráide.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Rinneadh measúnú ar roinnt roghanna, lena n- áirítear cumhdach ó sheirbhísí ENV amháin le meascán de sheirbhísí a sholáthar le haghaidh tacair sonraí, agus fiosrú a dhéanamh ar chomhar le seirbhísí agus gníomhaireachtaí eile. An rogha ab fhearr a coinníodh ba ea seirbhísí a sholáthar le haghaidh tacair sonraí ó AS an Chomhshaoil in éineacht le rannchuidiú le EEA chun saineolas a lorg óna foireann.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2024 go 2027,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe¹¹⁸

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- comhlachtaí dlí phoiblí;
- comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

¹¹⁸ Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: <https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Baineann soláthar, socrú riaracháin le JRC, méadú ar an ranníocaíocht le EEA agus an tionchar ar COM HR leis na tionscnaimh. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

N/B – cf. thuas.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

N/B – cf. thuas.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

N/B – cf. thuas.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaíse.

N/B – cf. thuas.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheanteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ¹¹⁹ .	ó thíortha de chuid CSTE ¹²⁰	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach ^{a121}	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
3	09 02 02 An Geilleagar Ciorclach agus cáilíocht saoil	LD.	TÁ	NÍL	TÁ	NÍL
3	09 10 02 An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil	LD.	TÁ	TÁ	NÍL	NÍL
7	20 01 02 01 – Luach saothair agus liúntais	LN.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
7	20 02 01 03 – Státseirbhísigh náisiúnta atá sannta go sealadach chun na hinstiúide	LN.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
7	20 02 06 02 — Cruinnithe, grúpaí saineolaithe	LN.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

N/B

¹¹⁹ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

¹²⁰ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

¹²¹ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	3	Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol
--	----------	--------------------------------------

Ard-Stiúrthóireacht: An Comhshaol			2024	2025	2026	2027 agus ina dhiaidh sin	IOMLÁN
○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
09 02 02 An Geilleagar Ciorclach agus cáilíocht saoil	Gealltanais	(1)	2,540	6,964	5,264	5,214	19,982
	Íocaíochtaí	(2)	2,540	6,964	5,264	5,214	19,982
IOMLÁN leithreasuithe do AS an Chomhshaoil	Gealltanais	=(1)	2,540	6,964	5 264	5,214	19,982
	Íocaíochtaí	=(2)	2,540	6,964	5 264	5,214	19,982

Beidh gá leis an méid a thuairiscítear thuas chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a mhaoiniú:

- Tacair sonraí tánaisteacha an Loirg Comhshaoil (EF) a fháil, ar tacair sonraí iad lena soláthraítear príomhshonraí meánacha maidir le tomhaltas acmhainní agus astaíochtaí le haghaidh príomhphróiseas is féidir le roinnt mhaith cuideachtaí a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar a slabhraí luacha, sonraí a fháil agus a fhorbairt chun bearnaí sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann a líonadh, na costais forbartha a bhaineann le hardán TF do bhunachar sonraí an loirg comhshaoil chomh maith le cothabháil an bhunachair sonraí don tréimhse 2026- 2027 (EUR 10,095 milliún). Leis an rochtain ar thacair sonraí an loirg comhshaoil tacófar le cuideachtaí, go háirithe FBManna, chun an Treoir maidir le Maímh Ghlasa a chomhlíonadh ar bhealach níos costéifeachtaí agus ar lú an t- ualach a bhaineann

leis. Beidh rochtain éasca ar shonraí ardchaighdeáin a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil táirgí ina príomhchumasóir do gach cuideachta, ach go háirithe do FBManna, chun bunús a thabhairt lena maímh chomhshaoil ar bhealach láidir nach mbaineann leis an gceist an bhfuil gníomhartha tarmligthe bunaithe ar Airt 3 den togra seo maidir le maímh chomhshaoil i bhfeidhm nó nach bhfuil. Cuideoidh rochtain phoiblí ar thacair sonraí loirg chomhshaoil le beartais eile de chuid an Aontais maidir leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun feidhme agus cuideofar le tomhaltóirí na roghanna cearta a dhéanamh, amhail an togra maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (ESPR)¹²². Tugtar isteach le ESPR an fhéidearthacht chun ceanglais faisnéise shainordaitheacha a leagan síos, a fhéadfar a nascadh le ceanglais maidir le lipéadú freisin, rud as a n- eascróidh sreabha faisnéise feabhsaithe trí Phasanna Táirge Digiteacha. Tacóidh tacair na sonraí loirg comhshaoil leis na ceanglais faisnéise agus feidhmíochta a ríomh agus a leagan síos, e.g. a bhaineann leis an lorg carbóin agus comhshaoil, mar a foráladh le togra ESPR, bunaithe ar thacar comhchuibhithe de shonraí tánaisteacha ardcháilíochta.

- Staidéir agus suirbhéanna a sholáthar maidir le húsáid na modhanna chun bunús a thabhairt arna n- úsáid ag páirtithe leasmhara agus meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir maidir le Maímh Ghlasa (EUR 0,150 milliún)
- Beidh ról lárnach ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde i dtacú leis an gCoimisiún le roinnt den obair theicniúil a bheidh de dhíth. Tá coinne leis go mbeidh costas thart ar EUR 1,700 milliún ag baint leis an Socrú Riaracháin
- Tacaíocht riaracháin agus theicniúil chun gníomhartha tarmligthe a ullmhú de réir Airt 3(4) i ndáil leis na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a shonrú a thuilleadh, lena socraítear rialacha bunaithe ar an tsaolré do ghrúpaí nó earnálacha táirgí sonracha, is caiteachas tábhachtach a bheidh ag baint leis sin freisin. Leis an líne bhuiséid sin tugtar cuntas in ullmhú 6 ghníomh tarmligthe den sórt sin (EUR 6,827 milliún)
- Beartha tionlacain chun cuidiú le FBManna oiriúnú don treoir seo, lena n- áirítear uirlisí ríofa a fhorbairt bunaithe ar na ceanglais ar a dtugtar tuairisc i ngníomhartha tarmligthe de réir Airt 3(4) (EUR 1,210 milliún).

Gníomhaireacht: EEA			2025	2026	2027	IOMLÁN
Teideal 1: Caiteachas ar phearsanra	Gealltanais	(1a)	0,180	0,367	0,375	0,922
	Íocaíochtaí	(2a)	0,180	0,367	0,375	0,922

¹²²

Le fáil ag https://environment.ec.europa.eu/publications/proposal-ecodesign-sustainable-products-regulation_en

Teideal 2: Bonneagar	Gealltanais	(1b)				
	Íocaíochtaí	(2b)				
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(1c)	0,095	0,065	0,065	0,225
	Íocaíochtaí	(2c)	0,095	0,065	0,065	0,225
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh EEA	Gealltanais	=1a+1b +1c	0,275	0,432	0,440	1,147
	Íocaíochtaí	=2a+2b +2c	0,275	0,432	0,440	1,147

Áirítear le costais EEA costais le haghaidh 2 FTE breise (1 TA agus 1 CA), chomh maith le caiteachas oibríochtúil, chun faireachán a dhéanamh ar na maímh chomhshaoil arna gcur ar mhargadh an Aontais tar éis an Treoir a chur chun feidhme mar a shonraítear in Airteagal 20(4). Cuirfear de chúram ar an nGníomhaireacht anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar an bhfaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit mar a shonraítear in Airteagal 20(1) – (3) agus foilseoidh sí tuarascálacha gach 2 bhliain ina ndéanfar measúnú ar fhorbairt na maíomh glas ar fud an Aontais. Áirítear sa mheastachán sin an chuid is mó den fhianaise le haghaidh na dtuarascálacha débhlíantúla atá le tiomsú ag na Ballstáit agus le tuairisciú don leibhéal Eorpach trí cheistneoirí. Molfaidh EEA na ceistneoirí sin i gcomhaontú le AS an Chomhshaoil agus cumasóidh sí trí bhíthin uirlis chaighdeánach leictreonach iad. Is meascán de staitisticí maidir le maímh ina margaí náisiúnta agus tuairisc cháilíochtúil ar chineál na maíomh bréagach agus na bearta ceartaitheacha a chuirfear chun feidhme a bheidh san fhaisnéis a thuairisceoidh na Ballstáit. Beidh cúraimí na foirne sin de chineál buan chun tuairisciú a dhéanamh ó thíortha agus an tuarascáil anailíse a tháirgeadh gach 2 bhliain chomh maith le tacú le cúraimí is gá sa chúlra (riarachán, cumarsáid, forbairt TF, tacaíocht ghnó, etc.).

<input type="checkbox"/> IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí			2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
	Gealltanais	(4)	2,540	7,239	5,696	5,654	21,129
	Íocaíochtaí	(5)	2,540	7,239	5,696	5,654	21,129
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 3 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4	2,540	7,239	5,696	5,654	21,129

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	"Caiteachas riaracháin"
--	----------	-------------------------

Chun an roinn seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ a iontráladh ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáladh ar an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2024	2025	2026	2027 agus ina dhiaidh sin	IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: An Comhshaol						
<input type="checkbox"/> Acmhainní daonna		0,606	0,606	0,606	0,606	2,424
<input type="checkbox"/> Caiteachas riaracháin eile		0,180	0,180	0,180	0,180	0,720
IOMLÁN AS an Chomhshaoil	Leithreasuithe	0,786	0,786	0,786	0,786	3,144

Cuimsíonn an fhoireann atá ann faoi láthair in AS an Chomhshaoil 2 oifigeach FTE (AD) a dhéileálann le hábhair a bhaineann le beartas agus 2 oifigeach FTE (AD) a dhéileálann le saincheistanna modheolaíochta. Beidh an fhoireann sin fíor-riachtanach amach anseo freisin agus tá coinne leis go ndéileálfadh sí leis na cúraimí seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tionscnamh um maímh ghlasa amhail comhordú beartais, plean oibre an tionscnaimh um maímh ghlasa (lena n-áirítear cumhdach páirteach ar fhorbairt ceanglas breise a bhaineann le maímh shonracha), comhordú foirne, faireachán, caidreamh le páirtithe leasmhara. Leis na gníomhaíochtaí sin éilítear acmhainní 2 oifigeach FTE.
- Forbairt bhreise ar an lorg comhshaoil agus modhanna eile chun bunús a thabhairt le maímh ghlasa i gcomhréir le hAirt 3: grúpaí saineolaithe a rith, céim an aistriúcháin PEFCRanna/OEFSRanna a bhainistiú (lena n-áirítear an cúram breise a bhaineann le glacadh CE

má chorpraítear codanna i ngníomhartha tarmligthe de réir Airt 3(4) i ndáil leis na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a shonrú a thuilleadh amach anseo). Leis na gníomhaíochtaí sin éilítear acmhainní 1 oifigeach FTE.

- Sonraí tánaisteacha a bhaineann leis an lorg comhshaoil a bhainistiú: bainistíocht conarthaí, seiceálacha sonraí, forbairt an bhunachair sonraí, etc. Leis na gníomhaíochtaí sin éilítear acmhainní 1 oifigeach FTE.

Go ginearálta, le cúraimí a bhaineann leis an Measúnú Saolré (e.g. forbairt modhanna agus sonraí) agus cúraimí a bhaineann le forbairt modhanna agus sonraí chun bunús a thabhairt le maímh ghlasa, éilítear eolas teicniúil/eolaíoch speisialaithe agus go mbeadh oideachas eolaíoch ar leibhéal PhD ag an duine in éineacht le blianta taithí sa réimse. Ní féidir foireann den sórt sin a mhealladh le coinníollacha gníomhairí ar conradh. Dá bhrí sin, ba cheart na cúraimí sin a chumhdach trí phoist oifigiúla, agus mura bhfuil foireann speisialaithe ar fáil go himhneánach, ba cheart na cúraimí sin a oscailt do phoist le haghaidh gníomhairí sealadacha.

Dá bhrí sin, iarrann AS an Chomhshaoil foireann bhreise (**3 AD agus 1 END** de réir dháileadh na bpost thíos) a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

- 6-7 ngníomh tarmligthe a ullmhú de réir Airt 3(4) i ndáil leis na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a shonrú a thuilleadh chun maímh áirithe a rialú, e.g. maidir le hindeisitheacht, in- athchúrsáilteacht, marthanacht nó rialacha sonracha bunaithe ar an tsaolré a bhunú do ghrúpaí nó earnálacha táirgí áirithe;
- gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú lena leagtar amach nósanna imeachta ábhartha chun formheas a fháil ó na húdaráis náisiúnta maidir le scéimeanna lipéadaithe príobháideacha nua agus formáid an deimhnithe comhréireachta le haghaidh maíomh agus scéimeanna lipéadaithe;
- gníomhartha tarmligthe a ullmhú lena sonraítear a thuilleadh na critéir maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a fhorghnóthú dá dtagraítear in Airteagal 8 chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ar fud an Aontais a áirithiú;
- meastóireacht a dhéanamh ar scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ar tugadh fógra fúthu arna mbunú ag údaráis phoiblí i dtríú tíortha arb é is aidhm dóibh a bheith ag oibriú ar mhargadh an Aontais agus cinntí formheasa ón gCoimisiún faoi seach a ullmhú d'fhonn a áirithiú go soláthrófar breisluach leis na scéimeanna sin i dtéarmaí a n- uaimhíne comhshaoil, a gcumhdach ar thionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, nó ar ghrúpa nó earnáil táirgí áirithe, agus go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leo;
- staidéir ullmhúcháin, staidéir athbhreithnithe agus staidéir eile a mhaoirsiú agus gníomhartha tarmligthe á n- ullmhú;
- an bunachar sonraí loirg comhshaoil a fhorbairt agus a bhainistiú, ar bunachar sonraí é is ábhartha maidir leis an mbeartas seo agus le cinn eile amhail ESPR, an Rialachán maidir le Ceallraí nó tacsanomaíocht;

Ina theannta sin, tá dhá ghrúpa saineolaithe rannpháirteach sa bheartas seo agus ba cheart go gcumhdófaí trí chruinniú in aghaidh na bliana le haghaidh gach grúpa saineolaithe leis an mbuiséad.

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	0,786	0,786	0,786	0,786	3,144
--	---	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2024	2025	2026	2027 agus ina dhiaidh sin	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	3,326	8,025	6,482	6,440	24,273
	Íocaíochtaí	3,326	8,025	6,482	6,440	24,273

3.2.2. An t-*aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
	ASCHUIR						

↓	Cineál ¹²³	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ¹²⁴ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 2																		
IOMLÁN																		

¹²³ Is éard is aschuir ann táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

¹²⁴ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

3.2.3. An tionchar measta ar leithreasuithe riaracháin EEA agus COM

3.2.3.1. An tionchar measta ar acmhainní daonna EEA

Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin

Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2025	2026	2027	IOMLÁN
--	------	------	------	--------

Foirne sealadacha (Gráid AD)	0,117	0,240	0,244	0,602
Foirne sealadacha (gráid AST)				
Baill foirne ar conradh	0,063	0,128	0,130	0,320
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht				

IOMLÁN	0,180	0,367	0,375	0,922
---------------	--------------	--------------	--------------	--------------

Riachtanais foirne (FTE):

	2025	2026	2027	IOMLÁN
--	------	------	------	--------

Foirne sealadacha (Gráid AD)	1	1	1	
Foirne sealadacha (gráid AST)				
Baill foirne ar conradh	1	1	1	
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht				

IOMLÁN	2	2	2	
---------------	----------	----------	----------	--

3.2.3.2. Ceanglais mheasta maidir le leithreasuithe riaracháin sa Choimisiún

3.2.3.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin

Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2024	2025	2026	2027 agus ina dhiaidh sin	IOMLÁN
--	------	------	------	---------------------------------	--------

CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil					
Acmhainní daonna	0,606	0,606	0,606	0,606	2,424
Caiteachas riaracháin eile	0,180	0,180	0,180	0,180	0,720
Fo- iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	0,786	0,786	0,786	0,786	3,144

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7¹²⁵ den chreat airgeadais ilbhliantúil					
	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B
Acmhainní daonna					
Caiteachas eile de chineál riaracháin					
Fo- iomlán Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B

IOMLÁN	0,786	0,786	0,786	0,786	3,144
---------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------

¹²⁵ Cúnamh teicniúil agus/nó riaracháin agus caiteachas ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais (seanlínite ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indéach, taighde díreach.

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfead an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	2024	2025	2026	2027 agus ina dhiaidh sin
20 01 02 01 (Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	3	3	3	3
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)				
01 01 01 01 (Taighde indíreach)				
01 01 01 11 (Taighde díreach)				
Línte buiséid eile (sonraigh)				
20 02 01 (CA, SNE, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')	1	1	1	1
20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD sna toscaireachtaí)				
XX 01 xx yy zz 126	- sa ceannteathrú			
	- i dtoscaireachtaí			
01 01 01 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)				
01 01 01 12 (CA, SNE, INT – taighde díreach)				
Línte buiséid eile (sonraigh)				
IOMLÁN	4	4	4	4

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Cf. an míniú a thugtar ar H7 foráil i roinn 3.2.1.
Pearsanra seachtrach	Cf. an míniú a thugtar ar H7 foráil i roinn 3.2.1.

¹²⁶

Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Úsáidfeadh imchlúdach LIFE (línte buiséid 09.02.02) chun an méadú ar fhóirdheontas EEA a fhritháireamh.

- is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.
- is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

3.2.5. Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ní dhéantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe
- déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ¹²⁷	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

¹²⁷

Is í bliain N an bhliain ina gcuirfeadh tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheith ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ar acmhainní dílse
 - ar ioncam eile
 má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncain:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ¹²⁸				
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)
Airteagal						

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

¹²⁸

Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.